www.gaelsceal.ie

Todhchaí breá i ndán do réaltaí óga L. 31

An Bhliain Bhisigh! L. 25

Focail le Gaoth Le Concubhar Ó Liatháin L. 8

Foras na Gaeilge ar a gcosaint L. 4

Deis stairiúil an Ghaeilge a athbheochan L. 7

Gaelscéal AR SCOIL

Comhar na Múinteoirí Gaeilge

Nótaí tacaíochta le Comhar na Múinteoirí Gaeilge L. 22 agus 23

ISSN 2009-3055

€1.65 (£1.50)
Uimh. 9

Gaelscéal

Ag Cothú Phobal na Gaeilge

29.02.2012

"Caithfidh Fianna Fáil éirí níos radacaí": Ó Cuív

Ráiteas láidir ó TD Ghaillimh Thiar ar tháirseach Ard-Fheis Fhianna Fáil

Máirtín Ó Catháin

NÍ baileach gurb é an port céanna a bhí ag Leascheannaire Fhianna Fáil, Éamon Ó Cuív, agus a bhí ag Teachta Dála an pháirtí i Maigh Eo, Dara Calleary ar maidin Dé Luain seo caite i dtaobh thorthaí phobalbhreith an Domhnaigh. Bhí Fianna Fáil tite 4 phointe agus Sinn Féin ardaithe 4 phointe.

"Níor cheart béim mhór a leagan air sin," a deir an Teachta Colleary.

Ach an tseachtain a raibh Fianna Fáil ag réiteach don chéad Ard-Fheis tar éis Olltoghcháin thubaisteach na bliana anuraidh, bhí dearcadh eile ag Éamon Ó Cuív ar an bpobalbhreith.

"Údar mór diomú a bhí ann," arsa an Teachta Ó Cuív agus é ag labhairt le Gaelscéal.

"Caithfidh mé a rá go gcreidim sna pobalbhreitheanna," a deir sé.

"Ní gá go bhfuil na figiúirí cruinn ar fad ach, ina dhiaidh sin féin, tugann siad léargas ar chlaonadh, bealach amháin nó an bealach eile".

Ní ghéillfeadh an Teachta Ó Cuív don bharúil go raibh an pobalbhreith ag taobhú le Sinn Féin mar gur féidir leo tabhairt faoin Rialtas. Creideann sé go bhfuil an scéal níos casta ná sin.

Ar lean ar leathanach 2

Sluaite amuigh i nGaoth Dobhair i gcoinne chiorruithe ar scoileanna

Cuid den slua a bhí ag agóid in aghaidh ciorraithe ar scoileanna beaga i nGaoth Dobhair ar an Satharn seo caite. (PIC: EOIN MC GARVEY)

Post ÚnaG le fógairt faoi dheireadh

Katie McGreal

Faoi dheireadh thiar thall, fuair Údarás na Gaeltachta cead ón rialtas príomhfheidhmeannach nua a cheapadh ag tús na míosa seo agus an tseachtain seo tá an post fógartha in Gaelscéal.

D'éirigh an príomhfheidhmeannach deiridh, Padraig Ó hAoláin, as an bpost i mí na Nollag 2010.

Is é Seán Ó Labhraí atá ina phríomhfheidhmeannach gníomhach san eagraíocht ó shin i leith.

Síle dóchasach

Katie McGreal

LABHAIR Síle Seoige amach faoina hailse thíoróideach den chéad uair an tseachtain seo in agallamh leis an 'Sunday Independent'. Tá sí dóchasach go n-éiríodh léi an ceann is fear a fháil ar an tinneas.

Fuair sí amach go raibh ailse ina thíoróideach i Meán Fómhair seo caite. Coicíse ina dhiaidh sin, bhaineadar a tíoróideach ar fad amach le linn obráide Agus tá sé mí caite aici ag troid i gcoinne na hailse ó shin.

Labhair sí amach faoin tinneas toisc go raibh sí ag iarraidh deireadh a chur le cuid mhór ráflaí a bhí ag dul thart agus ghlac sí buíochas leis na daoine a chuir teachtaireachtaí maithe chuici trí Twitter.

NUACHT NÁISIÚNTA

"Caithfidh Fianna Fáil éirí níos radacaí": Ó Cuív

Ar lean ó leathanach a haon

"Tá an pobal grinn," a deir Éamon Ó Cuív, "agus ní féidir le páirtí ar bith - is cuma cén chaith a dhéanfaidh siad sa Dáil - an púicín a chur orthu. Silim go bhfuil an cheist níos doimhne ná óráidí agus gleo Dála".

Dúirt an Teachta Ó Cuív nár éirigh le Fianna Fáil seasamh sách soiléir a thógáil ar roinnt ábhar ó chuadar sa bhfreasúra.

"Caithfidh Fianna Fáil a bheith an-chúramach nach sáinníonn muid an páirtí seo le polasaithe a bhí againn nuair a bhi muid sa Rialtas," a deir Ó Cuív. "Bhí cuid de na polasaithe sin nach raibh foirfe," a deir sé. Ag coinneáil ar an téad sin, dúirt an Teachta Ó Cuív: "Caithfimid a theacht amach le polasaíthe maithe, láidre bunaithe ar an gcaoi a bhfuil an

Eamon O Cuiv

saol anois. Caithfidh muid imeacht ón gcur chuige a bhí againn sa Rialtas. Caitheadh amach muid de bharr an chur chuige sin agus ní mór dúinn éisteacht leis an bpobal."

Dúirt Éamon Ó Cuív go dteastaíonn polasaíthe 'nua agus raidiceach' i bhFianna Fáil le dhul i ngleic le ceisteanna agus cúrsaí an tsaoil mar atá faoi láthair. Mar shampla dó sin, luaigh sé cás na ndaoine atá faoi bhrú ag morgáistí.

"Bhí moltaí againn féin faoi cheist seo na morgáistí ach níor cuireadh i bhfeidhm iad. Níor cheart dúinn culú uathu sin. Silim féin gur cheart don Rialtas teorainn a chuir ar an méid úis a bhainfeadh na bancanna do dhaoine a bhfuil morgáistí acu ar a dtíthe féin agus iad faoi bhrú. Tá banc amháin ag baint 6% amach ar chineál áiríthe morgáiste anois; san am céanna tá an gnáth-ráta (a théann suas agus anuas) ag tuairim is 3%. Ba cheart teorainn tuairim is 4% a chur ar an ús anois - is cuma cén socrú a bhí ann i dtosach".

Dúirt an Teachta Ó Cuív gur féidir leis an Rialtas brú a chur ar bhealaí áiríthe a chinnteodh go gcaithfeadh na bancanna é sin a dhéanamh.

Síle Ní Bhraonain, Des Bishop agus Máire Treasa Ní Dhubhghaill ag seoladh oifigiúil 'Abair Leat!' an gréasán sóisialta atá i nGaeilge amháin. Ta sé díríthe ar éinne a bhfuil suim acu sa Ghaeilge nó atá ag iarraidh an Ghaeilge a fheabhsú. Tá tacaíocht aistriúcháin agus seiceálaí litrithe ar fáil ann agus is féidir clárú leis anois ar www.abairleat.com. PIC: MARK STEDMAN/PHOTOCALL IRELAND

Gaelscéal

Ciarán Dunbar
Eagarthóir
ciaran.dunbar@gaelsceal.ie

Patricia Ní Chonghaile
Comhordaitheoir Táirgíochta
patricia.nichonghaile@gaelsceal.ie

Áine Ní Chuaig
Iriseoir
aine.nichuaig@gaelsceal.ie

Katie McGreal
Iriseoir
katie.mcgreal@gaelsceal.ie

Caroline Ní Chualáin
Comhordaitheoir Oideachais
caroline.nichualain@gaelsceal.ie

Gráinne McElwain
Soláthróir Ábhair Spóirt
grainne.mcelwain@gaelsceal.ie

Oifig an Spidéil:
00353-91-897766

Le cabhair ó:
Foras na Gaeilge

Baineann Gaelscéal úsáid as Gaelspell agus Ceart, bogearraí a chabhraíonn le litriú agus gramadach na Gaeilge, www.cruinneog.com

Scór nó leathscór - an praghas ar bhallraíocht agus cead vótála Fhianna Fáil

Máirtín Ó Catháin

IS cosúil anois go socróidh toscairí Fhianna Fáil ag a nArd-Fheis an deireadh seachtaine seo romhainn go mbeidh vóta ag chuile bhall a bheidh cláraithe leis an bpáirtí ag coinbhinsiúin as seo amach. Ach ní gan argóintí láidre a thiocfar ar réiteach agus d'fhéadfadh go leor a bheith ag braith ar an táille ballraíochta sa deireadh.

Tá sé i gceist nach socrófar an táille bliantúil a bheidh le n-íoc as an mballraíocht sin nó go ndéanfaidh Ardchomhairle an pháirtí a mhacnamh ar an ábhar. Ach thiocfadh sé sa déanamh go mbeadh ar an bpáirtí socrú a dhéanamh faoin táille sula nglacfaidh móramh de na toscairí leis an moladh - moladh a bhfuil an ceannaire, Micheál Ó Máirtín, ag tacú leis. Níl vóta le tógáil faoi cheist an airgid ag an Ard-Fheis de réir na socruithe atá déanta; tá sé i gceist go bhfágfaí an socrú sin i lámha cheanncheathrú an pháirtí.

Bhí tuairim ag príomhoifig an pháirtí gur cheart €20 an duine sa mbliain a ghearradh ar bhaill ach d'fhéadfadh sé nach mbeadh ach a leath sin i gceist sa deireadh. Baineann Fine Gael €15 sa mbliain amach ar bhallraíocht aonair agus €10 ar dhuine nach bhfuil pá aige/aice.

Beidh coinníoll leis an leagan amach nua sa méid agus go gcaithfidh duine a bheith ina bhall d'Fhianna Fáil - an táille íoctha - ar feadh bliain amháin roimh choinbhinsiún sula mbeidh deis vótála ag an té sin. Tá an coinníoll seo á leagan síos ar fhaitíos go mbeadh baol ann go "gceannófaí" toscairí ag teacht gar d'aimsir coinbhinsiúin. Bheadh baol ann go bhféadfadh iarrthóir cuid mhaith toscairí a fháil cláraithe i gcumann éicínt gar do dháta an choinbhinsiúin.

Admhaíonn foinsí sa bpáirtí go bhféafadh an baol sin a bheith ann bliain roimh ré freisin; sin ceann de na húdair go bhfuil cuid de lucht an pháirtí ag cuimhneamh ar tháille réasúnta ard.

Ba é an córas clárúcháin a bhíodh ann go dtí seo ná go gcuirfeadh an cumann áitiúil na dindiúirí cuí agus dhá scór euro chuig ceannáras an pháirtí. Ansin bheadh cead ag an gcumann triúr toscairí a chur chuig an gcoinbhinsiún.

Foras chun cuireadh a thabhairt do shaineolaithe

Colm Ó Broin

TÁ Foras na Gaeilge le cuireadh chun cainte a thabhairt do ghrúpa saineolaithe teanga atá tar éis míshástacht a léiriú faoin tSamhail Nua Mhaoinithe.

Scríobh na saineolaithe chuig na meáin le cur in iúl gceapann siad go scriosfaidh an tsamhail "an t-infreastruchtúr atá riachtanach chun freastal ar riachtanais lucht labhartha na Gaeilge."

De réir na saineolaithe pleanála teanga, níl aon taighde déanta ag FnaG ar éifeachtacht ná ar éifeachtúlacht na n-eagras Gaeilge, agus tagann a moltaí go hiomlán i gcoinne bhunphrionsabail na pleanála teanga.

Tá sé curtha in iúl ag na pleanálaithe teanga, go bhfuiltear den tuairim go bhfuil an tSNM atá beartaithe ag FnaG lochtach go smior, agus go mbeidh mar thoradh air go ndéanfar "dochar aimhleasach" d'fhorbairt na Gaeilge ar fud na tíre.

Sa litir, éilítear struchtúr maoinithe buan, bunaithe ar phleanáil straitéiseach agus spriocanna fadtéarmacha, d'earnáil dheonach na Gaeilge.

I measc shínitheoirí na litreach tá an tOllamh Colin Williams ó Ollscoil Cardiff, an tOllamh Muiris Ó Laoire ó AUT University sa Nua-Shéalainn agus an Dr Wilson McLeod ó Ollscoil Dhún Éideann. Dúirt an Foras go bhfuil siad le cuireadh a thabhairt do na saineolaithe chun a gcuid tuairimí a phlé.

"Ar ndóigh beidh áthas orainn glacadh le haighneachtaí ó na saineolaithe mar chuid den phróiseas comhairliúcháin," arsa urlabhraí an Fhorais.

Bernard Bródúil!

Áine Ní Chuaig

CÉ gur theip air sa Ghaeilge ar scoil, níor chaill Bernard Dunne riamh a mhisneach leis an teanga.

Agus is bród a bhí faoi chaibidil ag an bhfear céanna nuair a cuireadh faoi agallamh é ar '*The Saturday Night Show*' ar RTÉ oíche Shatharn seo caite.

D'inis an t-iarsheaimpín dornálaíochta as Baile Átha Cliath do láithreoir an chláir, Brendan O'Connor, faoin ardmheas atá aige ar an teanga.

"Táim an-bhródúil ar fad as bheith i mo Ghael agus tá sé ríthábhachtach dom an dúthracht seo atá agam don Ghaeilge a thabhairt do mo pháistí," a dúirt sé.

Bhí Dunne mar aoi ar an gclár, i gcuideachta Ray Foley ó Today FM, chun an scéala a scaipeadh faoin bhfeachtas Gaeilge ina bhfuileadar páirteach, '*Bernard Dunne's Bród Club*'. Sa tsraith nua teilifíse, tá sé d'aidhm ag Dunne 100,000 duine a spreagadh chun tabhairt faoi labhairt na Gaeilge arís.

Taispeánfar an chéad eagrán den chlár ar RTÉ 1 ar an Luain seo chugainn, 5 Márta ag 7.30in. Tuigtear nach mbeidh an clár seo cosúil le haon chlár Gaeilge eile a rinneadh go dtí seo agus deir Dunne gur dúshlán atá i gceist, ní ceachtanna Gaeilge.



Bernard Dunne

"Táim ag achainí ar gach duine ar fud na tíre páirt a ghlacadh san Bród Club cibé bealach is féidir leo," a deir Dunne. "Is cuma faoi bheith líofa, is é atá i gceist ná go mbeidh bród orainn as an teanga agus cibé Gaeilge atá agat a úsáid."

Beidh daoine ábalta clárú le Bród Club agus tabharfaidh sé deis dóibh ansin teagmháil a dhéanamh lena chéile agus comhráití a spreagadh tríd Twitter agus Facebook. Sé eagrán a bheidh sa tsraith nua, a leanfaidh ar aghaodh go dtí 9 Aibreán.

Cé gur éirigh go maith leis ag an scoil, d'inis Dunne ar '*The Saturday Night Show*' gur theip air sa Ghaeilge.

Ach le linn dó a bheith ina chónaí sna Stáit Aontaithe ar feadh seal, chuir sé suim arís sa teanga.

"Rinne mé cinneadh an Ghaeilge a fhoghlaim arís," a deir Dunne.

Cheannaigh sé leabhar agus dlúthdhiosca, agus thosaigh sé ag foghlaim píosaí beaga anseo is ansiúd.

"Ba mhian liom i gcónaí a bheith líofa sa Ghaeilge agus dhá bhliain ó shin nuair a d'éirigh mé as an dornálaíocht gheall mé dom féin go raibh mé chun í a fhoghlaim," a deir Dunne.

Sa tsraith Bród Club, beidh Dunne ag taisteal timpeall na tíre ag spreagadh agus ag mealladh daoine leis an nGaeilge a labhairt arís. I measc na n-aíonna eile a ghlacfaidh páirt sa chlár le tabhairt faoin dúshlán in éindí le Ray Foley, beidh Louis Copeland, Charlie Bird, Brian Kennedy, Paul McGrath agus Kevin Meyers!

Bronnadh Dhuaiseanna Ghlór na nGael

Katie McGreal

BHUAIGH Gaelphobal an tSratha Báin an duais mhór de €40,000 agus trófaí Ghlór na nGael ag bronnadh Dhuaiseanna Ghlór na nGael an Satharn seo caite i Maigh Nuad.

Tháinig Comharchumann Mhic Dara na Ceathrú Rua sa dara háit agus bhí Coiste Forbartha Charn Tóchair i nDoire sa tríú háit do na heagraíochtaí le cúnamh fostaíochta.

Fuair Coiste Pobail na Tulaigh, Co. na Gaillimhe an chéad duais d'eagraíochtaí gan cúnamh fostaíochta sa Ghaeltacht agus fuair Conradh na Gaeilge i Maigh Cuilinn an dara háit. Bhí Cumann Gaelach Leath Chathail sa Dún sa chéad áit do na heagraíochtaí gan cúnamh fostaíochta agus nach bhfuil sa Ghaeltacht agus bhí na Macallaí i Loch Garman sa dara háit.

Bhuaigh Cuallacht Cholm Cille in Ollscoil na hÉireann Maigh Nuad an chéad áit i gComórtas na gCumann Gaeilge sna Coláistí Tríú Leibhéil. Fuair An Cumann Sóisialta in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge ar an gCeathrú Rua €1,000 toisc gurbh iad sin an 'Cumann is fearr le níos lú ná 200 ball'.

Bhuaigh Pobalscoil Naomh Micheál, Cill Mhichíl i gContae an Chláir an Comórtas G! Fuair siad €3,000 mar dhuais.

Tá tuilleadh eolais faoi na duaiseanna uilig ar fáil ó www.glornangael.ie.

Seán Ó Daimhín, Cathaoirleach Gaelphobal an tStrath Bháin le Trófaí Glór na nGael a bronnadh air ag ag ceiliúradh mór Ghlór na nGael in Óstán Carton House, Maigh Nuad Dé Sathairn seo caite.

Cláir MFG le cur faoi scáth comhlachtaí Galltachta

Seán Ó Loingsigh

TÁ socrú ag teacht chun cinn ón Roinn Comhshaol, Pobail agus Rialtais Áitiúil, maidir le cláir a bhíodh á riaradh ag Meitheal Forbartha na Gaeltachta a chur faoi scáth comhlachtaí forbartha áitiúla atá lámh leis na ceantair Ghaeltachta.

Tá sé dearbhaithe ag an bhforas maoinithe Pobal go bhfuil iarrtha acu ar chomhlachtaí forbartha áitiúla (LDCs) atá teorannach le ceantair Ghaeltachta riaradh a dhéanamh ar an gclár forbartha pobail áitiúil (LCDP) a bhíodh faoi scáth MFG.

Socrú sealadach, a leanfaidh ar feadh sé mhí, a bheidh ann ar dtús agus déanfar athbhreithniú ar fheidhmiú an chláir tar éis trí mhí. Tá sé dearbhaithe ag comhlacht forbartha áitiúil - West Cork Deveplopment Partnership - go bhfuil glactha acu le tairiscint maidir leis an gclár LCDP a riaradh i nGaeltacht Mhúscraí. Bhíodh cláir LCDP agus Leader, chomh maith le clár seirbhísí pobail CSP faoi scáth MFG Mheitheal Mhúscraí go dtí gur stad MFG ag trádáil i Meán Fómhair anuraidh.

Tá post le fógairt an tseachtain seo ag West Cork Development Partnership (WCDP) maidir le duine a fhostú chun an clár LCDP a riaradh i nGaeltacht Mhúscraí mar chuid de chonradh sé mhí.

Thug Príomhfheidhmeannach WCDP, Ian Dempsey, le fios go mbeidh an té a cheapfar lonnaithe i nGaeltacht Mhúscraí agus go gcaithfidh Gaeilge a bheith ag an té sin chun an tseirbhís a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge. Bhí cruinniú an tseachtain seo caite ag Pobal le dhá chomhlacht LDC - Fóram Chonamara atá lonnaithe i Leitir Fraic agus Cuideacahta Forbartha Tuaithe na Gaillimhe go bhfuil ofigí acu i mBaile Átha an Rí - maidir leis an gclár LCDP a riaradh i nGaeltacht Chonamara.

Dúirt Príomhfheidhmeannach Fhóram Chonamara, John Coyne, nach raibh cinneadh déanta fós ag an bhFóram maidir leis an dtairiscint, agus go mbeadh an cheist á plé inniu, Dé Céadaoin, ag cruinniú boird an chomhlachta.

Maidir leis an gclár Leader a bhíodh á riaradh ag MFG, tá sé tugtha le fios ag an Roinn Comhshaol, Pobail agus Rialtais Áitiúil, go bhfuil réiteach "aitheanta" ann chun an clár sin a reáchtáil sna ceantair Ghaeltachta.

Dúirt urlabhraí ar son an Aire Comhshaoil, Pobail, agus Rialtais Áitiúil, Phil Hogan, go raibh dul chun cinn suntasach déanta maidir le ceisteanna a bhaineann le leachtú MFG, agus go bhfuil comhaid a bhain leis an gclár Leader curtha faoi bhráid oifigigh na Roinne ag an leachtaitheoir.

Meastar go leanfaidh feidhmiú an chláir Leader an réiteach atá á chur chun cinn maidir leis an gclár LCDP a bheith á chur faoi scáth comhlachtaí forbartha áitiúla atá lámh leis na ceantair Ghaeltachta.

Thug urlabhraí na Roinne le fios go mbeifear ag dul i dteagmháil leis na páirtithe leasmhara go luath maidir le réiteach cheist riartha an chláir Leader.

Bhí suim léirithe ag an eagraíocht, Meitheal Forbartha an Iarthair agus na Mí, na cláir Leader agus LCDP a riaradh go náisiúnta sna ceantair Ghaeltachta, agus bhí moladh eile curtha faoi bhráid na Roinne ag Meitheal Mhúscraí maidir le freagracht a ghlacadh ar na cláir a bhíodh faoi scáth MFG i nGaeltacht Mhúscraí.

Féach leathanach 14 don scéal i gConamara

Gaelscolaíocht suas go 4,392

Anton Mac Cába

TÁ Gaelscolaíocht ar fáil anois i 16 den 26 ceantar comhairle sa Tuaisceart. B'shin de réir freagra a thug an tAire Oideachais, John O'Dowd, ar cheist ón gComhalta den Tionól Reachtach, Dáithí McKay.

Dúirt O'Dowd gur tháinig méadú mór ar líon na ndalta Gaelscoile le 10 mbliana anuas. Faoi láthair, tá 4,392 dalta ann in ionad 2,695 mar a bhí ag tús an chéid seo.

Beanachtaí 'ac Gearailt

Rath is bláth na bliana ort.

Foras na Gaeilge

Cruinnithe Réigiúnacha Poiblí

Tá Foras na Gaeilge ag eagrú cruinnithe réigiúnacha poiblí ar na dátaí thíos chun deis a thabhairt don phobal tuairimí a nochtadh maidir leis an tSamhail Nua Mhaoinithe d'Earnáil Bhunmhaoinithe na Gaeilge.

Beidh na cruinnithe ar siúl sna hionaid a leanas ag tosú ar 7.00i.n.

- **Dé Luain, 5 Márta – Óstán Meadowlands, Páirc na Darach, Trá Lí, Co. Chiarraí**
- **Déardaoin, 8 Márta – Cultúrlann McAdam Ó Fiaich, 216 Bóthar na bhFál, Béal Feirste BT12 6AH**
- **Dé Luain, 12 Márta – Óstán Menlo Park, Gaillimh**
- **Dé Céadaoin, 14 Márta – Ceannáras Fhoras na Gaeilge, 7 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2**

Eolas faoin tSamhail Nua Mhaoinithe agus na Doiciméid Chomhairliúcháin ar fáil ag:
www.gaeilge.ie/samhail

Beidh seirbhís aistriúcháin chomhuaineach ar fáil
FÁILTE ROIMH CHÁCH

Foras na Gaeilge ar a gcosaint

Ach dúshlán tugtha ag Seán Ó Coinn do na heagraíochtaí bunmhaoinithe : 'cá bhfuil na moltaí'?

Katie McGreal

"TÁ sé soiléir go bhfuil anchuid cearr leis an tSamhail Nua Mhaoinithe," a dúirt Seán Ó Coinn ó Fhoras na Gaeilge leis an slua beag a bhí i láthair ag an seisiún comhairliúcháin ar an tSamhail Nua Mhaoinithe i Maigh Nuad an Satharn seo caite.

"Ach táimid ag lorg moltaí ar conas is féidir é a fheabhsú. B'fhéidir nach bhfuil na tuairimí sin ann," a dúirt sé.

Chuir Cóilín Ó Cearbhaill ó Chonradh na Gaeilge in iúl go síleann sé go bhfuil easpa tuisceana ar an bhForas mar gheall ar na heagraíochtaí.

"Tá cuma ar an scéal go gceapann an Foras go bhfuil níos mó eolais acu faoi na heagraíochtaí ná mar atá ag na heagraíochtaí féin," a dúirt Ó Cearbhaill.

D'iarr Ó Cearbhaill ar Ó Coinn cé mhéad a chaitheann Foras na Gaeilge ar riarachán, toisc gur ceann de na haidhmeanna atá ag an tSamhail Nua Mhaoinithe ná laghdú a dhéanamh ar an méid atá á caitheamh ar riarachán. Ní raibh an freagra ag Ó Coinn ach tháinig sé chun solais go gcaitheann Foras na Gaeilge féin 40% den bhuiséad iomlán a fhaigheann siad ón rialtas ina n-oifigí féin. Dúirt Ó Cearbhaill, "mura dtugann sibh an pobal libh, ní fiú é."

Níor shíl duine ar bith a bhí i láthair go raibh Foras na Gaeilge ag éisteacht leis an bpobal ach an oiread.

Bhí eagla ar lucht Ghael Linn roimh na scéimeanna nua seo toisc nach bhfuil comórtais clúdaithe in aon cheann acu, "An bhfuilimid 'stuck' leis seo?" a dúirt duine ón eagraíocht.

Ní bhfuair lucht Ghael Linn ná duine ar bith eile ón slua aon fhreagra ar an amhras sin.

An chéad mholadh a fuair an Foras ná tosú arís ón tús agus nuair a thosóidh siad arís, ba chóir go gcuirfeadh siad an pobal agus daoine deonacha i saol na Gaeilge sa lár.

Luaigh duine den tslua gur cheart don Fhoras breathnú ar an méid a chaitheann siad féin. Bhí cuma ar an scéal nach raibh Seán Ó Coinn ag súil leis an phointe sin. Chuir Ó Coinn ceist ar a raibh ann, "Cén áit ar féidir linn níos mó airgid a fháil?"

Shíl Julian de Spáinn, Ard-Rúnaí Chonradh na Gaeilge go raibh sé ródhéanach an cheist sin a chur.

"Is ceart go mbeadh freagra agaibh ar an gceist sin faoin am seo," a dúirt sé agus d'aontaigh an slua leis. Shíl siad go raibh sé mar cheart ag an bpobal na ceisteanna seo a fháil sula raibh aon phleanáil déanta ag an bhForas.

D'admhaigh Ó Cionn nach ndearna an Foras mórán measúnú ar na heagraíochtaí sular leag siad an plean amach. Dúirt sé go ndearna comhlacht taighde, measúnú ar na heagraíochtaí ach nach measúnú ar obair na n-eagraíochtaí a bhí ansin.

Bhí imní ar neart daoine mar gheall ar an iomaíocht a chruthódh na scéimeanna nua seo i measc na n-eagraíochtaí. Shíl an slua gur ceart go mbeadh na heagraíochtaí i gcomhpháirtíocht lena chéile seachas a bheith in iomaíocht don airgead.

Ag tús an chruinnithe, rinne Seán Ó Coinn cur síos ar na fáthanna go bhfuil córas maoinithe Fhoras na Gaeilge ag athrú. Dúirt sé go bhfuil siad ag iarraidh go mbeadh "níos mó airgid ar fáil don phobal," in ionad é bheith ag dul isteach sna heagraíochtaí ar fad. Tá sé ag súil le go mbeidh níos mó pleanála sa chóras seo. Dúirt sé go bhfuil buiséad Fhoras na Gaeilge 16% níos lú i mbliana ná an buiséad a bhí acu in 2008.

Beidh cead ag aon eagraíocht cur isteach ar na scéimeanna ach beidh seans níos fearr ag comhlachtaí a bhfuil neart saineolais agus taithí acu agus a gcuirfidh 'aidhmeanna' an Fhorais chun cinn. Mhínigh sé aidhmeanna an Fhorais i dtrí fhocal; stádas, sealbhú agus úsáid.

Tá cruinnithe poiblí eile den chineál seo beartaithe ag an bhForas timpeall na tíre. Beidh ceann ar siúl in Óstán Meadowlands, Páirc na Darach, i dTrá Lí ag 7in ar an 5 Márta, ceann eile sa Chultúrlann i mBéal Feirste ag 7in ar an 8 Márta, ceann in Óstán Pháirc Mhionlaigh i nGaillimh ag 7in ar an 12 Márta, agus ceann i Halla Fhoras na Gaeilge, 7 gCearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath ag 7in ar an 14 Márta.

Ó Mheitheamh 2013, beidh Foras na Gaeilge ag iarraidh go mbeadh maoiniú ar fáil d'ocht n-eagraíocht éagsúla trí scéimeanna ar leith, rud a chiallíonn nach mbeidh maoiniú ar fáil do 11 eagraíocht Gaeilge eile.

Údarás na Gaeltachta

Príomhfheidhmeannach

Údarás na Gaeltachta, Gaillimh

Cuireann Údarás na Gaeltachta forbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha na Gaeltachta chun cinn agus é mar aidhm fhoriomlán aige an Ghaeilge a chaomhnú agus a leathadh mar phríomhtheanga pobail an réigiúin. Chun an aidhm sin a bhaint amach, cuireann an tÚdarás scéimeanna somhaoineacha fostaíochta chun cinn trí acmhainní nádúrtha áitiúla a fhorbairt, trí scileanna agus inniúlachtaí fiontraíocha a fhorbairt agus trí infheistíocht a mhealladh isteach sa Ghaeltacht. Ina theannta sin, cuireann sé tionscnaimh forbartha pobail agus réimse leathan scéimeanna teanga, cultúrtha agus oideachasúla chun cinn agus tacaíonn sé leo.

Comhoibreoidh an Príomhfheidhmeannach leis an mBord chun straitéis, polasaí agus pleananna a thionscnamh agus a fhorbairt chun aidhmeanna na heagraíochta a chur chun cinn. Cothóidh agus cumhdóidh sé nó sí foireann éifeachtach agus léireoidh sé nó sí ceannasaíocht chun a chinntiú go mbeidh an tÚdarás ag feidhmiú chomh maith is atá ar a chumas chun infreastruchtúr eacnamaíoch agus sóisialta na Gaeltachta a fhorbairt.

Beidh an méid seo a leanas ag an iarrthóir a n-éireoidh leis nó léi an post a bhaint amach:

- Sár-thuiscint ar chultúr na Gaeltachta agus ar chur chun cinn na Gaeilge, chomh maith le cumas Gaeilge agus Béarla araon;
- Teist chruthaithe de mhórghníomhartha suntasacha ag leibhéal sinsearach a léiríonn an fhís, an cheannasaíocht agus na scileanna bainistíochta agus idirphearsanta a theastaíonn don ról seo;
- An cumas oibriú go héifeachtach le foireann ildisciplíneach agus le réimse éagsúil páirtithe leasmhara;
- Tiomantas láidir do bhainistiú a dhéanamh ar athrú eagraíochtúil;
- Sár-eolas ar chúrsaí gnó agus tuiscint ar chúrsaí tráchtála.

Éilíonn an ceapachán feidhmeannach díograiseach, a bhfuil taithí agus scileanna láidre ceannasaíochta aige nó aici, chomh maith le hinniúlachtaí bainistíochta agus tiomantas pearsanta a chuirfidh ar a c(h)umas cur go mór le hobair Údarás na Gaeltachta agus le forbairt nuálaíoch bhreise na heagraíochta.

This appointment calls for an experienced, dedicated executive with strong leadership skills, managerial competencies and personal commitment enabling him/her to make a substantial contribution to the work and further innovative development of Údarás na Gaeltachta.

Dáta Deireanach: Dé Céadaoin 21 Márta 2012

Chun tuilleadh eolais a fháil ar an bpost seo, chomh maith le sonraí iomlána an phoist agus conas iarratas a dhéanamh, féach, le do thoil, ar ár suíomh gréasáin www.publicjobs.ie nó téigh i dteagmháil le Finín Mac a Bháird ag 01 8585559.

publicjobs.ie An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí Public Appointments Service

For information on other posts advertised and to get job alerts, please register on www.publicjobs.ie

We are committed to a policy of equal opportunity and encourage applications under all nine grounds of the Employment Equality Act. Cuirfear fáilte roimh chomhfhreagras i nGaeilge.

An dtagann Foras na Gaeilge faoi 'Shaoráil Faisnéise'?

Anton Mac Cába

TÁ cód saorála faisnéise ag Foras na Gaeilge: ach ní bhaineann sé leis na hAchtanna Um Shaoráil Faisnéise, i gceachtar den dá stát ar an oileán.

Mhínigh Oifig an Choimisinéir Faisnéise ó thuaidh gur amhlaidh atá mar gur Comhlacht Forfheidhmithe Thuaidh/Theas é.

Tá a gCód Saorála Faisnéise ag Na Comhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh/Theas

Dar le hurlabhraí thar cheann an Fhorais go gcomhlíonann sin na dualgais. Tá na príomhchuspóirí ann agus atá sna hAchtanna: "Breis oscailteachta agus cuntasachta agus muiníne ag an bpobal as oibriú na gComhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh Theas."

Le hoibriú an Chóid "glactar leis go mbeidh claonadh i dtreo na hoscailteachta ann."

Déantar, ar ndóigh, cuir síos ar fhaisnéis: "Is é is brí le "faisnéis" taifead ar bith a cruthaíodh ó 2 Nollag 1999, is cuma cén meán ina bhfuil sé."

Tá an Foras i lár conspóide maidir leis an tSamhail Nua Mhaoinithe, beart nua chun eagraíochtaí Gaeilge a mhaoiniú. Is léir go gcothóidh sin tréan-iarratais ar fhaisnéis sula mbeidh sé thart. Is cinnte go gcuirfidh sin teist ar an Chód.

Fíricí

9% de líon farraigí na cruinne atá san oighearchaidhp Artach.

Focal ón abhrais 'Amen' a chiallaíonn 'bíodh sin mar atá'. Úsáideann Moslamaigh, Iúdaigh agus Críostaithe é.

CLUAS SA CHEANNÁRAS

Lenár gcomhfhreagraí polaitiúil i dTeach Laighean, **Colm Ó Broin**

'Inkgate'

'Inkgate' : Aengus Ó Snodaigh, TD, Sinn Féin a bhí sa nuacht an tseachtain seo mar gheall ar an méid dúigh a d'úsáid sé!

BHÍ Aengus Ó Snodaigh thar a bheith gnóthach inné ag freagairt ceisteanna faoi 'Inkgate.' D'úsáid an Teachta de chuid Shinn Féin i mBaile Átha Cliath Theas-Lár 434 cartús dúigh i rith 2007 agus 2008, ar chostas os cionn €50,000. De réir an Daily Mail, a bhris an scéal, bheadh go leor dúigh úsáidte aige chun trí mhilliún leathanach a phriontáil i rith na tréimhse sin.

Mhaígh Ó Snodaigh gur úsáid sé an dúch chun bileoga a phriontáil chun an pobal sa Dáilcheantar a chur ar an eolas faoi sheirbhísí agus ábhair eile. Ag caint dó ar Newstalk, dúirt sé go raibh air é seo a dhéanamh toisc go raibh neamhaird déanta ag na húdaráis ar cheantair áirithe i mBaile Átha Cliath Theas-Lár agus nach raibh an obair seo ar bun ag teachtaí áitiúla eile. Chaith beirt TD sa dáilcheantar, Eric Byrne ón Lucht Oibre agus Joan Collins ó Dhaoine Roimh Bhrabús, amhras ar ghaiscíocht phriontála Uí Shnodaigh áfach.

"Bhí mé ag obair sa phobal le 13 bliain sular toghadh mé agus níor thug mé faoi deara go raibh lear mór bileog á ndáileadh ag Sinn Féin in 2007 agus 2008," arsa Collins.

"Cuireann gach Teachta Dála eolas amach chuig daoine sa cheantar ach níl a fhios agam conas a bhféadfaí dhá chartús go leith a úsáid in aghaidh an lae chun é sin a dhéanamh," ar sise. Dúirt Eric Byrne go raibh ceisteanna le freagairt ag Aengus Ó Snodaigh.

"Nuair a bhíonn tú i do sheasamh ar an ardtalamh morálta, mar atá Sinn Féin sa Dáil, bíonn turlaingt fada le déanamh nuair a thiteann tú," ar seisean.

Ar ndoigh bheifeá ag súil le caint den chineál sin ó iomaitheoirí áitiúla Uí Shnodaigh, ach mar sin féin tá soiléirithe de dhíth uaidh. Tá ceist curtha ag Gaelscéal chuig Sinn Féin maidir leis na bileoga a phriontáil sé le linn 2007-2008 agus mura mbeidh freagra cuimsitheach ar fáil is cinnte go leanfaidh an míshástacht atá léirithe ag an bpobal faoin scéal ar aghaidh.

Bagairt faoi mhaoinú Eorpach séanta

NUAIR a foilsíodh na téarmaí don Chonradh Fioscach an mhí seo caite bhí imní ann faoi fhoráil a dúirt go mbeadh ar thíortha glacadh leis nó nach mbeadh siad in ann airgead a fháil ón Sásra Eorpach um Chobhsaíocht (European Stability Mechanism).

An é go raibh an AE ag bagairt go gcuirfí stop le tarrtháil na hÉireann mura vótáilfeadh muid 'Tá' i reifreann faoin gconradh?

Vincent Brown

Dúirt an craoltóir Vincent Browne go raibh seans ann gur chuir rialtas na hÉireann an mhír sa chonradh iad féin, chun tuilleadh brú a chur ar an bpobal glacadh leis an gconradh.

Shéan an tAire Airgeadais, Michael Noonan, go raibh bagairt ar bith don tarrtháil reatha sa chonradh nua áfach.

Ag freagairt ceiste ó cheannaire Shinn Féin, Gerry Adams, dúirt an tAire nár bhain an fhoráil le tarrthálacha a bhí i bhfeidhm cheana féin, ach le cinn a tharlódh tar éis Márta 2013.

Mar sin, ní bheidh aon tionchar ag an bhforáil ar Éirinn ach amháin sa chás go mbíonn orainn an dara tharrtháil a fháil amach anseo - ach ní chreideann an rialtas go dtarlóidh sé sin ar ndóigh!

An bhfuil fianaise agat faoin CIA agus Aerfort na Sionainne?

TÁ conspóid ag baint le hAerfort na Sionainne ón am ar tugadh cead d'arm Mheiriceá é a úsáid in 2001. Faoi rún de chuid na Náisiún Aontaithe a thug an rialtas ag an am cead do SAM saighdiúirí a aistriú go hAfganastán tríd an aerfort. Mhol an rún do gach tír cabhair a thabhairt do na Stáit Aontaithe daoine a bhí páirteach in ionsaí 9/11 a ghabháil. Tá cuma an-oscailte ar an rún seo, is é sin cén uair a bheidh cinneadh ann go bhfuil gach duine a bhí bainteach leis an ionsaí gafa? Tugadh cead d'arm Mheiriceá saighdiúirí a aistriú trí Aerfort na Sionainne go dtí an Iaráic níos déanaí, cé nach raibh baint ar bith ag an Iaráic le hionsaí Al Qaeda.

Tá tuilleadh conspóide ag baint leis na socruithe de bharr na tuairimíochta gur aistrigh an CIA cimí trí Éirinn, cimí a céasadh níos déanaí. Cháin grúpaí frithchogaidh agus páirtithe an fhreasúra an rialtas i rith an ama faoin méid a bhí ar bun agus faoi dhiúltiú an rialtais cigireacht a dhéanamh ar eitiltí an CIA san Aerfort. Bhí freagra seasmhach ag airí Fhianna Fáil don cháineadh. Sa chéad dul síos, gheall na húdaráis i SAM don rialtas anseo nár úsáid siad Aerfort na Sionainne chun cimithe a aistriú go mídhleathach. Ní raibh aon fhianaise ann gur úsáideadh Aerfort na Sionainne chun cimí a aistriú ach dá mbeadh fianaise ag na grúpaí a bhí ag gearán, mhol an rialtas dóibh an fhianaise sin a thabhairt do na Gardaí.

Cur i ngéill iomlán a bhí ann, ní raibh an rialtas chun a theacht ar fhianaise go raibh cimí á n-aistriú toisc nach raibh siad sásta cigireacht a dhéanamh ar na heitiltí conspóideacha. Bhí a fhios acu nach mbeadh na grúpaí cearta daonna in ann cigireacht a dhéanamh ar na heitiltí iad féin, mar sin is seafóid a bhí sa mholadh go rachaidís go dtí na Gardaí dá mbeadh fianaise acu.

Tá rialtas nua i gceannas ar chúrsaí anois, áfach, agus chuir an Teachta Neamhspléach, Mick Wallace, ceist ar an Aire Gnóthaí Eachtracha, Eamon Gilmore, an tseachtain seo caite faoina bhfuil ráite agAmnesty International faoin Aerfort. Dúirt an tAire Gilmore gur gheall na húdaráis i SAM don rialtas anseo nár úsáid siad Aerfort na Sionainne chun cimí a aistriú go mídleathach. Ní raibh aon mhalairt fianaise ann ach dá mbeadh fianaise ag na grúpaí a bhí ag gearán mhol an rialtas dóibh an fhianaise sin a thabhairt do na Gardaí.

Moill ar thuairisc faoi ghéarchéim piríte

Colm Ó Broin

TÁ díomá léirithe ag grúpa áitritheoirí faoin mhoill atá curtha ar thuairisc ó ghrúpa atá ag déileáil leis an ngéarchéim piríte. Bhí an Pyrite Panel, a bhunaigh an tAire Comhshaol, Phil Hogan, anuraidh, le moltaí a fhoilsiú ag deireadh mhí Feabhra ach dúirt siad le háitritheoirí ag cruinniú Déardaoin seo caite nach raibh siad réidh.

Tá an grúpa stocaireachta, Pyrite Action, ag súil go bhfoilseofar na moltaí i mí Aibreáin ar a dhéanaí.

"Bhí an-díomá orainn an scéal a chloisteáil ach ní dóigh linn gur taictic mhoillithe atá ann," arsa Peter Lewis ón ngrúpa. "B'fhearr linn fanacht sé seachtainí eile má chiallaíonn sé sin go mbeidh gach rud réidh le cur i bhfeidhm. Mura n-eisítear é roimh dheireadh mhí Aibreán áfach, beidh ceisteanna á gcur againn."

Tá lochtanna ag baint leis na mílte teach, formhór acu i mBaile Átha Cliath, Contae na Mí agus Cill Dara, de bharr gur úsáideadh pirít san ábhar tógála.

Má fhaigheann an phirít fluich atann sí, rud a scoilteann ballaí agus úrláir sna tithe. Ní fios go baileach cé mhéad teach atá buailte leis an bhfadhb, ach tá measúnú déanta go bhfuil suas le 60,000 teach i gceist. Meastar chomh maith go mbeidh costas idir €20,000 agus €40,000 chun gach ceann acu sin a dheisiú.

Ní fios go fóill cé a íocfaidh as an obair dheisiúcháin, áfach, ach tá Pyrite Action ag súil go molfaidh an painéal go roinnfear an costas idir na tógálaithe, na comhlachtaí cairéil, na comhlachtaí árachais agus na bainc.

"Ní amháin nach mbeidh áitritheoirí sásta íoc as fadhb nár chothaigh siad, ní bheadh siad in ann íoc as ar aon nós, níl an cineál sin airgid acu," arsa Lewis.

De réir rialacháin thógála tá dualgas ar chomhlachtaí san earnáil thógála a chinntiú go bhfuil an t-ábhar a chuireann siad ar fáil ar chaighdeán sásúil.

Bhuaigh an comhlacht tógála, John Elliot Construction, cás Ard-Chúirte in éadan fochomhlacht de chuid an Lagan Group, Irish Ashphalt Ltd, anuraidh. D'úsáid John Elliot Construction ábhar tógála ina raibh pirít a fuair siad ó Irish Asphalt chun tithe agus árasáin a thógáil in athbheochan Bhaile Munna, agus measann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath go gcosnóidh sé €10.5 milliún chun an fhadhb sin a réiteach.

Dúirt Ballymun Regeneration Ltd i mí Dheireadh Fómhair go raibh siad ar tí cás a thógáil in aghaidh Irish Ashphalt ach dheimhnigh siad le Gaelscéal an tseachtain seo nár tharla sé sin go fóill.

Dheimhnigh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, mar aon le Comhairle Contae Fhine Gall, nach ndéanann siad cigireacht ná tástáil ar chairéil chun a sheiceáil nach bhfuil pirít in úsáid in ábhar tógála.

"Tá freagracht ollmhór ar an Roinn Comhshaol agus ar na húdaráis áitiúla a chinntiú go gcuirtear na rialacháin i bhfeidhm; má tá teipthe ar na rialacháin léiríonn sé sin nach bhfuil siad láidir go leor," arsa Lewis.

Cuireadh tagairt do phirít sna rialacháin thógála in 2007 ach fós féin, dar le Pyrite Action, níl na rialacha sin láidir go leor.

OÉ Gaillimh
NUI Galway

Fáiltítear roimh iarratais ar na folúntais seo a leanas:

- **Foilsitheoir Deisce / Cúntóir Theicneolaíocht an Oideachais,** ***Conradh páirtaimseartha go dtí 20/8/2012***
- **Bainisteoir Taighde Tuairiscithe Airgeadais, Grád 5, Post buan lánaimseartha**

Spriocdháta: Dé hAoine, 2 Márta, 2012

Tá tuilleadh eolais ar fáil ón Oifig Acmhainní Daonna:
http://www.nuigalway.ie/about-us/jobs/

Ríomhphost: hr@nuigalway.ie;
Teil: 353 91 492151; Facs: 353 91 494523

Is fostóir comhionannas deiseanna í Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.



www.oegaillimh.ie

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 29 Feabhra, 2012

Sinn Féin sásta páirt a ghlacadh i gcomóradh 'The Ulster Covenant'

Níl gach duine sásta ach tá an 'dá phobal' ag meascadh níos mó ná riamh

Anton Mac Cába

TÁ Sinn Féin sásta páirt a ghlacadh i gcomóradh Conartha agus Cúnaint Shollúnta Uladh, nó comóradh dá gcuid féin a bheith acu. Ba é an Comhalta den Tionól Reachtach Mitchel McLaughlin a d'fhógair go mbeadh siad sásta sin a dhéanamh. Síníodh é an Conradh i 1912, ag diúltú don Rialtas Dúchais.

Ach ní bheidh Sinn Féin leo féin sa chomóradh mar go bhfuil Cumann Lúthchleas Gael chun freastal a dhéanamh ar achan comóradh.

Dúirt Danny Murphy, Rúnaí Chomhairle Uladh, an méid sin in alt ar an Presbyterian Herald agus cuireadh athchló air sa Newsletter. Níl Nelson McCausland ar eite liobrálach an Pháirtí Aontachtach Daonlathach (DUP). Mar sin féin, d'fhógair sé go mbeadh sé sásta páirt a ghlacadh ar phainéal d'ócáid a bheadh ag ceiliúradh Éirí Amach 1916 "le tuiscint a spreagadh."

Ach tá go leor míshástachta sa phobal Caitliceach. Nochtadh seo nuair a d'iarr Sinn Féin ar dhaoine paidreacha a rá ar son Ian Paisley. Chuir Martina Anderson an teachtaireacht ar leathanach Facebook s'aici. Fuair sí 30 freagra: bhí 20 acu diúltach. Níl an teachtaireacht ar an leathanach níos mó ach tá freagra amháin ann: "*is it true that Sinn Fein are calling for Catholics to pray for Paisley or is it just anti sf crap.*"



Ulster's
Solemn League and Covenant.

Text of the Covenant made by the Ulster Women's Unionist Council, and which has been signed by the loyal women of Ulster in token of their unwavering hostility to Home Rule:—

WE, whose names are underwritten, women of Ulster, and loyal subjects of our gracious King, being firmly persuaded that Home Rule would be disastrous to our country, desire to associate ourselves with the men of Ulster in their uncompromising opposition to the Home Rule Bill now before Parliament, whereby it is proposed to drive Ulster out of her cherished place in the Constitution of the United Kingdom and to place her under the domination and control of a Parliament in Ireland.

Praying that from this calamity God will save Ireland, we hereto subscribe our names.

The above was signed by us at Mrs Hyde
"Ulster Day," Saturday, 28th September, 1912.
15 St Hilda St Ravenhill rd
God Save the King. Belfast

Tá daoine den bharúil go bhfuil an iomarca brú ann le go mbeadh cúrsaí cuimsitheach.

"Caithfidh tú leithscéal a ghabháil as achan rud," a dúirt iar-chime Poblachtach as Fear Manach. Dúirt Comhairleoir de chuid Shinn Féin i dTír Eoghan go gcluineann sé gearán go minic go ngéilleann náisiúnaithe an iomarca d'Aontachtaithe, "ach níl aon pholasaí acu."

Cinnte, tá neart oibre traspobail ar siúl.

Deir daoine atá bainteach leis go mbíonn fadhb ann mar gur oibrithe pobail lánaimseartha agus iar-pharaimíleataigh a bhíonn páirteach in obair thrasphobail, gan iad a phlé leis na pobail.

Mar sin féin, tá daoine ag meascadh lena chéile níos mó ná mar a bhíodh.

Tá tuaisceart Bhéal Feirste ar an cheantar is deighilte ar fad. Ag an Nollag, ag Duncairn Gardens, tháinig teaghlaigh ón Lóiste Nua (Caitliceach) agus Tiger's Bay (Protastúnach) lena chéile gan trioblóid dá laghad. Ó shin, bhí lá súgartha do theaghlaigh ag an stáisiún dóiteáin ar Bhóthar Cavehill agus tháinig teaghlaigh ó Westland (Protastúnach) agus Bóthar Cavehill (Caitliceach) le chéile chuige sin.

Tá Ionad Fóillíochta Grove i gceantar dílseoirí ach bíonn daoine as Bóthar Aontroma ag baint úsáide as go rialta.

Dúirt oibrí pobail i gceantar Caitliceach i dtuaisceart Bhéal Feirste gur chuir stócach as ceantar Íochtar na Seanpháirce lámh ina bhás féin. Tá sé amuigh air gurb shin ceann de na ceantaracha dílseoirí is fíochmhaire dá bhfuil ann, ach bhí aithne ag tréan Caitliceach óg ar an bhfear óg údtrí thograí traspobail. Chuir an bás as dóibh go mór, agus bhí scata maith ar an tórramh.

Cairt Teangacha diúltaithe ag Sarkozy

Anton Mac Cába

TÁ Uachtarán Nicolas Sarkozy na Fraince ag diúltú don Chairt Eorpach um Teangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh, rud a spreagionadaithe ó theangacha mhionlaigh chun teacht le céile.

De réir an rialtais, labhraítear 74 teangadhúchasach, idir mhórthír na Fraince agus dúichí thar lear. Tháinig lucht tacaíochta na dteangacha le céile mar Le Collectif du 31 mars. Tá siad le léirsiú a dhéanamh ar fud an stáit an 31ú Márta.

Beidh départments na Fraince sna hIndiacha Thiar, i Meiriceá Theas, agus san Aigéan Indiach, san áireamh.

Thug Sarkozy an t-aitheasc uaidh i Marseille mar chuid dá fheachtas uachtaránachta. Dúirt sé nach raibh sé leis an Chairt a dhaingniú ar an bhonn go raibh sin chun cearta teangan achan mionlaigh a aithint: agus na cearta sin a chur faoi smacht cúirte Eorpaigh "gan ár stair mar náisiún agus ár dtraidisiún poblachtach a chur san áireamh," mar a dúirt sé.

Tá Sarkozy ina iarrthóir ag an Union pour un Mouvement Populaire, páirtí coimeádach. De réir na bpobalbhreitheanna ar fad, tá an t-iarrthóir sóisialach François Hollande chun tosaigh air.

Ó thús an fheachtais, tá Sarkozy ar a dhícheall le lucht tacaíochta a mhealladh ón nua-faisisteach Marine Le Pen, trí bheith ina náisiúnaí fíochmhar Francach. Ungáireach ab ea athair Sarkozy agus ba de bhunadh Giúdach na Gréige a mháthair.

TEICNEOLAÍOCHT

An bhfuil ár ndeartháireacha móra, Google agus Facebook, ag amharc orainn?

Diarmuid Ó Muirgheasa

TÁ cáil dochreidte ar an leabhar "1984", le George Orwell, agus an cháil sin tuillte go maith aige. Nuair a labhraíonn daoine mar gheall ar dhaoine eile bheith ag déanamh spiaireachta orthu, nó ag coimeád súil ar a mbíonn ar siúl acu, is beag seans nach luaifear an leabhar máistriúil úd ag pointe éigin sa chomhrá.

Níos mó ná riamh, tá daoine ag caint go díreach faoin ábhar sin. Le fás Facebook, Google agus Apple, mar aon le gach saghas comhlacht néalríomhaireachta eile, tá cúis mhaith ann go mbeidh daoine ag caint faoi..

Ach cé go bhfuil líon eolais dochreidte á stóráil sna néalta ag daoine, an bhfuil cúis buartha ann, i ndáiríre?

Cinnte tá an-chuid eolais ag Google agus Facebook orainn, ach cad a fhéadfaidís a dhéanamh leis an eolas sin?

Dá mba mhian le Google an t-eolas atá acu mar gheall ormsa a úsáid ar shlí éigin nár chóir dóibh, cad é an rud is measa a d'fhéadfadh tarlú? Nó i gcás Facebook? Ní hamháin gurb í sin an cheist is tábhachtaí, ach más é freagra na ceiste "níl mórán gur féidir leo déanamh" sin an t-aon cheist amháin is gá a fhreagairt.

Ach seachas díreachbreathnú ar na rudaí a d'fhéadfadh tarlú, áfach, is gá iad a chur i gcomparáid leis an rud atá ag tarlú cheana féin. I gcás an dá chomhlacht úd, 'séard atá ag tarlú ná go bhfuil fógraíocht á díol acu agus brabús dochreidte á thuilleamh acu as.

Rinne Google brabús beagnach $12 billiún anuraidh, Facebook os cionn $1 billiún.

D'fhéadfadh na comhlachtaí móra úd eolas mar gheall ar a lucht úsáidte a dhíol, ar ndóigh. Níl aon easpa éilimh ar eolas mar sin, ó lucht margaíochta ach go háirithe. Ach cén fáth a ndéanfaidís sin? Faoi láthair díolann Google fógraíocht atá dírithe ar dream ar leith, bíodh gur ó thaobh tíreolaíochta nó réimse suime nó rud éigin eile ar fad atá daoine á catagóiriú acu. Go bunúsach, tá an t-eolas sin in úsáid acu cheana féin, agus carn ollmhór airgid á dhéanamh acu leis.

Níos mó ná sin, is féidir leo é seo ar fad a dhéanamh gan a mbunphrionsabal féin, "Don't be evil", a bhriseadh. Tá eolas acu orainn mar úsáideoirí, cinnte, ach cén dochar an t-eolas sin a úsáid chun fógraí níos dírithe a sheoladh?iontacha duit chun socruithe a dhéanamh maidir leis an gcineál fógraí a thaispeántar duit.

Ní féidir iarradh orthu gan fógraí ar bith a thaispeáint duit (seachas, ar ndóigh, trí gan an seirbhís a úsáid), ach is féidir nach mór rud ar bith eile a dhéanamh. Is féidir iarradh orthu gan fógraí a dhíriú ortsa go pearsanta, nó is féidir smacht iomlán a choimeád ar an gcineál fógraí a dhíreofar ort. Agus tá sé an-éasca!

Téigh chuig google.com/ads/preferences agus logáil isteach i do chuntas Google (ag glacadh leis go bhfuil a leithead de rud agat) agus tá na huirlisí uilig ansin chun socruithe dá leithead a dhéanamh.

Go pearsanta, is fíordheacair dom bheith róbhuartha mar gheall ar an saghas seo "spiaireachta", mar a ghlaonn daoine áirithe air. Ar an gcéad dul síos, is iontach éasca éalú uaidh. Ná cuir rud ar bith rúnda ar Facebook, ná bain úsáid as Google le rud ar bith a dhéanamh nár mhaith leat go gcoimeádfaí cuntas air.

Cuma cad a deir daoine áirithe, níl aon ghá úsáid a bhaint as Google murar mian leat. Níos mó ná sin, má bhaineann tú úsáid as Google níl airgead ar bith á thabhairt agat do Google; an t-aon íocaíocht atá ar na seirbhísí iontacha a chuireann siad ar fáil ná an cead fógraí a dhíriú ortsa go pearsanta.

Má tá tú fós in amhras, cur dhá cheist sciobtha ort féin. Ar dtús: an bhfuil mé sásta leis an trádáil atá á dhéanamh agam le Google? An bhfuil mé sásta rud beag eolais fúm féin a chur ar fáil ar mhaithe leis an domhan iontach eolais a chuireann Google ar fáil domsa?

Agus an dara rud: an féidir le Google, i ndáiríre, pictiúr a chur le chéile den saghas duine atá ionam trí bhreathnú ar na cuardaigh Google atá á dhéanamh agam, nó na físeáin a mbreathnaím orthu, nó pé rud é? Más féidir, agus má chuireann sé sin scanradh ort, b'fhéidir gur chóir duit beagán níos mó ama a chaitheamh lasmuigh, seachas a bheith os comhair scáileán ríomhaireachta i gcónaí.

Níl aon ghá le scaoll nó le hanbhá agus tá mé lánchinnte de sin.. Déan cinneadh, an bhfuil tú sásta cur suas le hísliú beag i do chuid príobháideachais ar mhaithe leis an méid a chuireann na comhlachtaí úd ar fáil in aisce. Agus cuimhnigh i gcónaí nach bhfuil ar eolas acu ach an méid a insíonn tusa dóibh.

Luimnigh

Bhí fear ann fadó
as Dún Dealgan,
A chaill cumas
labhartha 'na
teangan
Nuair a d'fhill sé
abhaile from
being out for a
walk,
He was no longer
i nDún Dealgan
but Dundalk

Deis stairiúil an Ghaeilge a athbheochan

Anailís le **Colm Ó Broin** ar an deis stairiúil atá ann don Ghaeilge faoi láthair mar gheall ar an 25% de thuismitheoirí sa Phoblacht a roghnódh Gaelscolaíocht dá mbeadh sé ar fáil

ROINNT blianta ó shin bhí mé ag breathnú ar chluiche ceathrú ceannais Uile-Éireann idir Muineachán agus Ciarraí.

Bhí na híochtaráin ag imirt go hiontach agus iad cúpla cúilín chun cinn le deich nóiméad le dul.

Ansin, áfach, thit imirt na foirne as a chéile agus d'éirigh le Ciarrai an ceann is fearr a fháil orthu roimh an bhfeadóg dheireanach.

Dúirt ceann de na tráchtairí rud thar a bheith spéisiúil faoin méid a tharla do Mhuineachán.

Dúirt sé go mbíonn eagla ar fhoirne cluichí a chailliúint de gnáth, ach uaireanta bíonn eagla orthu cluiche a bhuachan chomh maith.

Tarlaíonn sé nuair a bhíonn foireann ag fulaingt le blianta blianta fada - tá an méid sin taithí acu a bheith thíos leis go mbíonn sé deacair orthu an chéim dheireanach a thógáil nuair a chuirtear an deis os a gcomhar.

Tá ceann de na deiseanna sin os comhar phobal na Gaeilge faoi láthair.

Tá sé i gceist ag Foras na Gaeilge taighde a fhoilsiú níos déanaí i mbliana a léiríonn go gcuirfeadh 25% de mhuintir na Poblachta a bpáistí chuig Gaelscoil dá mbeadh ceann ar fáil go háitiúil.

Beidh foilsiú na faisnéise sin thar a bheith tráthúil de bharr na n-athruithe móra a bheas ag tarlú don earnáil oideachais sna blianta amach romhainn.

I dtosach báire, déan machnamh ar an aisling seo.

Faoi láthair téann 5% de pháistí chuig an 139 bunscoil lánGhaeilge sa Phoblacht, nó thart ar 30,000 páiste san iomlán.

Dá ndéanfaí freastal ar an éileamh a léiríonn an taighde thuasluaite, bheadh 700 Gaelscoil le 150,000 páiste sa tír.

Bheadh 40,000 eile i meánscoileanna lánGhaeilge, seachas an 8,000 reatha. Thiocadh méadú ar líon na bpost do mhúinteoirí le Gaeilge agus deiseanna gnó do chomhlachtaí a dhéanann freastal ar Ghaelscoileanna.

De réir a chéile mhéadódh líon na ndaoine le Gaeilge líofa go 25% den phobal, nó os cionn milliún duine.



Timpeall na Tíre : Staid reatha na nGaelscoileanna
[PIC : GAELSCOILEANNA / GOOGLE MAPS]

Ní bheadh sé deacair teacht ar Ghaeilgeoirí i siopaí, oifigí, cumainn, ranna rialtais, údaráis áitiúla agus araile. In ainneoin nach mbeadh sí ag an móramh go fóill, ní bheadh an Ghaeilge in áit na leathphingne a thuilleadh, bheadh sí i lár an aonaigh.

Ní mór a chur san áireamh freisin go bhfuil taighde an Fhorais 11 bliain d'aois, mar sin tá gach seans ann go bhfuil an céatadán ardaithe ó shin i leith.

Tá barúil agam chomh maith go mbaineann imní aineolach faoin nGaelscolaíocht le sciar maith den 75% a deir nár mhaith leo a bpáistí a chur chuig Gaelscoil.

Chun go bhfásadh teanga ní mór trí rud a bheith ann - caithfidh go mbeadh meoin dearfach ag na cainteoirí agus an bpobal i gcoitinne faoin teanga, caithfidh deis a bheith ag daoine í a labhairt, ach an rud is bunúsaí ná go gcaithfidh siad a bheith in ann an teanga a labhairt sa chéad dul síos.

Céard é an bealach is éifeachtaí chun líon na ndaoine le Gaeilge a mhéadú?

Ba bhreá liom dá mbeadh formhór na ndaoine aosta in Éirinn sásta freastal ar rangana Gaeilge, ach le bheith réalaíoch tharlóidh sé sin. Céard faoi na scoileanna Béarla?

Is léir ó líon na ndaltaí a n-éiríonn leo líofacht a bhaint amach sa Ghaeilge i scoileanna Béarla nach bhfuil ag éirí leis an gcóras.

Céard faoi na Gaelscoileanna?

As na páistí a théann chuig bunscoil agus meánscoil lánGhaeilge, déarfainn go mbaineann 95% acu líofacht amach sa teanga.

Is é sin le rá, ó bunaíodh an stát is iad na Gaelscoileanna an bealach is éifeachtaí atá aimsithe againn chun líon na nGaeilgeoirí a ardú.

Ní mór mar sin an t-éileamh atá ann dóibh a shásamh. Is mór an náire nach ndéantar é sin faoi láthair ach beidh sé i bhfad níos measa má tharlaíonn sin amach anseo.

Go dtí le déanaí bhí sé andeacair an t-éileamh sin a shásamh. Bhí ar thuismitheoirí scoileanna a bhunú iad féin agus tá go leor acu fós ag streachailt le drochchóiríocht, in ainneoin na mblianta stocaireachta.

Bhunaigh an tAire Oideachais Ruairí Quinn an Fóram faoi Phátrúnacht agus Iolrachas san Earnáil Bhunscoile anuraidh le breathnú ar éagsúlacht sa chóras bunscolaíochta.

Tá ráitis atá báúil don Ghaelscolaíocht déanta ag an bhFhóram. Tá sé ráite acu go bhfuil sé mar dhualgas ar an Rialtas an Ghaeilge a chur chun cinn agus gur cheart freastal ar an éileamh don Ghaelscolaíocht, agus thug siad faoi dheara freisin gur féidir eiticí éagsúla a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge, ie eitic reiligiúnda, ilchreidmheach agus araile.

An rud atáthar ag caint faoi ná teanga teagaisc scoile a athrú ó Bhéarla go Gaeilge. Tá sé ráite ag an Aire Oideachais go bhféadadh pátrúnacht 50% de na bunscoileanna a aistriú ón Eaglais Chaitliceach, ach tá amhras caite ar an maíomh seo ag an Eaglais féin.

Dúirt Gaelscoileanna Teo leis an bhFóram, áfach, go bhféadadh teanga teagaisc scoile a athrú gan an pátrún a athrú.

Beidh amhras ar dhaoine, idir Ghaeilgeoirí agus eile, an féidir an aisling uaillmhianach seo a bhaint amach, agus beidh amhras faoin nGaelscolaíocht féin go deimhin.

Deirtear nach bhfuil Gaeilge na ndaltaí ar chomhchaighdéan le Gaeilge na Gaeltachta agus nár chothaigh Gaelscoil pobal Gaeilge in áit ar bith.

Dóibh siúd a dhéanann gearán faoi chaighdeán na Gaeilge molaim dóibh droim láimhe a thabhairt don chantal agus cúrsa a chur ar fáil chun an dlaoi mhullaigh a chur ar Ghaeilge na n-iarscoláirí, cúrsa nach bhfuil ar fáil faoi láthair.

Maidir leis an gcéad ghearán, tá muinín agam go mbréagnóidh mo bhaile dúchais, Cluain Dolcáin, agus ceantair eile nach é, an méid sin san am atá le theacht.

Ní féidir leis na Gaelscoileanna an Ghaeilge a athbheochan iad féin, ach ní féidir é a dhéanamh gan iad.

Ó thaobh líon na nGaelscoileanna a ardú ó 139 go 700, is cinnte nach mbeidh sé easca é seo a bhaint amach.

Beidh sé deacair múinteoirí le Gaeilge a aimsiú agus bheadh dúshlán ann teanga teagaisc scoile a athrú (thar ocht mbliana is cosúil).

Beidh imní ar roinnt daoine go n-éireodh staid na Gaeilge sna scoileanna Béarla níos laige de réir mar a mhéadódh an Ghaelscolaíocht.

Beidh sé deacair, ach níor cheart dúinn ligint do na deacrachtaí seo muid a chloí.

Tá 23% de pháistí na Breataine Bige i scoileanna Breatnaise faoi láthair, ardú ó 18% deich mbliana ó shin.

Tá éacht níos fearr bainte amach ag Tír na mBascach. Tá an céatadán ansin ardaithe ó 5% ag tús na 1980í go dtí 65% faoi láthair, agus seo teanga a chuireadh faoi chois go dtí 1975. Má tá an Ghaeilge le hathbheochan caithfear an t-athrú thuasluaite a dhéanamh luath nó mall, agus mura bhfuil muid in ann a chinntiú go bhfuil oideachas trí mheán na Gaeilge ar fáil do thuismitheoirí ar mhian leo sin dá bpáistí - chaithfí a rá go bhfuil lúb ar lár i ngluaiseacht na Gaeilge.

Beidh moltaí á bhfoilsiú ag an bhFóram go luath faoin phátrúnacht agus ní mór do lucht na Gaeilge an deis stairiúil sin a thapú.

Tréanna 'ac Gearailt

Trí chomhartha ar dhea-phósadh: bia nuair is gá, suaimhneas ó lá go lá is leaba gan chnapán.

Údarás na Gaeltachta

NDP
Plean Forbartha Náisiúnta 2007-2013

Scoláireacht Maoine agus Innealtóireachta

Tá dhá scoláireacht á dtairiscint ag Údarás na Gaeltachta d'iarratasóirí Gaeltachta le líofacht i labhairt agus i scríobh na Gaeilge chun scileanna agus taithí i mbainistiú tograí maoine agus innealtóireachta agus i gcúrsaí inmharthanacht fuinnimh a bhaint amach sa Rannóg Seirbhísí Maoine agus Innealtóireachta in obair bainistíochta maoine.

Beidh duine den bheirt a cheapfar lonnaithe in oifig réigiúnach Údarás na Gaeltachta sa Daingean, Co. Chiarraí agus an duine eile in Ardoifig Údarás na Gaeltachta, sna Forbacha, i nGaillimh.

Leanfaidh an duine a cheapfar clár oiliúna a chuirfidh taithí agus cleachtadh sna réimsí difriúla oibre ar fáil dó/di. Socrófar fad agus coinníollacha na scoláireachta leis an duine a cheapfar.

Cáilíochtaí: Is iad na buncháilíochtaí atá ag teastáil ná cáilíocht tríú leibhéal in ábhar teicniúil, agus/nó taithí mhaith theicniúil nó ar chúrsaí tógála mar aon le ríomhairí agus bogearraí. Beidh ceadúnas iomlán glan tiomána riachtanach.

Cuirtear iarratais, mar aon le CV, roimh **Dé hAoine 16 Márta 2012** chuig:

An Rannóg Acmhainní Daonna,
Údarás na Gaeltachta, Na Forbacha, Co. na Gaillimhe.
T: 091 503100 **F:** 091 503101 **Rphost:** p.oconghaile@udaras.ie

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 29 Feabhra, 2012

Focail le Gaoth

Le Concubhar Ó Liatháin

Cad atá cearr leis an tír seo!?

SEO chugaibh céad chúis atá leis an staid ina bhfuil an tír san áit a bhfuil sí faoi láthair....le cos in umar na haimiléise agus cos ar an mbruach.

Sula dtosnaím, gach seans go bhfuil na haltanna iontacha ó Frank McNally san 'Irishman's Diary' san Irish Times faoi na ceannteidil 'A History of Ireland in a hundred excuses' feicthe agus léite agaibh. Ómós i nGaeilge do na haltanna san é seo - seachas aistriúchán. Cé go gcreidim féin más fiú aistriúchán a dhéanamh ar iliomad cáipéisí nach léitear go mbeadh sé chomh maith aistriúchán a dhéanamh ar chorrcheann a bhfuil a fhios againn gur léadh iad. Níl aon ord ar leith ar an liosta seo. Ní liosta críochnúil é.

1. An bus 46A nár stop i nDún Laoghaire ach i 'Done Leary'
2. Jedward
3. Páirtithe polaitiúla nach dtuigeann go fóill go bhfuil an chóisir thart.
4. Páirtithe polaitiúla ar mhaith leo go n-íoc fadh an chuid eile againn as an bpáirtí a raibh siad páirteach ann (agus sciar mhaith den chuid eile againn fágtha lasmuigh sa bhfuacht).
5. Na bainc a thug airgead ar iasacht do chaimiléirí is d'fhorbróirí araon fé mar go raibh siad ag daileadh snaois ag tórramh
6. Na bainc chéanna anois atá ag séanadh iasachtaí ar lucht gnó macánta atá ag iarraidh an tír a chur ag obair arís.
7. An Banc Angla-Éireannach, a chuid saoistí agus a scairshealbhóirí, as ucht míchúram agus caimiléireacht ar scála éachtach. Tar éis a ndearna an sliocht Angla-Éireannach ar son litríocht na tíre seo, is bocht an cúiteamh é go mbeidh 'Angla-Éireannaigh' faoi smál is faoi scamall ar feadh na nglúinte inár ndiaidh.
8. Cumann Lúthchleas Cúpla Focal Gaeilge.
9. Aontachtaí - agus Easaontóirí.
10. Sinn Féin agus sinn féin.
11. An teorainn
12. Easpa teorainneacha
13. Bánú na tuaithe
14. Bánú na gcathracha
15. Leathnú na meánaicmí
16. Leathnú na meán-toisí
17. Beart de réir briathar
18. Beart gan a bheith de réir briathar
19. Bertie Ah-now-lads - ern
20. Fir an IRA
21. Mná an IRA
22. An aibítir ar fad ach go h-áirithe F - UVF, IMF, FF, FG, SF...
23. An Lucht Oibre
24. An lucht díomhaoine
25. An lucht díomhaoine san lucht oibre
26. Cuntasóirí
27. Daoine le cúram cúntasaíochta nár ndearna cuntas cruinn.
28. Meaisíní leictreonacha votála
29. Súil Nimhe Bhaloir
30. An leathshúil
31. An leathshúil eile
32. Gan a dhóthain gnéis roimh ré an Late Late Show
33. An iomarca gnéis ina dhiaidh
34. Easpaig
35. Easnaimh
36. Deoch
37. Tart
38. An Gorta Mór
39. An bolg mór
40. Herr Hitler agus Frau Merkel
41. Tá na Francaigh ag teacht thar sáile, arsa an tSeanbhean Bhoct
42. Na Francaigh nár tháinig thar sáile.
43. Easpa córais teasa faoi thalamh sa Stade de France
44. Ireland's Call
45. Ireland's Ball
46. Ireland's Fall
47. Aeráid bhog
48. Aeráid róbhog (san earnáil airgeadais)
49. Charlie Haughey, léinte Charvet agus an ceo Ceilteach
50. Na Ceiltigh
51. Ceiltigh agus Raonaithe Ghlaschú
52. An fear le léine na gCeilteach taobh amuigh de Pháirc an Chrócaigh agus póstaer ag fógairt 'No Foreign Games Here"
53. Gáire John Bruton. Murach go raibh gáire chomh haisteach ag John Bruton gach seans go mbeadh an bua ag FG I 1997 agus ná beadh an Tíogar Ceilteach tagtha go hÉirinn ar chor ar bith.
54. Teitheadh na nIarlaí
55. Na hIarlaí a tháinig ina n-áit siúd
56. Toto Schillaci
57. Foireann peile Chiarraí
58. Foireann iomána Chill Chainnigh
59. Mick McCarthy agus Roy Keane
60. An Cogadh Cathartha 1921-
61. Pobail ag Rásaí na Gaillimhe
62. Rásaí na Gaillimhe
63. Rásaí na Gaillimhe 2
64. Peig
65. Sruth na Maoile
66. An aiste nár léadh - The necessity for de-anglicising Ireland le Dúbhglas de hÍde
67. An aiste nár scríobhadh - The necessity for re-anglicising Ireland le AN Other.
68. AN Other
69. Pangur Bán
70. Seachtar na Cásca
71. Mí-oiriúnacht na Gaeilge chun focail agus frásaí áirithe ón mBéarla a aistriú go beacht
72. Contracts for Difference
73. Conraí gur cuma iad ann nó as.
74. Conradh Liospóin
75. Conradh Liospóin 2
76. Conraitheoirí agus fochonraitheoirí
77. Na Ceiltigh, na Fir Bolg, na Lochlannaigh, na Normannaigh, na Sasanaigh, Facebook, Twitter, Bebo, Myspace, Google, Wikipedia
78. An Uaschamóg - '
79. Droch-phoncaíocht
80. Drochghramadach
81. Ábhar oidí a d'fhoghlaim gach rud ach Gaeilge sa Ghaeltacht
82. Cogaíocht
83. Síocháin
84. Síor-cháin
85. Faoisimh cánach donsaibhir
86. Comhairleoirí Speisialta
87. Comhairleoirí an Mhíchomhairle
88. An Margadh Dubh, Bán agus Riabhach
89. Mo Ghile Mear - á chanadh ag Sting nó Mary Black
90. Prátaí - go háirithe sceallóga le salann agus fínéagar orthu....,mmmm
91. Saoirse
92. Daoirse
93. Mo Ghrá Gael
94. Gaeil
95. Neamh-Ghaeil
96. Fine Gael
97. Teilifís na Gaeil-ge
98. Roinn na Gael-tachta
99. An Straitéis 20 Bliain, 21 Bliain, 22 Bliain, 23 Bliain
100. Liostaí gan dealramh mar seo i nuachtáin

Fearfaidh an tEagarthóir fáilte roimh léitheoirí a gcuid moltaí féin a chur leis an liosta seo táim cinnte.

Carghas bríste!!!

TÁ's agam go bhfuilim ag staonadh ón ngearán le linn an Charghais agus tá ag eirí liom. Ach bhris ar m'fhoighne an tseachtain tar éis a fháil amach ná raibh pobal na Gaeilge sásta lámha a chur ina bpócaí chun €550 trí 'Fundit.ie' a chur ar fáil d'Aisling Ghéar chun a léiriú Gaeilge de 'Love Matters' leis an drámadóir Gary Mitchell a chur ar an árdán san Project. Chuireas féin €50 sa phota ach níor tháinig go leor ar bord chun an sprioc a bhaint amach. Beidh an léiriú ag dul ar aghaidh i mBéal Feirste an tseachtain seo, ag an Lyric agus sa Chultúrlann, agus san Project i mBaile Átha Cliath.

Tá an chomhlacht céanna a chur 'Dúshlán' - sraith ina raibh leithéidí Shéamus na Gaeilge, an Gaelshaighdiúir in Arm SAM páirteach ann - ag tabhairt aghaidh ar chlár faoi bhanna coil rac mo linne, Na Fíréin. Bionn Rónán, an 'swinger' is sine sa bhaile, ag caint ar Dirty Nines agus a leithéid - ach seo mise ag tabhairt chun cuimhne laethanta m'óige i bhfad ó shin agus an ceolrian a thug na Fíréin dom ag bualadh im' chluas. Bóthar Ard, an comhlacht - ar fhochomhlacht é de chuid Ghrúpa Meáin Bhéal Feirste, mo sheanchomrádaithe - agus tréaslaim a saothar leo.

Rud éigin as alt faoi leagan Halla na Saoirse

AN tseachtain seo chaite, fógraíodh go raibh cead pleanála diúltaithe d'ospidéal na bpáistí, foirgneamh a bheadh 16 stór ar airde. An Bord Pleanála a dhiúltaigh an cead pleanála sa chás sin. Dúradh go mbeadh forbairt chomh hard sin ag cur isteach ar an 'spéirlíne' sa phríomhchathair

An lá ina dhiaidh sin, sa chathair chéanna, fógraíodh go raibh Halla na Saoirse, ceanncheathrú na gceardchumann in Éirinn, le leagadh agus túr 19 stór le cur ina áit.

Thug Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath cead lena aghaidh sin.

Tá rud éigean as alt anseo cé go ndeirtear liom nach bhfuil aon ghaol idir an dá thionscnamh. Tá sé ráite freisin go mbeidh 'Ionad Mhínithe' sna cheithre stór ar bharr Halla na Saoirse. Dá mba rud é go bhféadfadh ceannairí na gceardchumann - a bhí páirteach sa Pháirtíocht Shoisialta chomh maith céanna le rialtais agus lucht tionscail - miniú a thabhairt ar an ról a ghlac siad le linn ré an Tíogair Cheiltigh, bheadh sé úsáideach mar threoir do na glúinte atá le theacht - iad san a bheidh go fóill ag díol as an méid a tharla linn sa thréimhse seo - lena chinntiú nach dtarlóidh a leithéid arís!

Is Gaeltacht ghlan í Gaeltacht na bhFál

NÍ raibh mé ag bronnadh Ghlór na nGael in Óstán Theach Charlton i gCill Dara ag an deireadh seachtaine ach chualas i Múscraí an liú áthais a thug Seán Mór Ó Daimhín agus a chomh-Ghaeil ón tSrath Bháin ar chloisint dóibh go raibh an phríomhdhuais buaite ag an Ghael-phobal s'acu. Tréaslaím a mbua leo - agus tréaslaim freisin na moltóirí as buaiteoirí chomh fiúntach a aimsiú don duais mhór!

Agus sinn ag iarraidh 250,000 cainteoir laethúil a bhaint amach - ó dheas den teorainn - ba cheart do Roinn na Gaeltachta turas ar an nGaelphobal seo agus, go deimhin, camchuairt ar phobail 'neamh-Ghaeltachta' ar fad ó thuaidh a reáchtáil do thoscaireachtaí ó Ghaeltachtaí traidisiúnta na tíre. Tá an tine bheo lasta ar fud an oileáin anois agus tá gá é sin a aithint chun tine a lasadh faoinár dtónacha agus sinn ag iarraidh an sprioc uaillmhianach sin a bhaint amach.

Lucht na Gaeilge ag mairseáil ar son a gcearta teanga ar Bhóthar na bhFál.

In alt a bhí sa nuachtán seo le déanaí ag Eoghan Ó Néill, mo sheanchara ó laethanta Lá i mBéal Feirste, mhol sé go mbronnfaí stadas 'breacGhaeltachta' ar phobail ar nós Pobal Gaelach Thuath na bhFál. Chun an fhírinne a insint, creidim gur masla don phobal seo a bheadh ina leithéid de chur síos. Is pobal Gaelach gan sárú iad pobal Gaelach na bhFal, rud a léiríonn Cultúrlann McAdam Ó Fiaich go soiléir, an eilifint bhán úd, mar a thugadh air tráth, atá anois ina shéadchomhartha do phobal Gaelach an domhain.

Ach dá gcuideodh sé lena gcuid oibre 'stádas Gaeltachta' de shórt a fháil, stádas nach mbeadh aon bhuntáiste leis i bhfirinne ach go bhféadfaí cur síos a dhéanamh ar an gceantar ar shuaitheantais, léarscáileanna agus stáiseanóireacht, nach bhféadfadh Foras na Gaeilge, ar institiúid trasteorainn é, 'séala' éigean a chumadh chun Gaeltachtaí nua a aithint?

Chomh fada agus a bhaineann sé liomsa, is Gaeltacht ghlan í Gaeltacht na bhFál....

Eagarfhocal

Gaelscéal
An Chuasnóg, Baile Ard
An Spidéal,
Co. na Gaillimhe

Bua Ghaelphobal an tSratha Báin

COMHGHAIRDEAS ó chroí le Gaelphobal an tSratha Báin as príomhdhuais Ghlór na nGael 2012 a thabhairt leo oíche Dé Sathairn seo caite ag an ócáid bhronnta i Maigh Nuad.

Comhghairdeas le gach dream eile a bhain duais agus a ghlac páirt sa chomórtas chomh maith.

Is cinnte go bhfuil an bua tuillte go maith ag Gaelphobal an tSratha Báin, dream a rinne an-obair le blianta anuas leis an teanga a athbheochan ar an tSrath Bán, Co. Thír Eoghain.

Más beag an pobal teanga atá cruthaithe acu, is pobal é ina bhfuil an Ghaeilge beo beathach agus á labhairt go flúirseach, agus is pobal díograiseach iad.

Léiríonn an dream seo an bealach chun tosaigh agus léiríonn siad an luach atá ar obair áitiúil ar an talamh agus léiríonn siad chomh maith an luach nach féidir praghas a chur air - an dearcadh 'is féidir linn' .

Maith sibh.

SÚIL SIAR na Seachtaine

Seán Ó Ríordáin san Irish Times

Donncha Ó hÉallaithe

Gach Satharn ar feadh ocht mbliana, ó 1967 go 1975, bhíodh colún rialta aorúil ar an Irish Times ag an bhfile ó Bhaile Bhuirne, Seán Ó Ríordáin (1916 - 1977). A leagan amach féin ar chúrsaí an tsaoil is mó a bhíodh faoi chaipiteal aige sa cholún céanna agus ba mhinic leis daoine, nár thaitin leis a ionsaí.

Bhíodh sé oibrithe faoin mbealach a bhí á chaitheamh le náisiúntóirí ó thuaidh. Scríobhadh an sliocht seo thíos ag am a raibh iarracht mhór taidhleoireachta ar bun idir Rialtas Jack Lynch agus Rialtas na Breataine, le caidreamh a athbhunú idir an dá rialtas tar éis na sléachta a tharla i nDoire Colmcille Domhnach na Fola, mí roimhe sin.

Irish Times, 26 Feabhra, 1972

Is Leor Nod

Seán Ó Riordáin

"[..]Téir isteach in aon tigh anois agus tost is ea é - tost teilifíse. Bíonn gach aghaidh dírithe ar an mbosca draíochta, gach béal ar leathadh. Le linn tréimhsí neamhthelefíse an lae is beag a deir daoine le chéile. Is leor nod don eolach. I méid a bheidh an tost ag dul, measaim, de réir mar a bheidh ha heolaigh ag dul in eolaí. Fé mar imigh an scéalaíocht imeoidh caint....

Braithim go n-imeoidh abairtí ar dtúis - mura bhfuilid imithe cheana féin - agus ansin go n-imeoidh focail ar deire. In inead na habairte úsáidfear nod nó leid nó cnead nó osna nó fead nó sceamh nó béic nó sonc nó crothadh cinn nó iamh béil, de réir mar oirfidh. Nó b'fhéidir nach trí pholl a mbéil a labharfaidh daoine in aon chor.....Dúirt teangeolaí liom uair ná raibh ach trí sheans gur úsáideadh an béal mar pholl cumarsáide an chéad lá - go ndéanfadh aon pholl fothramúil eile an bheart chomh maith.

Má tá focail le dul i ngainne agus le h-imeacht ní bheadh sé deacair a leithéid seo de chuntas a shamhlú ar na ceirníní nó ar na téipteafadáin i bhfoirm nodanna agus leideanna amach anseo - ní ar na nuachtáin mar ní bheidh siad ann; caithfear an cuntas a thúirt i bhfocail anso ón uair ná fuil ré na bhfocal thart go fóill: " De bharr na géarchéime atá le tamall ag bagairt idir Éirinn agus Sasana ghaibh an Taoiseach anonn go Sasana inné chun nod a mhalartú le príomhaire na Breataine. Dúirt an nod oifigiúil a h-eisíodh go raibh nod shásúil, chairdiúil acu le chéile ach nach h-eiseofaí aon nod de bhreis air sin go fóill. Mhair an nod idir an dá phríomhaire soicind." [...]

Ach abair go raghadh an ghéarchéim in olcas agus nár leor nod don aineolach. Ansan caithfí cneadanna nó sceamhanna .i. comharthaí níos treise ná nodanna a mhalartú. Ar deire b'fhéidir go ndéarfaí le h-ambasadóir na hÉireann i Sasana liú protacúil a ligean ar phríomhaire Shasana. Bheadh an géarchéim ar an gcéim is géire fén am so. Bheadh cogadh ag bagairt.

Ach abair go raghadh an scéal céim eile chun donais agus go gcaithfí cogadh a fhógairt conus a dhéanfaí é? Ealaín fhíorbhéasach is ea an taidhleoireacht agus eolaíocht fhíordhrochbhéasach is ea an cogadh. Caithfidh an taighleoireacht mhín an cogadh borb a chur in iúil agus ní trí fhocail an babhta so. Chaithfí leid níos láidre ná liú a thúirt. Anois nár lige Dia go n-usáidfinnse aon fhocal borb nó nod gharbh i láthair na taidhleoireachta nó go samhlóinn lei iad. Abhfad uainn an t-olc. Mar sin féin, i gcead don chuileachtain, táim chun focal a úsáid anois ná samhlófaí de ghnáth leis an dtaighleoireacht ach is féidir an uile rud a phrotacalú. An túisce is a glactar leis mar théarma taighleoireachta tá sé díbholaithe, gradamaithe, béasúil. Caithfidh an Taoiseach cuaird a thúirt ar ambasadóir na Breataine agus braim a ligean nó sreang-bhraim a chur go Westminister. (Níor leor braim féasóige. Bheadh sin rólag.) Dhéanfadh Westminister an t-ambasadóir a aisghairm láithreach tar éis do dhá thufóg protacalúil a ligean mar agóid...."

LITREACHA chuig an Eagarthóir

Ná scrios earnáil dheonach na Gaeilge

TÁ an t-infreastruchtúr atá riachtanach chun freastal ar riachtanais lucht labhartha na Gaeilge ar tí a bheith scriosta.

Tá Foras na Gaeilge ag beartú deireadh a chur le bunmhaoiniú bliantúil d'eagraíochtaí Gaeilge. Ina áit, táthar chun tairiscintí a iarradh ar scéimeanna trí bliana i réimse teoranta gníomhaíochtaí. Faoin tSamhail Nua Mhaoinithe atá beartaithe ag Foras na Gaeilge, cuirfear deireadh le 19 n-eagras Gaeilge fadbhunaithe, cuirfear deireadh leis na seirbhísí a chuireann na heagrais ar fáil, agus scaoilfear lena bhfoirne.

Níl aon taighde déanta ag Foras na Gaeilge ar éifeachtacht nó ar éifeachtúlacht na n-eagras Gaeilge, agus tagann a moltaí go hiomlán i gcoinne bhunphrionsabail na pleanála teanga. Creidimid go bhfuil an tSamhail Nua Mhaoinithe atá beartaithe ag Foras na Gaeilge lochtach go smior, agus go mbeidh mar thoradh air go ndéanfar dochar aimhleasach d'fhorbairt na Gaeilge ar fud na tíre. Éilímid struchtúr maoinithe buan, bunaithe ar phleanáil straitéiseach agus spriocanna fadtéarmacha, d'earnáil dheonach na Gaeilge.

Is sinne le meas,

An tOllamh Colin Williams, Ollscoil Cardiff, An Bhreatain Bheag An tOllamh Muiris Ó Laoire, AUT University, Auckland, Nua Shéalainn An tOllamh Dónall Ó Baoill, Ollscoil na Ríona Dr John Walsh, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh Dr Conchúr Ó Giollagáin, Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge Dr Pádraig Ó Duibhir, Coláiste Phádraig Dr Wilson McLeod, Ollscoil Dhún Éideann, Albain Laoise Ní Thuairisg, Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge

Teip ar mhúineadh na Gaeilge

A chara,

Bhí mír ag do chomhfhreagraí polaitiúl Colm Ó Broin ina cholún i nGaelscéal na seachtaine seo caite (22 Feabhra) faoin teideal '€574 milliún ar mhúineadh na Gaeilge'.

Deireann sé 'de réir anailíse Dhonnchadh Ó hÉalaithe' go néiríonn le '12% de dhaltaí sna scoileanna Béarla líofacht a bhaint amach sa Ghaeilge tar éis na mblianta fada ag foghlaim' agus bunaithe ar sin deireann sé go bhfuil 'ráta teipthe 88% ar mhúineadh na Gaeilge i scoileanna Béarla'.

Táimse ag glacadh leis gur mise an 'Donnchadh Ó hÉalaithe' atá i gceist aige. Sé an trua nach ndeacha Colm i dteagbháil liom roimhré, nuair a shocraigh sé mo ainm a usáid mar thacaíocht lena chuid tuairimíóchta.

Leis an dtaifead a cheartú ba mhaith liom a rá nach bhfuil aon anailís eolaíoch déanta agamsa, ná ag aon duine eile go bhfios dom, ar an líon daltaí a n-éiríonn leo 'líofacht a bhaint amach sa Ghaeilge' sa gcóras scolaíochta. Glacaim leis go bhfuair sé an figiúr '12%' ó alt liom a foilsíodh ar an iris leictreonach Beo (Eanáir, 2011), inar thug mé le fios go mbíonn 'thart ar 12.5% inniúl ar an nGaeilge tar éis dóibh a bheith á fhoghlaim le 13 bhliain'. Meastúchán garbh a bhí ansin, bunaithe ar an líon macléinn Ardteiste a bhaineann grád A nó B amach ag an Ardleibhéil sa Ghaeilge. [12.5% sa bhliain 2010]

Ar an gcéad dul síos baineann mo mheastúchán leis na scoileanna go léir sa stát, Gaelcholáistí agus scoileanna Gaeltachta san áireamh. Ar an darna rud, fiú dá mbeadh an an figiúr 12% le líofacht Ghaeilge cruinn, ní féidir a dhéanamh amach as sin go bhfuil 'ráta teipthe 88%' ar mhúineadh na Gaeilge. Céard faoi na daoine go léir a n-éiríonn leo roinnt áirithe Ghaeilge a thabhairt leo ach nach mbeadh inniúlacht nó líofacht bainte amach acu?

Tá an chuma ar an scéal go bhfuil díscríobh iomlán á dhéanamh ag Colm orthu.

Donncha Ó hÉallaithe

Cuirtear litreacha chuig **litreacha@gaelsceal.ie**. Iarrtar oraibh a bheith chomh gonta agus is féidir.

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 29 Feabhra, 2012

Sraith Rugbaí Heineken le cur ar ceal

[PIC : STEPHEN MCCARTHY SPORTSFILE]

Conall Ó Móráin

Sin an ceannlíne a d'fhéadfadh a bheith ann de réir na cainte i gciorcail rialtais mar go bhfuil fonn ar an Aire Spóirt deireadh a chur le hurraíocht ó chomhlachtaí alcóil. Ní hé go dtí téann tú ag breathnú ar shuíomh idirlín na n-eagras spóirt sin go dtugann tú faoi deara go hiomlán cé mhéad urraíochta a dhéanann comhlachtaí ar nós Guinness, Heineken agus Carlsberg. Tá siad gach áit.

Fág ar leataobh an sórt urraíochta áitiúil a dhéantar, nuair a thugann trádálaí sa cheantar tacaíocht airgeadais d'fhoireann nó do chlub.

Saol agus scéal iomlán difriúil é nuair a thosaíonn muid ag déanamh tráchta ar na comhlachtaí móra idirnáisiúnta. Ní chuireann na comhlachtaí seo pingin ar strae más féidir leo é nuair a bhíonn siad ag caitheamh a gcuid Euro ar urraíocht, bolscaireacht nó cumarsáid phoiblí.

Bhí mise mar láithreoir ag cruinniú bliantúil an Institiúid Díolacháin tamall ó shin agus d'fhoghlaim mé an t-uafás agus mé ann. Bhí beirt aoichainteoirí ann a chuaigh i gcionn go mór orm de bharr an leibhéal sofaisticiúlachta ag a n-oibríonn siad.

Bheadh ort a bheith ag an gcur i láthair chun tuiscint iomlán d'fháil ar an méid oibre a théann isteach sa réamhphleanáil ar urraíocht. Agus níl ansin ach an an tús. Mar riail ordóige, má chaitheann siad Euro amháin ag ceannach na hurraíochta caitheann siad ar a laghad an mhéid sin arís ag tacú leis an rogha. Nuair a fheiceann tú ceannlíne go bhfuil Heineken tar éis, abair, €10 milliúin a thabhairt don Chorn Rugbaí Eorpach chun na cearta ainmniúcháin a cheannach, caithfidh siad idir €10 milliúin agus €20 milliúin eile gach bliain ar an tsraith chéanna. Seo gnó mór don dá thaobh agus mar a deir mé, ní chuirtear an cineál sin airgid amú go héasca.

Ní admhóidh siad riamh é ach tá sé loighciúil glacadh leis go bhfuil an t-uafás taighde déanta ag na comhlachtaí seo, taighde a bhí le feiceáil ag cruinniú na hInstitiúide thuasluaite. Seo iniúchadh atá an-daor le ceannach ar conas gur féidir leo daoine a 'iompú' i dtreo a mbranda.

Ach ní dóthain an mhéid sin dóibh. Dá mba é sin an t-aon straitéis a bheadh ag an bhainisteoir margaíochta bheadh P45 ina ghleic aige go han-tapa. Is cinneadh fadtéarmach atá in urraíocht den sort sin - lorgaíonn na heagrais spóirt téarma trí bliana ar a laghad chun na cearta a dhíol le comhlacht - agus má dhéanann an ceannaitheoir an cinneadh mícheart beidh siad sáite leis, ar chostas an-daor, go cionn trí bliana.

Déarfaidh gach lámhleabhar díolaíochta leat gurb é an custaiméir an rí. Gan chustaiméirí ní bheidhcomhlachtaí beaga ná móra, i ngnó. Dá bharr sin, caitheann na comhlachtaí seo a gcuid airgid ag earcú custaiméirí nua - cuimhnigh go mbogann roghanna roinnt daoine go nádúrtha agus go nádúrtha ar ndóigh faigheann roinnt eile de na custaiméirí bás. Ní fhanann gnó socair riamh agus bíonn comhlachtaí de síoraí ag earcú. Déarfaidh na speisialtóirí margaíochta leat freisin go bhfuil sé i bhfad níos éasca roghanna tomhaltais, idir bia, éadaí nó fiú nuachtáin, a leagan síos do thomhaltóirí óga ná mar atá sé seanbhealaigh daoine aosta d'athrú.

Fiú dá mbeadh cosc iomlán ar bholscaireacht ar alcól sa tír seo ní stopadh sé an tionchar a bheadh ag fógraíocht ar an BBC nó ITV, sna hirisleabhair agus ar ndóigh trí cheoil.

Tá sé seo an-soiléir le comhlacht cosúil le Mercedes Benz. Tugann siad 'isteach sa chlann' tú leis an Rang A...nuair a bheidh tú ar do bhealach suas an dréimire corparáide cuirfidh siad i dtreo Rang C tú agus ar aghaidh agus ar aghaidh go dtí go sroicheann tú an Rang S.

Phléigh mé an méid seo le mo mhac, atá ocht mbliana déag d'aois. Dúirt seisean nach n-imríonn an urraíocht a dhéanann comhlacht ar, abair sraith an Corn Heineken, aon tionchar air maidir leis an gcineál beorach a roghnaíonn sé.

Ach, agus seo an áit ina bhfuil an ceart ag an rialtas, bhí sé dall ar an mhéid a bhí gach duine dá chairde, gan eisceacht, ag ól alcóil, cibé branda a roghnaigh siad.

Freisin bhí siad tosaithe, i gcoinne thoil a dtuismitheoirí, ag ól faoi cheilt agus iad níos óige. Is é sin, bhí an dlí á bhriseadh acu. Tá na daoine seo meallta ag na comhlachtaí alcól agus beidh siad acu mar chustaiméirí go ceann na mblianta. Tá an bua ag na comhlachtaí agus beidh deacrachtaí sláinte, de bharr óil, ag an gceathrú cuid acu siúd atá ag ól sna blianta amach rompu.

Tá sé gar le bheith dodhéanta freisin dul i gcoinne fhórsa na margaíochta idirnáisiúnta.

Fiú dá mbeadh cosc iomlán ar bholscaireacht ar alcól sa tír seo ní stopadh sé an tionchar a bheadh ag fógraíocht ar an BBC nó ITV, sna hirisleabhair agus ar ndóigh trí cheoil. Dár liom, agus is trua liom é a rá, má chloíonn an rialtas leis an bplean atá acu, d'fhéadfadh sé damáiste a dhéanamh ar chúrsaí spóirt agus cultúir sa tír seo agus oscailt a chruthú d'imeachtaí eachtrannacha, rud a bheadh gan toradh ná tairbhe.

Má tá an rialtas ag iarraidh cúngú a dhéanamh ar ólachán i measc na n-óg - rud atá ag teastáil - tá bealaí simplí, a oibríonn i gcultúr liobrálach Mheiriceá, a d'fhéadaí a thriail anseo. Mar thús, cosc iomlán a chur ar alcól dóibh siúd faoi bhun 21 bliain d'aois. Cén fáth nach ndéanfaí sin?

Agus, ní fhéadfadh na comhlachtaí alcóil faic a dhéanamh ina choinne, mar dar leo, níl fonn orthu go mbeadh daoine óga ag ól agus creideann muid iad, ar ndóigh. An dara rud, cosc iomlán a chur ar ól aon aon chineál alcóil in áiteacha poiblí.

Ar na bealaí sin tá seans ann go mb'fhéidir go bhfeicfeadh na comhlachtaí alcóil gur cur amú é a gcuid airgid é díriú ar ócáidí ina mbíonn daoine faoi bhun 21 bliain d'aois mar nach mbeidh cead acu a gcuid táirgí a cheannach agus tuigeann na comhlachtaí céanna an riail eacnamaíochta faoin méid a tharlaíonn más féidir an t-éileamh a stiúradh.

Cé ba thúisce a cailleadh ar

Páidí Ó Lionáird

Táim den tuairim nach gcuimhneodh ach duine as gach cúigear daoibh ar a ainm dá gcuirfinn ceist oraibh. Seans b'fhéidir nach gcuimhneodh an mhéid sin féin ar a ainm mura ndéarfainn libh é.

Liam Keogh an t-ainm a bhí á lorg agam agus b'é sin an garsúinín óg a bádh go tragóideach ar an "eastát taibhsiúil" nó an "scáileastát" mar a thugann an tUasal Focal air, in Átha Luain an tseachtain seo chaite.

N'fheadar an bhféadfaí teideal an chéad íobartach den a leithéid d'eastáit a thabhairt ar an mbuachaillín óg agus ní dócha gur cuma sa tsioc le máthair an bhuachalla nó a chlann i gcoitinne faoi na nithe sin, a ndoilíos siúd dírithe ar a gcaillteanas.

Is iomaí polaiteoir - comhairleoir agus Teachta Dála - atá tar éis labhairt amach go láidir ó shin mar gheall ar an uafás seo do chlann an bhuachalla, an donas atá déanta do bhailte na tíre agus iad ar fad ag cur an locht ar gach éinne eile - seachas orthu féin. Cé a bhronn cead pleanála ar na heastáit seo? Go díreach!

Níl sé i gceist agamsa cur le pian an

[PIC : MARK STEDMAN/ PHOTOCALL IRELAND]

caillteanais atá á fhulaingt ag clann na marbh - níl ná é. Teastaíonn uaim smaoineamh a spreagadh agus ceist nó dhó a chur, bainteach leis an gcás seo agus ní bainteach le cás bhás an bhuachalla ach le cás na n-eastát agus a n-úsáid.

Tá staidéar déanta agus foilsithe a chuireann síos ar an 2,700 eastát agus os cionn 100,000 aonad tithíochta atá scaipthe ar fud na tíre - sin céad míle teach nó árasán in éagsúlacht leathan foirgneamh nó forbartha atá fós le críochnú.

Cuma cén comhaireamh a dhéanann tú nó cén dearcadh atá agat ar an scéal, is mór an náire é go bhfuil na mílte teaghlaigh agus daoine aonair ar liostaí feithimh do thithíocht shóisialta ar fud na tíre agus an cáiníocóir ag íoc cíosa ar

Tiocfaidh Fianna Fáil i dtreis arís - agus roimh i bhfad b'fhéidir!

Eoghan Ó Néill

Ní ghlacfar le hÉire Aontaithe i ndáiríre go mbeidh Sinn Féin i rialtas thuaidh agus theas. Nó is í lomchlár na fírinne nach bhfuil aon mhórpháirtí eile atá dáiríre faoi Éire Aontaithe ach iad.

Níl Fianna Fáil ná Fine Gael ná Páirtí an Lucht Oibre dáiríre faoi. Níl an SDLP dáiríre faoi agus ar ndóigh níl rialtas na Breataine dáiríre faoi ach oiread. Is ní bheidh rialtas na Breataine dáiríre faoi go mbeidh Sinn Féin i gcumhacht thuaidh agus theas.

Sin an ceacht atá le foghlaim óna bhfuil ag titim amach in Albain leis an SNP. Tá rialtas na Breataine agus pobal na hAlban dáiríre faoi Albain neamhspleách cionn is go bhfuil rialtas i gcumhacht i nDún Éidinn atá dáiríre faoi neamhspleáchas agus a bhfuil gach mórpholasaí dá gcuid dírithe air sin a bhaint amach.

Ach ní bheidh Sinn Féin i gcumhacht thuaidh agus theas go fóill beag. Sa tuaisceart tá siad i rialtas anois le fada an lá.

In ionad a vóta a bheith ag titim as iad a bheith in áit na bunaíochta agus na cumhachta, is amhlaidh gur mhéadaigh an vóta s'acu.

Ó dheas, is fadálaí ar fad an fás ach is léir don dall go bhfuil borradh ag teacht fúthu agus go bhfuil an páirtí fréamhaithe i gceart anois i roinnt mhaith toghcheantar.

Ceannaire Fhianna Fáil Mícheál Martin. Tá sé ag ullmhú dá chéad Ard-Fheis mar cheannaire - an bhfeicfidh sé ceann eile? [PIC : PHOTOCALL]

Ach dá bhisiúla cúrsaí acu ó dheas i láthair na huaire, tá Sinn Féin ar an dream deireanach a chuirfeadh iontaobh de bharraíocht sa phobalbhreith a chuir an Sunday Times i gcló Dé Domhnaigh seo caite.

Más cruinn dó sin tá 25% de thacaíocht an phobail ag Sinn Féin agus tuairim is 16% ag Fianna Fáil.

Tá na figiúirí sin ag teacht salach ar shraith de pobalbhreitheanna eile a thug le fios go bhfuil Sinn Féin ar 15%-16% agus Fianna Fáil ar 19% nó mar sin.

Dar liom go bhfuil na pobalbhreitheanna eile sin cruinn agus go bhfuilsuirbhé an Sunday Times mhíchruinn. Ach ní léiríonn pobalbhreitheanna láidreacht páirtí. Léiríonn siad tacaíocht an pháirtí ag bomaite ar leith. Agus is maith is eol do cheannairí Shinn Féin nach bhfuil inneall páirtí acu den sórt a ba cheart a bheith ag páirtí atá ar 25% den vóta, an dara páirtí is mó sa stát, más fíor.

Tá coda de na 26 Chontae nach bhfuil inneall páirtí ar bith ag Sinn Féin iontu, agus tá coda eile de na 26 Chontae ina bhfuil inneall Shinn Féin thar a bheith lag.

Mar sin, agus é ag caint lena thoscairí ag an Ard-Fheis san RDS an deireadh seachtaine seo, tuigfidh Micheál Ó Máirtín go maith nach bhfuil Sinn Féin ar tí áit Fhianna Fáil a thógáil mar an dara páirtí is mó sa stát. Tá Fianna Fáil ollmhór agus in ainneoin na batrála a tugadh dóibh ag an toghchán deiridh tiocfaidh siad i dtreis arís.

Tá an páirtí i mbeagnach gach paróiste sa stát, sna cumainn CLG agus sna grúpaí pobail, sna cumainn tráchtála agus sna heagrais logánta.

Tá siad fite fuaite ar an oiread sin bealaí le saol an phobail. Ach, shílfeá ar an síor-cháineadh a dhéantar orthu na saolta seo nach raibh duine ar bith riamh ann a chaith vóta ar a son. Bhuel, más amhlaidh é, cé a chuir i gcumhacht iad le vóta ollmhór arís is arís is arís eile ar feadh 20 bliain nach mór?

Tá Fianna Fáil níos láidre i bhfad ná Sinn Féin. Tá polasaithe Fhianna Fáil faoi go leor ceisteanna níos forbartha. Tá i bhfad níos mó ardáin acu lena gcur chun tosaigh ná mar atá ag Sinn Féin agus tá inneall ag Fianna Fáil ar leibhéal logánta is náisiúnta a chuireann éad, ní amháin ar Shinn Féin, ach ar gach páirtí eile. Níl mé ag maíomh go dtiocfaidh Fianna Fáil ar ais láithreach bonn. Tá fearg ollmhór ar an phobal go fóill agus tógfaidh sé am sula dtiocfaidh maolú ar an fhearg sin.

Lena chois sin ní dhearna Fianna Fáil aon athrú bunúsach fós ón toghchán deiridh ach tarlóidh sin agus in imeacht ama tiocfaidh Fianna Fáil i dtreis arís. Cheil na ceannlínte faoi thacaíocht Shinn Féin / Fhianna Fáil fíorscéal na pobalbhreithe úd sa *'Sunday Times'*, is é sin go bhfuil Páirtí an Lucht Oibre, más fíor, ar 10% den vóta.

Tá Páirtí an Lucht Oibre anois san áit a raibh na Glasaigh rompu agus an PD roimhe sin, i bponc. Nó is é a tharlaíonn i gcomhrialtas ná go mbogann an páirtí beag i gcónaí níos cóngaraí do dhearcadh an pháirtí mhóir.

Tá polasaithe Fhianna Fáil faoi go leor ceisteanna níos forbartha. Tá i bhfad níos mó ardáin acu lena gcur chun tosaigh ná mar atá ag Sinn Féin agus tá inneall ag Fianna Fáil ar leibhéal logánta is náisiúnta a chuireann éad, ní amháin ar Shinn Féin, ach ar gach páirtí eile.

Is mó agus is mó atá Eamon is Joan is Brendan ag cosaint pholasaithe Fhine Gael agus le gach cosaint ar na polasaithe sin is mó agus is mó atá bearna ag méadú idir Theachtaí Dála / chomhairleoirí Pháirtí an Lucht Oibre agus an lucht tacaíochta / oibrithe cumainn ag leibhéal áitiúil.

Seachas Fianna Fáil a bheith scanraithe roimh Shinn Féin ba cheart do Pháirtí an Lucht Oibre a bheith buartha faoi Fhine Gael. Iontach buartha.

scáileastát in Éirinn?

lóistín sealadach dóibh gach uile mhí den bhliain.

De réir chuid de na figiúirí atá le fáil go héasca ar líne, caitear os cionn €100 milliún ar an gcíos seo in aghaidh na bliana.

Agus ar ndoigh ní áiríonn an mhéid sin ar fad an eilifint mhór sa tseomra - iad san ar fad sa tír atá gan dídean. Nuair a chuirtear an €75 milliún a chaitear ar seo gach bliain sa phota, móide an méid airgid a caitear ar na heagrais ar fad a bhíonn ag plé leis na grúpaí sin, Clann Shíomóin, Focus Ireland, an Chomhairle Tithíochta Sóisialta agus mar sin de - abraímis €200 milliún, go coimeádach (caitheadh €620M ar thograí dídne idir 2000 agus 2008).

Cé mhéad obair thógála, críochnaithe, snasta nó péinteála a cheannódh €200 milliún? Ní fhéadfainnse an fhreagra is cruinne ar domhan a thabhairt ar an gceist sin ach tá's agam daoine a thabharfadh.

Nach mbeadh sé éasca go leor, shílfeá, na suimeanna ar fad a thabhairt d'údar matamaitice, duine ar nós ár gcara Donncha Ó hÉallaithe, a d'fhéachfadh go fuarchúiseach ar na figiúirí agus a chinnfeadh de réir na bhfíricí canad ar cóir tabhairt faoin obair athchóirithe, críochnaithe nó pé a bheadh de dhíth leis na haonaid seo a chur in oiriúint don dteaghlach nó don duine gan dídean a bheadh buíoch as an iarracht.

Thabharfainn na moltaí sin ar lámh do chomhlacht suirbhéirí cainníochta (atá ar an ngannchuid a ndóthain mar atá agus a bheadh buíoch den ngnó) agus d'iarrfainn orthu na lóistíochtaí ar fad a fhiosrú agus an t-airgead a dháileadh idir na húdaráis áitiúla ar bhonn pro rata ar an dtuiscint go gcaithfí an t-airgead ar na tograí sin amháin.

Níl aon aithne agamsa ar mhuintir an bhuachalla a cailleadh sa timpiste a d'fhág a mhuintir á chaoineadh agus ag cur an mhilleáin orthu féin de bharr a bháis. Nárbh dheas a shamhlú go bhféadfadh maitheas éigin a theacht óna bhás anabaí agus go gcuimhneofaí go dearfach ar ainm Liam Keogh?

Tá go leor daoine fós i sochaí na hÉireann, áfach, a déarfadh gur iomarca i bhfad a tugtar do dhaoine gan dídean agus dóibh siúd ar liostaí tithíochta.

Tá daoine ann a chothódh aighnis dá mbogfaí teaghlaigh ó na liostaí sin chun cónaí ina 'n'eastáit féin'- na NIMCC (Ní i Mo Chúl-Clós-sa). Ní bheifear riamh in ann gach éinne a shásamh ach is fiú triail a bhaint as.

Ní bheinn ag moladh gur cóir go mbeadh críoch ríoga ar na foirgnimh seo - bíodh siad bunúsach ach bíodh siad slán, sábháilte, te agus teolaí agus curtha ar fáil do dhaoine a bhfuil a ndóthain buillí buailte cheana féin orthu agus a bhféinmhuinín ar an runga is ísle dá bhfuil ann.

Tá's agam cén fhreagra a gheobhainn dá gcuirfinn a leithéid de smaoineamh coinsiasach os comhair na bpolaiteoirí céanna atá luaite ag tús an ailt. Chaithfí i dtraipisí é agus chuirfí fios ar na 'cótaí bána' le mé a ghabháil d'fhonn mo mheabhair, as mo mheabhair a cheansú.

Níl aon aithne agamsa ar mhuintir an bhuachalla a cailleadh sa timpiste a d'fhág a mhuintir á chaoineadh agus ag cur an mhilleáin orthu féin de bharr a bháis.

Nárbh dheas a shamhlú go bhféadfadh maitheas éigin a theacht óna bhás anabaí agus go gcuimhneofaí go dearfach ar ainm Liam Keogh?

I MEASC AN PHOBAIL

Ba bhreá linn pictiúir leatsa in Gaelscéal agus ar ár suíomh idirlín. Má tá ócáid nó imeacht pobail nó sóisialta ar siúl agat, is féidir grianghraif de a sheoladh chugainn ag **pic@gaelsceal.ie** Ní mór go mbeadh caighdeán réasúnta sna pictiúir agus cead faighte agat iad a fhoilsiú ó na daoine atá le feiceáil iontu. Cuirfidh muid na cinn is fearr i gcló anseo agus ar **www.gaelsceal.ie**

Mná Chois Fharraige i nGaoth Dobhair ag bronnadh saothair dá gcuid, Logainmneacha i gceantar Mhín an Iolair, ar rang 5 agus 6 i Scoil Mhuire, Na Doirí Beaga. Ina gcuideachta sa phictiúr tá, Seán Seosamh Mac Iomhair, príomhoide na scoile. PIC. TOMÁS Ó CUIREÁIN

Úna O'Boyle a labhair ag comhdháil Imbolc i mBaile Bhuirne le déanaí. PIC: SINÉAD CORISH/DAN GRIFFITH

Arailt Mac Giolla Chainnigh ó Cheanada agus Nóra Welby, Bainisteoir Ghlór na nGael, ag ceiliúradh mór bronnta duaiseanna Ghlór na nGael in Óstán Carton House, Maigh Nuad Dé Sathairn seo caite.

Ghlac 120 duine páirt sa rás 'Duathlon Chonamara', a reáchtáladh ar an gCeathrú Rua, Dé Sathairn seo caite. B'é club tríatlan Chonamara, TríSpórt, a d'eagraigh an rás. Ba í Derval Devaney ón gclub áitiúil an chéad bhean a chríochnaigh an rás. PIC: SEÁN POWER

Eibhlín Mhic Brádaigh agus Pádraig Ó Cuinneagáin, ó Glór Bhréifne, Co. an Chabháin ag ceiliúradh bronnta duaiseanna Ghlór na nGael in Óstán Carton House, Maigh Nuad Dé Sathairn seo caite.

Baill as Óg-Ógras Cill Daingean, Co. Chill Dara a tháinig sa dara háit i Rannóg Óg-Ógras ag Comórtas Seó Ardán Ógras a bhí ar siúl ar an Satharn 11 Feabhra 2012. Ó chlé go deas: Paula Melvin (moltóir), Aoife Cunningham, Ava Devine, Leonie Ní Dhuinn, Amy Ní Mhilleir agus ar chúl, Breandán Ó Cathasaigh (Cathaoirleach Ógras).
PIC: MAEDHBH NÍ DHÓNAILL.

NUACHT RÉIGIÚNACH

CONNACHTA NUACHT

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Bóthar nua Chonamara ar charraig - €3.5m caite gan toradh?

Máirtín Ó Catháin

D'FHÉADFADH sé go bhfuil €3.5m caite ar staidéar ar bhóthar nua as Scríob go Gaillimh agus nach mbeidh tada dá bharr sa deireadh.

Beidh cruinniú ag Comhairleoirí Contae Chonamara go róghairid agus cinneadh tromchúiseach le déanamh acu faoina bhfuil i ndán don phlean uilig.

Tuigtear go bhfuil na Comhairleoirí mórán ar aon fhocal nach mbeidh siadsan sásta tacú le ceachtar den dá chúrsa atá molta don bhóthar nua.

Feictear do na Comhairleoirí go bhfuil an dá chúrsa i bhfad róghar do thithe cónaithe agus do ghabhaltais talún agus gur cheart an bóthar a choinneáil go maith ó thuaidh sa sliabh.

Má choinníonn siad leis an bhfocal sin, is cosúil go bhféadfaí an plean uilig a chaitheamh i dtraipisí.

"Seachain," arsa an Comhairleoir Contae Seosamh Ó Cuaig, " angceapfaí go bhfuil siléig ar bith i gceist anseo ó thaobh na gComhairleoirí de. Níl ach cúis amháin go bhfuil bóthar nua Chonamara ar charraig agus sin cúiseanna timpeallachta agus dlí na hEorpa. Tá a fhios againn cén cúrsa a d'fheilfeadh d'fhormhór phobal Chonamara acu tá muid stoptha ag rialacha SACs. Sin é".

Dúirt an Comhairleoir Seán Ó Tuairisg ag cruinniú i gCarna an tseachtain seo go bhfuil uair na cinniúna tagtha.

"D'fhiafraigh muid do stiúrthóir rannóg na mbóithre sa gComhairle Contae an bpléifeadh sé an cheist aríst le Seirbhís na bPáirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (tá lámh mhór acusan sna rialacha timpeallachta) agus tá sin déanta aige. Beidh tuairisc againn ag an gcruinniú atá le reáchtáil go gairid".

Ar an Aoine, dheimhnigh an stiúrthóir Prionsias Mac Giolla Mhuire go bhfuil an cruinniú sin idir é féin, na saineolaithe atá ag plé le pleanáil an bhóthair agus Comhairleoirí Chonamara dá shocrú faoi láthair.

Tuigtear gur dúradh le Comhairleoirí Chonamara scaitheamh ó shin nach mbeifí ag roghnú aon chúrsa nua eile seachas an péire atá fanta anois.

Thiocfadh an ceann is faide ó thuaidh anuas taobh thiar do chrosbhóthar Bhaile na hAbhann agus coinneofaí leis an mbóthar atá ann an chuid eile den bhealach go Scríob.

Níl na Comhairleoirí sásta leis an gcúrsa sin; scoilteadh sé gabhaltais agus bailte fearainne a deir siad. Agus níl aon chinnteacht ann fiú go nglacfaí leis an gcúrsa sin san Eoraip ar chúiseanna timpeallachta.

Tá cúrsa eile marcáilte níos faide ó dheas ach chaithfí suas le 14 theach a leagan dá ngabhfaí an bealach sin.

"Ó thuaidh go maith ba cheart a dhul," arsa an Comhairleoir Seán Ó Tuairisg, "ach sílim go bhfuil muid le balla anois".

Níl a fhios go barainneach cén chaoi a láimhseofar an cheist as seo amach. Ceaptar go gcaithfí aon mholadh go stopfaí an phlean a chur faoi bhráid chruinniú iomlán do Chomhairle Contae na Gaillimhe. Ceaptar gur beag drogaill a bheadh ar Chomhairleoirí as an gcuid eile den chontae stop a chur leis an bplean don bhóthar uilig.

'Oscair an Spidéil'

Katie McGreal

BEIDH 'Oscair an Spidéil' ar siúl in Óstán na Páirce sa Spidéal ar an Satharn beag seo, 3 Márta ag 7.30in. Tá an oíche á reáchtáil mar thacaíocht do Chumann Titimis na hÉireann, Brainwave agus Anaifiolacsas Éireann (Anaphylaxis Ireland), chun daoine a chur ar an eolas faoi na heagraíochtaí seo. Rachaidh an t-airgead uilig a mbaileofar le linn na hoíche go dtí na heagraíochtaí seo. I ndiaidh fáiltiú, fíon agus cáis, beidh suipéir ar fáil agus bronnfar Oscair ar 'An Cúpla is Fearr Gléasta', 'An Dearadh Feistis is Fearr', 'An Mhaisíocht Físe is Fearr', 'An Bhean Uasal is Galánta', chomh maith le neart Oscair eile.

Beidh raifil ar siúl ar an oíche freisin. Tá ticéid ar fáil ar €25 an duine agus tá tuilleadh eolais ar fáil ó Jenny ar 087 2986484 nó ag info@spiddaloscars.com.

Micheál Ó Clochartaigh as Iorras Aithneach a ghlac pairt sa rás 'Duathlon Chonamara', a reáchtáladh ar an gCeathrú Rua, Dé Sathairn seo caite. Ba é club tríatlain Chonamara, TríSpórt, a d'eagraigh an rás. PIC: SEÁN POWER

Maigh Eo

Míol mór ar chósta Oileán Acla

Katie McGreal

CHONAIC tonnsceinnteoirí (surfers) míol mór dronnach (Humpback Whale) san fharraige cóngarach de thrá an Chaoil ar Oileán Acla i Maigh Eo ag tús na míosa seo.

Chonaic siad an míol mór, a bhí idir 30 agus 60 troigh i bhfad, ceithre huaire ar an Satharn, 11 Feabhra.

Ní fhaca éinne é ó shin, áfach.

Seo an chúigiú huair riamh a bhfaca éinne míol mór dronnach sna farraigí amach ó chósta Leath Choinn.

Rud aisteach nach bhfeictear na míolta móra seo níos minice toisc gur maith leo a bheith cóngarach den chósta nuair a bhíonn siad ag ithe.

Síleann an Grúpa Éireannach maidir le Míolta Móra agus Deilfeanna go gciallaíonn sé seo nach bhfuil mórán míolta móra fágtha san Atlantach Thuaidh i ndiaidh blianta de dhaoine a bheith á mharú i gcomhair an airgid.

Cuireann an grúpa fáilte roimh aon phictiúir d'aon mhíolta móra

SAORVIEW
LEICTRŌ CHONAMARA
oifig: 091 595 092
gach seirbhís teilifíse dhigiteach
all digital television services
glaoch ar / call
John Walsh 087 235 7096
official saorview agent seirbhis SKY agus FREESAT

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 29 Feabhra, 2012

Daltaí Choláiste Uisce

eile ionas gur féidir leo súil a choinneal ar aon chinn atá thart ar chósta na hÉireann. Tá tuilleadh eolais faoin nGrúpa ar fáil ar an suíomh atá acu ag www.iwdg.ie.

Deireadh seachtaine saor in aisce i gColáiste Uisce do mhúinteoirí

Katie McGreal

TÁ an coláiste samhradh, Coláiste Uisce, i mBéal an Mhuirthead i Maigh Eo ag eagrú deiridh seachtaine eachtraíochta in aisce do mhúinteoirí bunscoile agus meánscoile ar an 30 Márta.

Beidh na múinteoirí páirteach in imeachtaí ar nós surfáil, dreapadóireacht, rang Gaeilge agus céilí le linn an deireadh seachtaine agus beidh orthu Gaeilge a labhairt, díreach mar an gcéanna leis na himeachtaí a dhéanann na daltaí scoile agus iad i gColáiste Uisce le linn an tsamhraidh. Caithfidh uimhir oide a bheith ag gach múinteoir le freastal ar an gcúrsa.

Tá comórtas ar bun ag Coláiste Uisce do cheathrar daoine fásta eile, nach bhfuil ina mhúinteoirí ach atá ag iarraidh freastail ar an gcúrsa seo chomh maith. Tá tuilleadh eolais ar fáil ar shuíomh Choláiste Uisce ag www.uisce.ie.

Déanfar taighde ar chúrsaí Gaeilge do dhaoine fásta i rith an deireadh seachtaine seo freisin.

Seo é an tríú deireadh seachtaine den chineál seo á reáchtáil ag Coláiste Uisce agus d'éirigh go maith leis na cinn roimhe seo. Táthar ag siúl go mbeadh thart ar 50 duine i láthair ar an gcúrsa.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ó Clodagh@uisce.ie.

Seachtain na Gaeilge Mhaigh Eo le seoladh

Katie McGreal

SEOLFAIDH an Coimisinéir Teanga, Seán Ó Cuirreáin, Seachtain na Gaeilge Mhaigh Eo in Óstán an Mhainéir, Sráid Bairéid i mBéal an Átha amárach ag 8in.

Beidh neart siamsaíochta ar siúl ar an oíche. Déanfaidh daltaí Ghaelscoil na gCeithre Maoil i mBéal an Átha drámaí beaga, damhsa, amhránaíochta agus seinnfidh siad neart ceoil freisin. Déanfaidh an banna ceoil 'Gort na mBó' píosa beag siamsaíochta ar an oíche freisin.

Tá fáilte roimh chách ag an ócáid agus níl aon chostas ag baint leis. Tá tuilleadh eolais ar fáil ó Bhrídín i gConradh na Gaeilge Mhaigh Eo ar 094 9022444.

An bhfuil scéilín agat? Ba mhaith linn freastal ar gach Gaeltacht is Gaelphobal sa tír. Má tá scéilíní nó nótaí áitiúla agaibh, cuirigí iad chuig an seoladh rphoist seo le bhur dtoil, **nuacht@gaelsceal.ie**, agus déanfaidh muid ár ndícheall iad a chur i gcló.

Fóram Leitir Fraic i mbun cainteanna faoi chláracha Gaeltachta

Máirtín Ó Catháin

IS COSÚIL go gceapfar fochoiste ag cruinniú bhord stiúrtha Fhóram Chonamara i Leitir Fraic inniu le tuilleadh cíoradh a dhéanamh ar cheist an chláir LCDP sa nGaeltacht. Clár oiliúna é an LCDP a bhí faoi chúram chomhlacht Mheitheal Forbartha na Gaeltachta nó gur chlis an comhlacht sin.

D'fhreastal ionadaithe as Fóram Chonamara ar chruinniú le feidhmeannaigh as an eagraíocht Pobal le gairid ag ar dearnadh plé ar bhealaí leis an gclár oiliúna seo a eagrú aríst i nGaeltacht na Gaillimhe.

Bhí ionadaithe as comhlacht Forbartha Tuaithe na Gaillimhe (*Galway Rural Development Company*) ag an gcruinniú seo freisin; siadsan atá ag riaradh an chláir Leader in oirthear na Gaillimhe. Bhí na hionadaithe as Pobal ag iarraidh a fháil amach an mbeadh na dreamanna atá ag láimhsiú LCDP agus Leader gar do na ceantracha Gaeltachta in ann freastal ar phobail Ghaeltachta na Gaillimhe sa gcás seo.

Tá Comhar na nOileán bainteach le reáchtáil cláracha mar seo i gcuid de na ceantracha Gaeltachta ach ní raibh ionadaithe acusan ag an gcruinniú atá i gceist; ceaptar nach bhfuil suim acu a bheith bainteach le réimse níos leithne oibre ar an mórthír.

Ceaptar go bhfuil Pobal ag cuimhneamh go láidir ar dhualgais LCDP - agus Leader, bhféidir - sna Gaeltachtaí taobh thoir de Ghaillimh a thabhairt do Chuideachta Forbartha na Gaillimhe; tá oifigí acusan i mBaile Átha an Rí.

Ach d'fhéadfadh sé gur ar Fhóram Chonamara i Leitir Fraic is mo a thitfeadh cúramaí ó thaobh na Gaeltachta de, cé go bhfuil siadsan ag iarraidh go leor soiléirithe sula gcuirfidh siad lámh ar an gclár LCDP sa nGaeltacht.

Fiafraíodh ag an gcruinniú a reáchtáil Pobal le gairid an mbeadh athrú struchtúir le déanamh ar Fhóram Chonamara dá mbeadh cúramaí LCDP orthu sa nGaeltacht. Fiafraíodh freisin an bhféadfaidís an chuid den obair a bhainfeadh leis an nGaeltacht a ligean amach ar chonradh.

Chomh maith leis sin, fiafraíodh an mbeadh sé i gceist cúramaí chlár Leader (clár a bhí á láimhsiú ag Meitheal Forbartha na Gaeltachta) a chur ar Fhóram Chonamara sa nGaeltacht. Tuigtear nach raibh freagraí ar fáil ar na ceisteanna sin ag an gcruinniú le gairid.

Dúirt urlabhraí ó Fhóram Chonamara go gcaithfí soiléiriú iomlán a fháil ar na ceisteanna sin sula bhféadfadh bainistíocht agus bord stiúrtha Fhóram Chonamara aon bhreithiúnas a thabhairt ar mholadh go ndéanfaidís láimhsiú ar chlár LCDP sa nGaeltacht.

Is dá bharr sin atá fochoiste de chuid an bhoird stiúrtha le ceapadh inniu - Dé Céadaoín - i Leitir Fraic. Ceaptar go mbeidh cómhráití idir an fochoiste seo agus an eagraíocht Pobal, ag léibhéal bainistíochta, as seo go ceann coicíse.

LAIGHIN NUACHT

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Baile Átha Cliath

Deiseanna do dhaoine óga

Katie McGreal

TÁ Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ag lorg daoine óga a bhfuil suim acu a bheith ina n-oiliúnaithe ar long ard an samhradh seo.

Caithfidh tú a bheith idir 18 agus 25 d'aois agus a bheith i do chónaí i limistéar riaracháin Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Tá na treoracha ar fad le fáil ar shuíomh na long ard ag www.dublintallships.ie. Caithfidh tú dhá theistiméireacht a bheith agat agus caithfidh tú píosa gearr a scríobh faoin bhfáth ar cheart duit an deis seo a fháil ach níl aon ghá le taithí a bheith agat roimh ré.

Tá maoiniú do 25 oiliúnaí ag an gComhairle Cathrach faoi láthair agus roghnófar na daoine sin trí chrannchur. Ach, tá an Chomhairle ag iarraidh ar dhaoine as gach áit clárú leo ionas gur féidir leo tuilleadh eolais a fháil faoi dheiseanna eile a dtiocfaidh aníos amach anseo. Má fhaigheann tú an maoiniú, iarrfaidh an Chomhairle Cathrach ort €400 a íoc tú féin, mar go mbeidh costas €2500 san iomlán ar an turas ar fad. Má tá suim agat sa deis seo, caithfidh tú clárú ar shuíomh na longa ard ag www.dublintallships.ie roimh an Domhnach, 11 Márta.

'Flux'

Katie McGreal

THOSAIGH an seó aonair, nuascríofa, 'Flux', leis an scríbhneoir agus an t-aisteoir, Aoife Nic Ardghail ar an Luan seo caite, 28 Feabhra in Ionad an Phiarsaigh ar Shráid an Phiarsaigh i mBaile Átha Cliath. Beidh sé ar siúl gach oíche ag 7in go dtí an Satharn seo chugainn, 3 Márta.

Scéal faoi thriúr ban atá anseo le guthanna áirithe agus dúil áirithe ach tagann siad le chéile le ceol cumhachtacha a chumadh.

Stiúraigh Jennifer Shortall an seó agus chum Daragh Thomas an ceol.

Roimhe seo, bhí Nic Ardghail mar Linda sa dráma 'Seacht' agus bhí sí i roinnt drámaí ar an raidió. D'oibrigh sí mar iriseoir le CCC nuacht Teoranta agus mar shaoririseoir freisin.

Praghas idir €8 agus €12 atá ar na ticéid agus tá tuilleadh eolais ar fáil ó 087-9548514.

Siopaí ag tacú le Seachtain na Gaeilge

TÁ gnólachtaí i gCluain Dolcáin ag tacú go láidir le beart nua chun deis a thabhairt do chustaiméirí Gaeilge a úsáid i rith Sheachtain na Gaeilge (SnaG).

Le linn na tréimhse beidh freastalaithe atá líofa sa Ghaeilge i siopaí, i dtithe tábhairne agus i ngnólachtaí eile ag caitheamh greamaitheoirí a inseoidh don phobal go bhfuil fáilte rompu Gaeilge a labhairt leo.

"Tá an lucht gnó thar a bheith dearfach faoin tionscnamh agus tá muid an-sásta go deo leis an aisfhreagra atá faighte againn," arsa urlabhraí Áras Chrónáin, atá ag eagrú an fheachtais.

"Tháinig muid ar Ghaeilgeoirí i siopaí ar fud Chluain Dolcáin agus bhí daoine nach bhfuil líofa ag iarraidh greamaitheoirí a deir go bhfuil cúpla focal acu a chaitheamh freisin."

"Tá go leor daoine le Gaeilge i gCluain Dolcáin agus tabharfaidh sé seo deis dóibh a gcuid Gaeilge a úsáid agus iad ag siopadóireacht nó amuigh don oíche. Bheartaigh muid an tionscnamh seo a dhéanamh tamall ó shin, ach tá sé an-tráthúil de bharr na tuairimíochta le déanaí go bhféadadh Cluain Dolcáin aitheantas a fháil mar 'Ghréasán Gaeltachta' amach anseo."

Beidh freastalaithe ag caitheamh greamaitheoirí de chuid Chonradh na Gaeilge agus Fhoras na Gaeilge le linn SnaG agus beidh siad ag crochadh póstaeir a mhíníonn an togra don phobal chomh maith.

€2,500 d'fhear le míchumas a caitheadh amach as cór

Colm Ó Broin

TÁ cúiteamh €2,500 bronnta ag an mBinse Comhionannais ar fhear le míchumas a chaitheadh amach as cór i Loch Garman.

Tá míchumas éadrom intleachtúil ag an bhfear agus, dar leis, cuireadh amach as an *Wexford Male Voice Choir* é de bharr seo.

Shéan an cór an líomhainn agus dúirt gur cuireadh an fear as an gcór de bharr nach raibh sé sásta glacadh le treoir agus nár fhreastail sé ar 75% de na cleachtaí le linn a thréimhse phromhaidh sé mhí. Mhaígh siad chomh maith go raibh iompar an fhir "suaiteach" agus nach raibh a ghlór oiriúnach don chór, atá ar an bhfód ó 1941.

Dúirt an Binse, áfach, go raibh an fear mar chuid de chóir éagsúla sular bhain sé ballraíocht amach san Wexford Male Voice Choir in 2007 agus go raibh a chumas amhránaíochta "os cionn an mheáin." Rinne sé staidéar le cóitséalaithe agus sopráin aitheanta ón am sin. Dúradh leis an cór a fhágáil i mí Dheireadh Fómhair 2008, agus an cór ag ullmhú do thaispeántas i bhféile cheoldrámaíochta áitiúil.

Dúirt an fear leis an mBinse nár éirigh leis dul chuig cleachtadh amháin le linn na tréimhse sé mhí agus gur baineadh geit as nuair a dúradh leis ionad cleachtaithe an chóir a fhágáil agus gur ghoill an eachtra go mór air. Sheán sé líomhaintí an chóir go raibh a iompar suaiteach agus dúirt nár ghlac sé le seasamh an chóir nach raibh a fhios acu go raibh míchumas aige.

Ghlac an Binse le fianaise an fhir agus le fianaise ó bhall eile den chór, 'An tUasal D', a dúirt nach bhfaca sé aon iompar suaiteach ón bhfear 21 bliain d'aois agus é sa chór. Dúirt an tUasal D gur amhránaí breá é agus nach raibh aon deachtracht aige glacadh le treoir. Dúirt an tOifigeach Comhionannais ón mBinse go raibh sé deacair a thuiscint cén fáth nár dhúirt an cór aon rud leis an bhfear faoina iompar i rith na sé mhí bhí raibh deachracht acu leis. Mar aon leis an gcúiteamh, d'ordaigh an Binse don chór an fear a ligint isteach sa chór láithreach dá dteastódh sin uaidh.

Siúl to School - Gaelscoil na Mí. PIC: Fionnuala Nic Cába

Tá Áras Chrónáin ag súil go méadóidh an beart seo an méid Gaeilge a labhraítear sa bhruachbhaile i rith na bliana chomh maith.

"Seans go mbeadh sé iomarcach a iarraidh ar dhaoine i siopaí agus i dtithe tabhairne greamaitheoir a chaitheamh an bhliain ar fad, ach má labhraíonn custaiméir Gaeilge leo i rith SnaG beidh a fhios acu gur féidir é sin a dhéanamh amach anseo freisin.Níl aon chúis nach n-oibreodh an togra i mbailte eile chomh maith agus molann muid do ghrúpaí Gaeilge triail a bhaint as," arsa an t-urlabhraí.

Gaelscoil na Mí 'Ag Siúl ar Scoil'

Katie McGreal

SHIÚIL daltaí, tuismitheoirí agus múinteoirí Ghaelscoil na Mí an 15 nóiméad ó charrchlós Aldi i gCill Dhéagláin go dtí an scoil ar an Luan, 6 Feabhra, le tús a chur le scéim nua, 'Ag Siúl ar Scoil'.

Táthar ag súil an tsiúlóid seo a dhéanamh gach céad Luan den mhí, agus beidh an chéad cheann eile acu sin ar an Luan seo chugainn, 5 Márta. Buaileann siad le chéile ag a hocht a chlog ar maidin ionas gur féidir leis an oiread daoine agus is féidir freastail air.

Bhí na 35 dalta uilig ón scoil i láthair ar an 6ú lá, in éineacht lena dtuismitheoirí agus le múinteoirí na scoile. Bhí seaicéad sofheicthe agus banda láimhe ar na páistí uilig ionas go mbeadh siad sábháilte ar na bóithre agus fuaireadar úll agus deoch nuair a shroicheadar an scoil.

Tá lucht na scoile ag iarraidh leanúint ar aghaidh leis an scéim nua seo chun na daltaí a spreagadh chun a bheith níos aclaí agus le deashláinte a chothú iontu.

Edith Piaf agus Jacques Brel i nGaeilge!

Meadhbh Ní Eadhra

BEIDH taispeántas speisialta darb ainm 'Non, je ne regrette rien', atá mar chuid de Thionscadal Piaf-Brel, ar siúl in Amharclann an Pavilion i nDún Laoghaire seachtain ó amárach, Déardaoin 8 Márta.

Duine d'amhránaithe móra na Fraince ab ea Edith Piaf (1915 - 1963), an Gealbhán Beag mar a thugtaí uirthi. Saol corrach a bhí aici - deirtear gur rugadh ar chosán í - agus bhí cáilíocht choscrach ag baint lena glór cinn a chuirfeadh na clocha ag caoineadh. I measc na móramhrán uaithi bhí 'La Vie en Rose' agus 'Non, je ne regrette rien.' Beilgeach ab ea Jacque Brel (1929 - 1978) a chum agus a chan amhráin a bhí fileata agus drámata araon. Ag tabhairt amach faoi luachanna na meánaicme a bhíodh sé go minic i nglór garg. Bhí tionchar nach beag aige ar leithéidí David Bowie agus Leonard Cohen.

Is é Liam Ó Muirthile a chuir Gaeilge bhinn ar na liricí. Is iad na hoirfidigh a chuiridh na hamhráin inár láthair ná Hilary Bow, bean ar thuill an t-albam is déanaí uaithi, Oneness, ardmholadh, agus Doimnic Mac Giolla Bhríde, duaiseoir Oireachtais. Chomh maith leis sin, beidh Peter Roycroft á dtionlacan ar an bpianó, le Geoff Kirk ar na drumaí agus Neville Lloyd ar an olldord. Léifidh an Muirthileach leaganacha nua Gaeilge de dhánta le Jacques Prévert agus Paul Verlaine agus tionlacan ceoil laistiar de.

Tá an taispeántas seo mar chuid de Sheachtain na Gaeilge 2012. Tá costas €21 nó €19 ar na ticéid, agus beidh an taispeántas seo ar siúl ag a hocht a chlog an oíche sin. Is féidir áirithint a dhéanamh trí scairt a chur ar 012312929 nó dul ar an suíomh ghréasáin www.paviliontheatre.ie.

Doimnic Mac Giolla Bhríde agus Hilary Bow

An bhfuil scéilín agat? Ba mhaith linn freastal ar gach Gaeltacht is Gaelphobal sa tír. Má tá scéilíní nó nótaí áitiúla agaibh, cuirigí iad chuig an seoladh rphoist seo le bhur dtoil, **nuacht@gaelsceal.ie**, agus déanfaidh muid ár ndícheall iad a chur i gcló.

MUMHAIN NUACHT



Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Mí na Gaeilge seolta i gCorcaigh

Seán Ó Loingsigh

TÁ clár cuimsitheach imeachtaí le reáchtáil i gCorcaigh i rith na míosa seo chugainn mar chuid de Mhí na Gaeilge.

Sheol Ardmhéara Chathair Chorcaí, Terry Shannon, clár Mhí na Gaeilge 2012 ag ócáid oifigiúil a reáchtáil an eagraíocht Gael-Taca i Halla na Cathrach i gCorcaigh an tseachtain seo caite.

Tráthnóna amárach (Déardaoin) ag ionad Ghael-Taca i lár na cathrach, scaoilfear 500 balún in aired chun tús Mhí na Gaeilge a fhógairt do mhuintir Chorcaí.

Tá sraith cúig seachtainí de ranganna Gaeilge d'eachtrannaigh agus dóibh siúd nach bhfuil taithí acu an teanga a labhairt, le seoladh chomh maith ag Gael-Taca tráthnóna amárach.

Ag an seoladh den gclár i Halla na Cathrach, thug Cathaoirleach Ghael-Taca, Pádraig Hamilton, le fios go raibh seomra athchóirithe do ranganna ag an eagraíocht ina n-ionad nua a d'osclaíodar ar Phort Uí Shúilleabháin anuraidh.

Tá léachtaí, cainteanna, imeachtaí do pháistí agus coirmeacha ceoil ar an gclár a bheidh ar siúl ón gcéad lá go dtí an lá deireanach de Mhárta.

'I dtreo Corcaigh le Gaeilge - conas gur féidir an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge a chur i bhfeidhm', is ea teideal seimineáir a reáchtálfar in Óstán an Imperial an tseachtain seo chugainn, an 7 Márta.

Agus ag an seoladh, tugadh le fios go mbeidh Gael-Taca agus Gaeilgeoirí na cathrach ag glacadh páirt go hoifigiúil den gcéad uair i bparáid Lá Fhéile Pádraig i gcathair Chorcaí.

Ag labhairt dó ag an seoladh, thréaslaigh an tArdmhéara, Terry Shannon, leis an eagraíocht Gael-Taca as ucht na hoibre atá ar bun acu, agus dúirt sé go raibh úsáid na Gaeilge á spreagadh i measc na gcomhairleoirí le linn chruinnithe na Comhairle Cathrach.

Mar chuid de chlár Mhí na Gaeilge, reáchtálfaidh Iontaobhas Fódhla ceolchoirm in Óstán Pháirc Bhaile an Róistigh oíche Dé hAoine, an 2 Márta, chun airgead a bhailiú do thionscadail chultúrtha a bhíonn ar bun ag an iontaobhas.

Ar chlár na ceolchoirme tá na hamhránaithe John Spillane, Danny Maidhcí Ó Súilleabháin agus Máire Ní Chéilleachair, chomh maith leis na ceoltóirí Conall Ó Gráda, Eoin Ó Riabhaigh, Jackie Daly, Aidan Coffey, agus na grúpaí Corcaíocha, Stokers Lodge, Greenshine, an Lee Valley String Band agus an Four Star Trio.

Is é an t-amhránaí cáiliúil, Seán Ó Sé, a bheidh mar fhear a' tí don gceolchoirm agus beidh an máistir rince seite, Timmy 'the Brit' Mac Cárthaigh, ag stiúradh céilí ina dhiaidh sin le banna ceoil an Abbey.

Scéalta Chorca Dhuibhne

Breandán Mac Gearailt

Filí ar an mBuailtín

IS é Cathal Póirtéir a bhí mar aoi speisialta ag Aos Cró ar an mBuailtín ar an nDéardaoin seo caite. Bíonn an ócáid seo ann gach mí agus is é Simon Ó Faoláin, file agus seandálaí, a eagraíonn na hócáidí. Oíche thaithneamhach bhríomhar ab ea í, óir bhí cuma na sástachta ar a raibh i láthair. Ba ábhar spéise go leor de dhánta Chathail, mar bhí scata acu luaite le rudaí as an ngnáth a thárla in áiteanna éagsúla.

Bhí dán ag Cathal ag tagairt d'eachtra inar éirigh lena athair agus fear eile éalú ó thine mhór i nGlaschú. Cheangail an bheirt acu braillíní leapa léi chéile agus shleamhnaíodar síos go talamh ón bhfuinneog. Ní raibh an t-ádh céanna ar go leor eile. Blianta ina dhiaidh sin bhí máthair Chathail ag taisteal ar bhus i nGlaschú agus de thionóisc chuir fear an cheist an Éireannach í. Dúirt sí gurb ea. Cén Contae? Tír Chonaill. An mbeadh aithne aici le aon tseans ar fhear darbh ainm Charlie Porter? Bhí go deimhin, óir bhí sí pósta leis. B'ábhar mór iontais agus lúcháire an teangbháil iomráiteach úd.

Ar na daoine eile a léigh giotaí dá saothar bhí Peadar Ó hUalaigh, Darina Ní Chinnéide, a raibh dán cumtha aici fé Scoil Cheoil an Earraigh na seachtaine seo caite, Lucia Atenthia, óGhalaicia, a d'aithris dán i nGaolainn agus Simon Ó Faoláin.

Tar éis na filíochta deineadh go leor cur agus cúitimh fén bhfilíocht, cérbh iad na scéalta grinn ab fhearr ar bhain daoine sásamh astu. Thagair Feargal Mac Amhlaidh do scéal pas beag aisteach. Ghaibh stróinséir Sasanach isteach i siopa le bológ aráin ghearrtha a cheannach ar ordú ónaa bhean chéile. Bhí beirt dheirféar ag siúl an bhóthair. Chuaigh duine acu isteach an tsiopa agus ba ghearr go raibh sí agus bean an tsiopa i ndianchomhrá. Ghaibh an fear Sasanach isteach agus tar éis dó an siopa a iniúchadh chuir sé ceist an raibh bológ aráin ghearrtha ar fáil. Tar éis tamaillín dúirt bean an tsiopa, ná raibh. Ach bhí scata bológ gearrtha le feiscint.

"Tá siad san 'ordaithe', mar a dúirt leat," ar sí.

"Cad fé ghnáthbhológ?"

"Tá," ar sí.

Fuair agus dhíol sé aiste. B'sheo leis amach agus d'eachtraigh dá chéile mar bhí istigh. Dúirt sí leis dul isteach arís agus an bhológ a thabhairt ar ais mar nárbh aon tairbhe dóibh í. Tháinig an stróinséir Sasanach ar ais. Bhí an bheirt fós istigh ag comhrá. Dúirt an Sasanach nárbh aon mhaith dhó an bhológ aráin. Chuir bean an tsiopa a lámh i mbosca an airgid gan stad don gcomhrá agus bhuail an t-airgead le flíp ar an gcúntar.

Tar éis dó dul amach dúirt bean an tsiopa, "ná bhrisfeadh a leithéidi sin croí aon duine.Tá," ar sí, "damaint ag bailt leo".

Scéal a thairgíonn scéal. Bhí raiste acu ann! Ach dar le cupla duine gur dearmad amach agus amach an tuiscint go gcaithfeadh duine a chuid filíochta a aistriú go Béarla má bhí aitheantas i ndán dó. Mheas cuid acu ná fuil mórán aitheantais ag filí ná bíonn a saothar aistrithe, fiú nach féidir tuairimí casta nó smaointe a bheadh follaithe a aistriú go ceart chruinn Bhéarla.

Ardmhéara Chathair Chorcaí, Terry Shannon, agus Rúnaí Gael-Taca, Adrian Breathnach, ag an seoladh de Mhí na Gaeilge 2012 i Halla na Cathrach i gCorcaigh an tseachtain seo caite. PIC: Ó LOINGSIGH

Comórtas Caide Pháidí Uí Shé

BHÍ Comórtas Caide Pháidí Uí Shé ar bun an deireadh seachtaine seo caite i bhFionn Trá. B'sheo an 23ú babhta ag an gcomórtas bliantúil seo agus go deimhin bhí sé níos mó ná aon cheann go dtí seo. Bhí, agus bhí an aimsir fé don ócáid ina raibh 26 foireannn idir fhoirne ban agus fear ag glacadh páirt. Den chéad uair, bhí comórtas ann d'fhoirne sinsir ban, agus ceann do d'fhoirne sóisir ban, gradam do laoch an chomórtais agus corn baistithe mar onóir don sárpheileadóir ó Ros Comáin, Dermot Early. Bhí rath na raithiní ar an iarthar, mar siar a ghaibh gradaim an chomórtais,

Tar éis dianimeartha ar feadh dhá lá sa comórtas sinsir caide is iad Réalta Thuama, na Gaillimhe a bhuaigh comórtas sinisir na bhfear agus Corn Dermot Early.

B'iad na foirne eile a ghlac páirt sa chomortas ná, Mistéalaigh Chaisleán an Bharraigh, Léim an Bradáin i gCill Dara, Baile an Scotaigh i Muineachain, Tigh an Raoilinn i gCeatharlach, Foireann Kickams Chuaile Chontae Lú, Foireann an Daingin agus foireann na Gaeltachta. Bhuaigh Ceatharlach le pointe amháin ar an nGaeltacht sa chéad bhabhta ar an Satharn.

Sna Sóisir b'iad Acaill a thug an bhua leo. Foirne eile a d'imir sa rannóg san ná Cnoc na gCraí, Corcaigh, Gaeil na nGaibhlte ó Luimneach agus foireann Chumann Chú Chulainn ó Londain.

I gcomórtas sinsir caide na mban, b'iad Foireann Charn na gCon ó Mhaigh Eó a thug an lá leo. Bhí Cora Staunton ar fheabhas do Charn na gCon. Foirne maithe eile ab ea Móinteach Mílic ó Chontae Laoise, Páirnéalaigh Baile Átha Cliath agus Carraig an tSionnaigh-Cabán an tSíle Bhleá Cliath, Clann na hÉireann ó Ard Mhacha, Pairc Rath an Uisce ó Chontae Laoise agus An Charraig Mhór ó Thír Eoghain. Bronnadh gradam Aengus Fanning, Eagarthóir an Sunday Independent, a fuair bás le déanaí, ar Cora Staunton as an ngaisce a dhein sí i dtrí chluiche Dé Sathairn agus Dé Domhnaigh inar ngnóthaigh sí 8-40.

"Sin aimsiú agat", arsa Páidí Ó Sé.

Ar an nDomhnach bhí an t-iarThaoiseach, Brian Cowen, i láthair le taispeáinteas de phictiúir an chomórtais leis an ngriangrafadóir O'Cleary a sheoladh. Bhí Brian antógtha le feabhas na hoibre agus mheas sé gurb é Ceann Sléibhe, rud a dúirt Cleary leis, an áit is fearr ar a aithne le pictiúir maith a ghlacadh mar go mbíonn an solas ar fheabhas ann de ghnáth.

"Is cabhair mhór an comórtas seo d'eacnamaíocht an cheantair mar tá timpeall míle duine tagtha mar chuid den gcomórtas. Is beag óstán ná tigh aíochta sa cheantar seo ná fuil síos go slait á bharra," a dúirt sé Mhol Brian gach duine a bhí bainteach leis an gcomórtas. Is i nGaolainn is mó a labhair sé.

Ghaibh Páidí buíochas le gach duine a bhí bainteach leis an gComórtas - Cumann Caide na Gaeltachta, na himreoirí ó chian agus ó chóngar agus a bhfoirne bainistíochta. Bhí focal speisialta aige do na hurraithe mar, Lee Strand i dTrá Lí, Keelings i gCorcaigh, An Longford Arms, Tayto, agus Munster Joinery. Bhí focal speisialta leis aige do bhainistíocht Bhanna Ceoil 1 an Airm, a bhí ag seinnt in Eaglais Naomh Caitlín ag Aifreann an Domhnaigh i bhFionn Trá ar an nDomhnach. Cinnte ba é seo an comórtas ba mhó fós ina raibh foirne ó 14 contae agus ó Londain, agus an-

chaighdean imeartha ina bhformhór. Beidh bronnadh ar ball ar Sheán Ó Murchú ón gCam, 'réalt Chiarrai i gcraobh 1959'. Tá Seán ar saoire thar lear.

Feirmeoirí ag dul sa tseans le huain luatha

IS dócha gurb é feabhas an mhargaidh é, mar go bhfuil feirmeoirí ag dul sa tseans caoire a bheith ag breith níos luaithe i mbliana.Tá uain óga coicís níos luaithe ar an mean i mbliana ag leath d'fheirmeoirí caorach Iarthar Dhuibhneach. Is beag slad atá déanta ag an aimsir go dtí seo mar tá an aimsir bog le coicís agus níl ocras a gcoileán fós ar mhadraí rua. Tá an Chrothóg Liath, ag faire de ló is d'oíche agus aon uainín a bhíonn lag, nó a mháthairín amhlaidh, ní aon nath ag an gcrothóg sléacht a dhéanamh. San idirlinn, dúirt fear ó Bhaile an Fhirtéaraigh liom go bhfaca sé éan an-mhór ar cheann an Spéice, atá laistiar den mbaile, ar an Satharn seo caite.

"Cinnte ní crothóg a bhí ann mar bhí sé an-mhór," ar sé. An bhféadfadh gur fiolar a bhí ann?

Cathair Chorcaí

Méara Bhéal Feirste le cuairt a thabhairt ar scoil DEIS i gCorcaigh

Katie McGreal

TABHARFAIDH Méara Bhéal Feirste, an Comhairleoir Niall Ó Donnghaile, cuairt ar Ghaelscoil Pheig Sayers i gCathair Chorcaí ar an Aoine, 9 Márta. Gaeilgeoir as ceantar lucht oibre agus íseal aicmí é Ó Donnghaile, ceantar atá cosúil le ceantar na scoile i gCorcaigh agus shíl príomhoide fheidhmeannach na scoile, Mairéad Uí Adhmaill go mbeadh sé in ann na daltaí a spreagadh ó thaobh na Gaeilge de agus ó thaobh oibre freisin. Tá an Comhairleoir Ó Donnghaile 25 bliain d'aois agus is é an méara is óige é a bhí i mBéal Feirste riamh.

Labhróidh sé leis na daltaí agus tabharfaidh sé teastas Gaeilge don dalta is fearr ó thaobh na Gaeilge de le linn na cúirte freisin.

"Is rud mór é, méara a bheith sa scoil," a deir Uí Adhmaill faoin gcuairt, "agus tá súil againn go mbeidh sé in ann na daltaí a spreagadh."

Beidh neart tuismitheoirí agus baill den Chumann Lúthchleas Gael áitiúil, Na Piarsaigh, i láthair le linn na cúirte.

Thug lucht na scoile cuireadh don Mhéara thart ar 3 seachtainí ó shin agus tá siad thar a bheith sásta gur ghlac sé leis.

An múinteoir fichille Úna O'Boyle agus an scríbhneoir Eoghan Mac Giolla Bhríde a bhí mar aoichainteoirí ag comhdháil Imbolc i mBaile Bhuirne le déanaí. PIC: SEÁN Ó LOINGSIGH

Scoil DEIS í Gaelscoil Pheig Sayers a bhunóidh 24 bliain ó shin. Faoi láthair, tá siad i bhfoirgneamh sealadach agus iad fós ag lorg foirgnimh nua.

Múscraí

Neart ar bun san Ionad Cultúrtha

Seán Ó Loingsigh

REACHTÁILFIDH an eagraíocht Aisling Gheal dhá chomórtas amhránaíochta - ceann ar an sean-nós agus ceann eile d'amhráin nuachumtha - san Ionad Cultúrtha i mBaile Bhuirne Dé Sathairn, an 10 Márta.

Is í seo an ceathrú bliain a bhfuil an comórtas amhránaíochta á reáchtáil san Ionad Cultúrtha, agus tá Corn an Dr Uí Loingsigh agus Corn Uí Fhlannagáin le bronnadh ar na buaiteoirí arís i mbliana.

Ba iad na ceoltóirí áitiúla, Éilín Ní Fhlannagáin agus a deartháir Séamus, a dheonaigh Corn Uí Fhlannagáin don gcomórtas amhránaíochta nuachumtha i gcuimhne a dtuismitheoirí, na hamhránaithe, Aighneacháin agus Nóra. Is í Éilín an t-orgánaí i Séipéal Bhaile Bhuirne agus tá Séamus mar Ollamh le hAntraipeolaíocht in Ollscoil Dheisceart Mississippi i Meiriceá.

Is i gcuimhne an dochtúra leighis, Dónal Ó Loingsigh, ó Bhaile Bhuirne atá an comórtas amhránaíochta ar an sean-nós á eagrú. Bhí an Dr Ó Loingsigh chun cinn in athbheochan na Gaelainne agus an chultúir i gceantar Mhúscraí i dtús na haoise seo caite agus ba iad a gharchlann ó Mhaigh Chromtha a bhronn an corn ar lucht Aonach Ceoil Bhaile Bhuirne nuair a reáchtáladh comórtas dá leithéid ag an bhféile úd sna 1970í.

Is ar a 2.00 a chlog a chuirfear tús leis an gcomórtas amhránaíochta agus níos déanaí an oíche sin, san Ionad Cultúrtha, beidh na buaiteoirí le cloisint ar stáitse i dteannta an amhránaí cháiliúil, Seán Keane.

Roimh an gceolchoirm, seolfaidh Seán Keane taispeántas grianghrafadóireachta dar teideal 'Rianta' leis na grianghrafadóirí Tadhg Ó Conaill ó Chill na Martra, agus Máire Uí Léime agus a hiníon Fíona Ní Léime, ó Bhéal Átha 'n Ghaorthaidh.

Tá tréimhse caite ag an triúr ag glacadh pictiúr de rianta an tsaoil ar an dtimpeallacht agus beidh an toradh le feiscint sa taispeántas a sheolfar ar a 7.30 ar an 10 Márta san Ionad Cultúrtha.

Éisteacht socraithe do chás cúirte an N22

Seán Ó Loingsigh

TÁ sé socraithe ag an Ard-Chúirt go n-éisteofar cás athbhreithnithe bhreithiúnaigh i leith fhorbairt nua bhóthair an N22 i lár mhí Iúil seo chugainn.

San Ard-Chúirt i mBaile Átha Cliath an tseachtain seo caite, rialaigh Uachtarán na hArd-Chúirte, an Breitheamh Nicholas Kearns, go reáchtálfar éisteacht maidir leis an gcinneadh a dhein an Bord Pleanála anuraidh cead a thabhairt d'fhorbairt débhealaigh 22 ciliméadar ó Mhaigh Chromtha go Baile Bhuirne.

Ar an 30 Bealtaine anuraidh thug an Ard-Chúirt cead do bheirt áitritheoirí ó Charraig an Phúca i Múscraí athbhreithniú breithiúnach a lorg maidir le cinneadh an Bhoird Phleanála.

Tá an bheirt, Eileen Stack Shanahan agus a fear céile Gerard Sheehan, imníoch faoin ndrochthionchar a mheasann siad a bheadh ag an ndébhealach ar leachtanna náisiúnta Chaisleán Charraig an Phúca agus ciorcal liag ar shuíomh fan an bhóthair idir Bhaile Bhuirne agus Maigh Chromtha.

Ag éisteacht an Bhoird Phleanála dhá bhliain ó shin maidir leis an bhforbairt bóthair, léirigh na gearánaithe a n-imní chomh maith maidir le leacht i gcuimhne eachtra a thárla ar an láthair i rith an Chogaidh Chathartha 90 bliain ó shin.

B'í seo an deichiú huair a luadh an cás san Ard-Chúirt ó cuireadh an t-iarratas maidir leis an athbhreithniú breithiúnach faoi bhráid na cúirte anuraidh.

Tá mionscríbhinní agus ráitis fhreasúracha curtha ar chomhad leis an Ard-Chúirt ag na páirtithe ag tréimhsí éagsúla ó shin, agus nuair a luadh an cás sa chúirt Déardaoin seo caite, dúirt dlíodóir thar cheann an Bhoird Phleanála leis an mBreitheamh Kearns go raibh an cás ullamh le héisteacht.

Is iad na cosantóirí atá ainmnithe sa chás ná an Bord Pleanála, Éire, an tArd-Aighne, an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, an tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta agusan forbróir, Comhairle Contae Chorcaí.

Nuair a luadh an cás i gCúirt a Ceathair san Ard-Chúirt an tseachtain seo caite, chuir an gearánaí, Eileen Stack Shanahan, i leith Chomhairle Contae Chorcaí go raibh tús curtha leis an bhforbairt de bharr an fhógra a sheol an Comhairle go dtí úinéirí talún an mhí seo caite maidir le suirbhéireacht a dhéanamh ar an dtalamh go bhfuiltear chun seilbh a ghlacadh air faoi Ordú Ceannaigh Éigeantaigh.

Dúirt an Breitheamh Kearns nár theastaigh uaidh go rachfaí isteach sa chás um an dtaca san ach go bhféadfadh sí rún a chur faoi bhráid na hArd-Chúirte maidir le hurghaire cúirte a lorg dá mba mhian léi.

Meastar go dtógfaidh sé suas le trí lá an cás athbhreithnithe bhreithiúnaigh a éisteacht nuair a bheidh sé ar bun san Ard-Chúirt i mí Iúil.

An bhfuil scéilín agat?
Ba mhaith linn freastal ar gach Gaeltacht is Gaelphobal sa tír. Má tá scéilíní nó nótaí áitiúla agaibh, cuirigí iad chuig an seoladh rphoist seo le bhur dtoil, **nuacht@gaelsceal.ie**, agus déanfaidh muid ár ndícheall iad a chur i gcló.

ULAIDH NUACHT

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Na Rosa

Deireadh Seachtaine Gaeilge Rann na Feirste

Eoin Mac Gairbheith

FOILSÍODH clár imeachtaí dheireadh seachtaine na Gaeilge 2012 i Rann na Feirste an tseachtain seo agus reimhse maith d'imeachtaí eagraithe ag an choiste áitiúil chuige sin. Cuirfear tús leis an fhéile an Déardaoin seo, 1ú Márta, le teacht le chéile in Aislann Rann na Feirste ag a cúig a chlog agus ansin beidh siúlóid thart ar bhaile Rann na Feirste. Beidh taispeantas suimiúil de ghrianghraif a bhaineann le club óige Rann na Feirste ann chomh maith a chur i láthair ag Donnchadh Mac Gairbheith.

Trathnóna Dé hAoine, an 2ú Márta, a dheanfas Vincie Shíle Ó Dónaill, de bhunadh Rann na Feirste, an deireadh seachtaine a oscailt go hoifigiúl. Le linn na hócaide seo déanfar gradam dheireadh seachtaine na Gaeilge 2012 a bhronnadh ar dhuine éigin.

Beidh ceolchoirm ansin chomh maith ar an oíche le páistí, déagoirí agus ceannairí an chlub óige.

Is é Dé Satharn, 3ú, an lá mór do lucht na scoile nuair a bhéas comórtas aithriseoireachta dánta 'abair amach' a reáchtáil san Aislann ag tosú at 11 a.m. Beidh rannoga ann do lucht scoile ó na naíonraí suas go dtí an mheánscoil. I measc na mórdhuaiseanna a bheidh le baint tá Corn Mhicí Sheáin Neill, Corn Phroinsias Mhic Grianna agus Corn Shéamuis De Faoite.

Trathnóna Dé Satharn, bhéarfaidh Vincie Shíle léacht agus níos moille an óiche sin bheidh an comórtas scéalaíochta agus filíochta sinsearach ar siúl.

Dé Domhnaigh, an 4ú Márta, déanfar Aifreann a cheiliúradh ar an bhaile ag 11 rn agus beidh ceol ina dhiadh ó chór na scoile agus paistí an chlub óige.

Duine ar bith ar maith le cur isteach ar na comórtais nó tuilleadh eolais a fháil, thig leo teagmháil a dhéanamh le Bríd Anna Ní Bhaoill ag (087) 9158205.

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 29 Feabhra, 2012

Tuath na bhFál

'Love Matters' as Gaeilge

Katie McGreal

BEIDH leagan Gaeilge den dráma 'Love Matters', le Gary Mitchell, ar siúl sa Chultúrlann i mBéal Feirste anocht agus amárach ag 8in, curtha i láthair ag an gcomhlacht drámaíochta, Aisling Ghéar.

Beidh sé ar siúl san Amharclann Lyric i mBéal Feirste ina dhiaidh sin, ón 2 - 4 Márta agus ansin rachaidh sé go dtí an tIonad Tionscadail Ealaíne i mBarra an Teampaill, Baile Átha Cliath, áit a mbeidh sé ar siúl ón 6 - 10 Márta.

Bheartaigh lucht Aisling Ghéar an dráma seo a dhéanamh toisc go bhfuil siad ag iarraidh oidhreacht na Gaeilge a leathnú amach agus táthar ag iarraidh a chur in iúl do dhaoine gur féidir ábhar ar bith a phlé trí mheán na Gaeilge.

Scéal greanntraigéide rómánsúil atá sa dráma úrnua seo, a scríobh an drámadóir cáiliúil, Gary Mitchell, a bhfuil neart duaiseanna buaite aige agus neart drámaí scríofa aige lena chois. I ndiaidh gach léiriú, beidh deis ag an phobal an seó a phlé leis an fhoireann aisteoirí agus leis an stiúrthóir.

Beidh aistriúchán Béarla ar fáil ag gach léiriú, seachas ar an Aoine, 9 Márta, nuair a bheidh sé i nGaeilge amháin. Déanfar aistriú comhuaineach leis na haisteoirí ar an stáitse. Tá Tony Devlin ina stiúrthóir ar an seó seo agus áirithe ar na haisteoirí a bheidh páirteach ann tá Tara Breathnach ó Ros na Rún.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ar suíomh Aisling Ghéar ag www.aislinghear.com nó glaoigh ar 028 9020 8040.

Gaoth Dobhair

€500,000 de dheontas faighte – 52 oibrí le cailleadh!

Anton Mac Cába

TÁ 52 oibrí páirtaimseartha le ligint chun siúil ag Largo Foods, Gaoth Dobhair. D'fhógair an comhlacht an méid sin Déardaoin seo caite. Dé Máirt na seachtaine seo caite, d'fhógair an tAire Stáit, Dinny McGinley, go raibh Údarás na Gaeltachta le deontas €500,000 a dhíol leis an chomhlacht.

Dúirt urlabhraí thar cheann Largo Foods gur ar iarrtas na n-oibrí atá siad á ligint chun siúil. Tá 26 post lánaimseartha le cruthú in ionad na bpost atá le cailliúint.

Is le Bia Gaoth Dobhair, fochomhlacht de chuid Largo Food Exports, an monarcha i nGaoth Dobhair.

Clúdaíonn cúntais Largo Food Exports na fochuideachtaí ina n-iomláine, monarcha Ghaoth Dobhair ina measc. Rinne Largo Food Exports brabach €2,566,149 i ndiaidh cánach ar láimhdeachas €84,190,108 de réir na gcúntas a comhdaíodh don bhliain is déanaí, 2010. B'shin méadú €600,000 ar bhrabach in ainneoin laghdú €3.2 milliún a bheith ar an láimhdeachas.

Bhí laghdú ó 596 go 454 ar líon na n-oibrithe sa ghrúpa ar fad le bliain anuas agus díoladh deontais €7,381,789 leis sa tréimhse sin.

Tír Eoghain

Seoladh Sheachtain na Gaeilge

Katie McGreal

SEOLFAIDH an t-údar, an file agus an drámadóir, Séamas Mac Annaidh, Seachtain na Gaeilge sa Srath Bán i dTír Eoghain ar an Luan seo, 5 Márta, i Leabharlann Phobal an tSratha Báin ag 11rn. Tabharfaidh sé ceardlann scéalaíochta do phobal na Gaeilge ina diaidh sin.

Gaelphobal an tSratha Báin i dTír Eoghain atá ag eagrú na hócáide agus mar chuid de na himeachtaí, seolfar an scéim 'Líofa 2015'. Beidh foirmeacha ar fáil d'éinne atá ag iarraidh clárú don scéim agus beidh siad in ann ceisteanna a chur ansin freisin.

AR an lá céanna, cuirfear tús leis an taispeántas Gaeilge, a bheidh ar siúl i bhforhalla na leabharlanna le linn Sheachtaine na Gaeilge.

Bhuaigh Gaelphobal an tSrátha Báin trófaí Glór na nGael agus €40,000 ag bronnadh Duaiseanna Ghlór na nGael 2012 ar an Satharn seo caite.

Tá fáilte roimh chách.

Doire

Folúntas do Ghaeilgeoir

Katie McGreal

TÁ siopa 'An Carn' ar Bhóthar Thír Chiana, Machaire Rátha i nDoire ag lorg bainisteora cúnta páirtaimseartha le Gaeilge.

Caithfidh ardchumas labhartha agus scríofa sa Ghaeilge a bheith ag an té a cheapfar, chomh maith le taithí bliana in obair shiopa nó mhiondíola.

Caithfidh 5 GCSE nó a chomhionann a bheith ag an té sin freisin agus caithfidh sé/sí a bheith in ann ríomhaire a úsáid, a bheith in ann oibriú as a stuaimféin agus scileanna láidre a bheith aige/aici maidir le seirbhís do chustaiméirí mar aon le cumas chun ceisteanna cúraim chustaiméirí a láimhseáil.

Beidh an té a cheapfar freagrach as cúrsaí díolacháin agus margaíochta ó lá go lá, as riarachán an airgeadais agus as na horduithe a chuirfear isteach trí láithreán Gréasáin an tsiopa a phróiseáil.

Díoltar réimse leathan d'ealaíona agus de cheardaíocht sa siopa chomh maith le dlúthdhioscaí ceoil, leabhair Ghaeilge agus acmhainní foghlama teanga.

Is féidir foirmeacha iarratais agus tuilleadh eolais a fháil ó Claire ar claire@ancarn.org.

Caithfidh na hiarratais a bheith istigh roimh 5in ar an Aoine, 9 Márta.

Na Rosa

Forker éirithe as Aerfort Dhún na nGall

Anton Mac Cába

RINNE Aerfort Idirnáisiúnta Dhún na nGall brabach €1,045,199 de réir na gcúntas is déanaí a comhdaíodh, don bhliain go dtí an 30 Aibreáin 2010. Laghdú de €120,000 a bhí ansin ón bhliain roimhe. Le linn na bliana, dhíol an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt deontais €1,705.613: dhíol Comhairle Contae Dhún na nGall €55,000.

De réir an tuairisceáin bhliantúla, d'éirigh Patrick Forker as a phost mar stiúrthóir. Fear gnó aitheanta de chuid na Rosann é Patrick Forker a bhí i ndiaidh ceithre bliana a chaitheamh mar stiúrthóir. Tá seoltaí aige i Sutton Coalfield, Sasana agus ar an Chruit. Tá 190,000 scair san Aerfort ag Patrick Forker, ag a dhearthár William Forker, agus ag an ngnó Tógáil Dhún na nGall. Tá an bheirt Forker ina stiúrthóirí ar Thógáil Dhún na nGall. 659,833 an líon iomlán scaireanna atá ag Aerfort Idirnáisiúnta Dhún na nGall agus is é an tAerfort an seoladh atá ag an ngnó Tógáil Dhún na nGall.

Bhí coimhlint le blianta faoi úinéireacht talún ag Carraig Fhiáinn idir ghrásaeirí na háite, ar thaobh amháin, agus Aerfort Idirnáisiúnta Dhún na nGall agus Tógáil Dhún na nGall, ar an taobh eile. Ba léir nach raibh an dá pháirtí seo ar aon intinn ó thaobh taicticí de. Tháinig an tAerfort ar shocrú leis na grásaeirí ach níor tháinig Tógáil Dhún na nGall ar shocrú go dtí díreach roimh éisteacht Ard-Chúirte dhá bhliain ó shin. Chomh maith le bheith ina stiúrthóir ar Thógáil Dhún na nGall, tá Patrick Forker ina stiúrthóir ar sheacht gcomhlacht atá cláraithe sa Ríocht Aontaithe. Baineann a bhformhór sin le tionscal na tógála.

An scaifte ollmhór a ghlac pairt i mór shiúl i nGaoth Dobhair Dé Sathairn seo caite. Craobh an Earagail de Chumann Múinteoirí Éireann a d'eagraigh an mór shiúl ag cur in éadan na ciorraithe i mbuiséad 2012. PIC: TOMÁS Ó CUIREÁIN

Gaelscéal ar Scoil

www.oideachas.gaelsceal.ie

Le tacaíocht ó

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Comhar na Múinteoirí Gaeilge

Gaeilge- Ardteistiméireacht 2012 le Mícheál Ó Ruairc

An Bhéaltriail

Fógra: Seachtain na Gaeilge

Tá Seachtain (Coicís!) na Gaeilge tosnaithe ón Luan seo caite. Tá agus beidh neart imeachtaí Gaelacha ar siúl ar fud na hÉireann agus i do cheantar féin chomh maith. Beidh neart imeachtaí trí mheán na Gaeilge ar siúl sna meáin chumarsáide idir seo agus Lá le Pádraig freisin. Ba cheart duit, más féidir leat in aon chor, iarracht a dhéanamh páirt a ghlacadh i gcuid de na himeachtaí seo nó freastal ar cheann nó dhó acu ar a laghad.

Luíonn sé le réasún ar ndóigh agus tú ag ullmhú don mBéaltriail Ghaeilge go mba chóir duit tréaniarracht a dhéanamh an Ghaeilge a labhairt gach deis a fhaigheann tú le linn Seachtain na Gaeilge.

Éist le podchraoladh den fhógra seo ar www.oideachas.gaelsceal.ie

Caint agus Comhrá 120 marc
Seo an chuid is tábhachtaí den scrúdú. Sa chuid seo den scrúdú beidh an scrúdaitheoir ag súil **(i)** go dtuigeann tú Gaeilge bhunúsach, **(ii)** go bhfuil ar do chumas an teanga a labhairt go réasúnta saoráideach agus **(iii)** go bhfuil foclóir agus stór focal réasúnta fairsing agat.

- **Beidh an chaint seo i bhfoirm chomhrá nó agallaimh.**
- **Ní scrúdú eolais a bheidh ann.**
- **Ba cheart go mbeifeá ar do shuaimhneas sa scrúdú seo agus fonn cainte a bheith ort.**
- **Ní binn béal ina thost sa chás áirithe seo.**

Cad ba chóir duit a dhéanamh agus tú ag ullmhú don scrúdú cainte?

Bhuel, ar an gcéad dul síos ní mór duit an teanga a labhairt ar bhonn rialta roimh an scrúdú. Níl aon ní chomh maith leis an gcleachtadh cainte. Anuas air sin ba chóir duit féachaint go rialta ar ***TG4***, ar na cláir a thaitníonn leat féin agus ar na cláir nuachta agus na cláir faisnéise ach go háirithe. Mholfainn duit freisin éisteacht le ***Raidió na Gaeltachta*** más féidir leat agus bheadh sé go hiontach dá bhféadfá freastal ar chúrsa dheireadh seachtaine a bheadh dírithe ar an mbéaltriail chomh maith.

Cumas Teanga
Déantar do chumas teanga a thástáil sa scrúdú cainte. Beidh an scrúdaitheoir ag faire ar chaighdeán do chuid cainte is cé chomh **cruinn** is atá sé. Bronnfar marcanna ar chaighdeán na cainte sin. Ach ná bí buartha ina thaobh. Má tá an Ghaeilge ar do thoil agat agus má tá tú in ann í a labhairt go réasúnta líofa is go réasúnta saoráideach, ní baol duit. Déan cinnte de go bhfuil na bunaimsirí agus an Chopail 'Is' ar do thoil agat agus bí sásta labhairt amach os ard. Bí cainteach!!

Cleachtadh a dhéanann máistreacht!

Litríocht Bhreise: A Thig Ná Tit Orm

"Tugann Maidhc Dainín cuntas an-taitneamhach sa chuid tosaigh den leabhar seo ar shaol buachalla óig ag éirí aníos sa Ghaeltacht sna daichidí agus sna caogaidí."
É sin a phlé.

Níl amhras ar bith ach go dtugann an t-údar cur síos fíorthaitneamhach dúinn ar shaol an bhuachalla óig sa Ghaeltacht lena linn féin. Is é an rud is taitneamhaí a bhaineann leis an údar ná go bhfuil féith an ghrinn go láidir ann agus gur féidir leis an taobh greannmhar den scéal a fheiceáil - fiú amháin nuair a bhíonn rudaí ag dul ina choinne.

Insíonn Maidhc dúinn faoi na cluichí caide a bhíodh ag na buachaillí i gclós na bunscoile. Ní bhíodh réiteoir ar bith acu agus bhíodh gach duine acu ar thóir na caide le chéile. Mura mbeadh duine tapa go leor ag scaradh leis an liathróid bheadh fiche duine bailithe timpeall air de gheit! Bhíodh na buachaillí ag scríobadh a chéile ag iarraidh breith ar an liathróid!

Caitheamh aimsire eile a bhíodh ag na buachaillí ná iascach na mbradán. Chonaic Maidhc a athair féin lá ag breith ar bhradán lena láimh! Tá na rudaí seo a bhíodh á ndéanamh ag na buachaillí an-suimiúil ar fad.

Bhí an-dúil ag buachaillí óga ar thobac agus toitíní. Ní raibh tú i d'fhear go dtí go raibh feaig sáite isteach i do bhéal agat! Bhí sé féin dhá bhliain déag d'aois nuair a bhlais sé a chéad toitín. Nuair a bhí an t-údar ag freastal ar cheardscoil an Daingin ba nós leis féin agus leis na buachaillí eile cuairt a thabhairt ar shiopa an ghréasaí chun Woodbines a chaitheamh.

Tugann Maidhc Dainín cur síos an-suimiúil dúinn ar an gcraic a bhíodh ag buachaillí na háite nuair a bhíodh na cúrsaí samhraidh Gaeilge ar siúl - á ngléasadh féin faoi rún do na céilithe, ag spochadh as a chéile ag doras an halla agus sa leithreas, ag iomaíocht le chéile agus iad sa tóir ar na cailíní taobh istigh den halla rince, ag suirí leis na cailíní taobh thiar den chlaí i ndiaidh an chéilí, ag iaraidh dallamullóg a chur ar na múinteoirí.

Is fíor a rá, mar sin, go dtugann Maidhc Dainín cuntas an-taitneamhach sa chuid tosaigh den leabhar seo ar shaol buachalla óig ag éirí aníos sa Ghaeltacht sna daichidí agus sna caogaidí.

Ná bígí gan Gaelscéal ar Scoil! Tá Gaelscéal ar Scoil ar fáil do mhúinteoirí agus do dhaltaí ar phraghas íseal agus tá lascainí le fáil i gcomhair orduithe móra. Is féidir foirm shíntiúis a íoslódáil ag www.gaelsceal.ie nó téigh i dteagmháil leis an gcomhordaitheoir oideachais ag 091-897766 / scoil@gaelsceal.ie

Gaelscéal ar Scoil
www.oideachas.gaelsceal.ie

Le tacaíocht ó
An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta
Comhar na Múinteoirí Gaeilge

Gaeilge- Teastas Sóisearach 2012 le Mícheál Ó Ruairc

Ceapadóireacht: Díospóireacht/Óráid

Scríobh an chaint a dhéanfá i ndíospóireacht scoile ar son nó in aghaidh an rúin seo a leanas:

Óráid:

'Áit ghránna í Éire go déanach san oíche ag an deireadh seachtaine.'
'A mhúinteoirí, a thuismitheoirí, a chomhscoláirí agus a lucht éisteachta go léir, táim anseo i bhur láthair anocht chun labhairt libh ar an ábhar gur áit ghránna í Éire go déanach san oíche ag an deireadh seachtaine. Ní thugann sé pleisiúr dá laghad dom a rá libh gur ráiteas fíor amach is amach atá sa ráiteas sin. Is deacair a chreidiúint cé chomh gránna agus a bhíonn sé ag an deireadh seachtaine ar fud na tíre seo le blianta beaga anuas. Is garda mise agus tuigim go maith cé chomh dona agus a bhíonn sé.

Cuirim an milleán ar fad ar an ól. Ólann daoine idir óg agus aosta an iomad ar fad, go háirithe ag an deireadh seachtaine. Ólann siad go dtí go mbíonn siad caoch ar meisce. Ólann siad go dtí go n-imíonn siad glan as a meabhair. Mar a deir an seanfhocal: 'nuair a bhíonn an braon istigh, bíonn an chiall amuigh' agus is creid uaimse é ach is seanfhocal fíor é sin. Nuair a bhíonn daoine ar meisce éiríonn siad foréigneach agus tosaíonn siad ag troid. Ionsaíonn siad agus buaileann siad a chéile. Gortaíonn siad a chéile agus uaireanta, faraor, maraíonn siad a chéile.

Bíonn an foréigean a bhíonn ar siúl dochreidte ar fad. Scriosann daoine agus loiteann daoine gach ócáid a bhíonn ar siúl go minic. Briseann siad fuinneoga agus doirse agus déanann siad damáiste mór. Ach níosa measa ná sin gortaíonn siad daoine eile go dona. Nuair a dhúntar na tithe tábhairne agus na clubanna oíche éiríonn daoine áirithe fiáin agus foréigneach. Uaireanta ní bhíonn ar chumas nan Gardaí smacht a choinneáil ar chúrsaí. Bíonn na seirbhísí éigeandála i ndeireadh na feide ag iarraidh daoine gortaithe agus daoine atá caoch ar meisce a bhreith go dtí na haonaid éigeandála. Bíonn na haonaid éigeandála seo ag cur thar maoil le déagóirí foréigneacha, gortaithe agus fonn troda orthu. Is scannal uafásach é agus cuirim an chuid is mó den mhilleán ar an ól ina thaobh. Ba chóir do thuismitheoirí i bhfad níos mó a dhéanamh ina thaobh trí shúil ghéar a choinneáil ar a bpáistí, go háirithe ag an deireadh seachtaine. Sin a bhfuil le rá agamsa. Go raibh maith agaibh as éisteacht chaoin chneasta a thabhairt dom.

Trialacha Teanga Comhthéacsúla

A
Scríobh an píosa seo a leanas san **Aimsir Fháistineach:**

D'fhág mé an scoil ag a trí a chlog. Rinne mé deifir mar bhí coinne agam leis an bhfiaclóir ag a leathuair tar éis a trí. Fuair mé an bus agus shroich mé teach an fhiaclóra ag a fiche cúig tar éis a trí. D'éirigh mé an-imníoch nuair nár fhreagair éinne an doras. Chnag mé go láidir ar an doras arís agus faoi dheireadh osclaíodh an doras. Chuaigh mé isteach sa seomra feithimh agus shuigh mé síos ar chathaoir ansin.

Tosaigh do fhreagra mar seo:

Fágfaidh mé an scoil ag a trí a chlog . . .

B
Líon na bearnaí i ngach ceann de na habairtí seo a leanas:

(i) Tá (430) _____dalta san iomlán i mo scoil.
(ii) Bean Uí Thuathail an t-ainm atá ___ ___ bpríomhoide.
(iii) Scoil mheasctha atá inti. Tá _____ agus cailíní ag freastal uirthi.
(iv) Is maith liom an múinteoir Gaeilge ach is é an múinteoir Fraincise an múinteoir is _____ liom. Tá sí go hiontach ar fad..
(v) Gheobhaidh é Grád A sa Ghaeilge ar ais nó ar _____.
(a) arís (b) fheabhas (c) éigean (d) iarracht.

Cúinne na Gramadaí - An Cúigiú Díochlaonadh

Bunrialacha
(i) Tá na hainmfhocail sa Chúigiú Díochlaonadh baininscneach agus firinscneach,
(ii) Críochnaíonn na hainmfhocail sa Chúigiú Díochlaonar ar ghuta (m.sh. lacha, cara, ionga, srl.) ***nó*** ar chonsan (m.sh. cathair, máthair, Nollaig, abhainn, srl).
(iii) Críochnaíonn na hainmfhocail ar chonsan leathan sa Tuiseal Ginideach Uatha (m.sh. an lacha sciathán na lachan).

Sampla 1: An Cara (firinscneach)
Uatha:
T. Ainm: Tá an cara ag obair.
T. Tabh: ag ag gcara.
T. Gin: teach an charad.

Iolra:
T. Ainm: Tá na cairde ag obair.
T. Tabh: ag na cairde.
T. Gin: tithe na gcairde.

Sampla 2; An Abhainn (baininscneach)
Uatha:
T. Ainm: Tá an abhainn go deas.
T. Tabh: san abhainn.
T. Gin: bun na habhann.

Iolra:
T. Ainm: Tá na haibhneacha go deas.
T. Tabh: sna haibhneacha.
T. Gin: bun na n-aibhneacha.

Sampla 3: An Nollaig (baininscneach)
Uatha:
T. Ainm: Tá an Nollaig buailte linn.
T. Tabh: um Nollaig.
T. Gin: i rith na Nollag.

Iolra:
T. Ainm: Tá na Nollaigí buailte linn.
T. Tabh: um Nollaigí.
T. Gin: i rith na Nollaigí.

Cleachtaí
Scríobh amach na habairti seo a leanas gan na lúibíní:
(i) Tá cos (an : chathaoir) briste.
(ii) Téann an bóthar trasna (an : chathair).
(iii) Cá bhfuil Aifreann (an : Nollaig) ar siúl?
(iv) Bhí sé ag féachaint isteach trí pholl (an : eochair).
(v) Tá (na : máthair) go léir ag cóisir (an : Nollaig)

N.B. Na hAinmfhocail Neamhrialta
Tá **deich gcinn** d'ainmfhocail neamhrialta sa Ghaeilge. Is mar seo a leanas a athraíonn siad Tuis. Ainm. (uatha) /Tuis. Gin. (Uatha)/ Tuis. Ainm.(Iol)/Tuis.Gin. (Iol.)
1. an bhean cos na mná na mná cosa na mban
2. an teach fear an tí na tithe
3. an mhí i rith na míosa na míonna
4. an lá lár an lae na laethanta
5. an deoch ag ól na dí na deochanna
6. an leaba cois na leapan na leapacha
7. Dia ar son Dé na Déithe
8. an deirfiúr cos na deirféar na deirfiúracha
9. an talamh cumann na talún na tailte
10. an tsiúr carr na siúrach na siúracha

C na G 20: Freagraí
(i) An ghairdín (ii) na ceirníní (iii) an oráiste (iv) an tseomra (v) an t-ainmhí . . . sa ghairdín (vi) na fírinne (vii) na haiste (viii) na tine (ix) na cluichí (x) an gcoláiste.

Gaelscéal ar Scoil

www.oideachas.gaelsceal.ie

Le tacaíocht ó
An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta
Comhar na Múinteoirí Gaeilge

OSSP- Cearta agus Freagrachtaí – Gníomhaithe ar son chearta an duine

Seo leanas cuid de na gníomhaithe a dhéanann obair ar son cearta daonna. Samplaí iad seo de ghnáthdhaoine atá ina laochanna ar mhaithe le cearta daonna :

Adi Roche

Thosaigh Adi Roche a cuid oibre ar son cearta daonna sa bhliain 1982. D'fhág sí a post le hAer Lingus chun a bheith ina oibrí deonach ar fheachtais na hÉireann ar son dí-armáil núicléach. Le linn d'Adi a bheith ag obair ar an bhfeachtas rith sí clár oideachasúil ar shíocháin. Bhí ranganna oideachais ar shíocháin ar bun aice i gcaoga scoil.

Is í Adi Roche a bhunaigh "Tionscnaimh Idirnáisiúnta Leanaí Searnóbail". Oibríonn sí mar stiúrthóir ar an tionscnamh. Tá obair déanta ag Adi ó 1990 chun cúnamh a thabhairt do ghasúir sa Rúis, sa Bhílearúis agus san Úcráin

Chuir Adi Roche an domhan ar an eolas faoin tubaiste a tharla i Searnóbail agus an fhulaingt a bhí muintir Shearnóbail a dhéanamh. Rinne sí taighde ar éifeacht na tubaiste agus fuair sí clúdach uaidh sna meáin. Tar éis di clúdach a fháil ó na meáin, thosaigh sí ag bualadh le hAirí rialtais.

Déanann Adi a cuid oibre sna háiteanna is mó a a bhfuil tionchar ag tubaiste núicléach Searnóbail orthu. Tá €80 milliún curtha aici chuig na háiteanna sin. Tá 19,000 gasúr tugtha go hÉirinn aice chun deis a thabhairt dóibh scíth a fháil.

Tom Hyland



D'oibrigh Tom Hyland mar thiománai bhus i mBaile Átha Cliath nó gur ligeadh as obair é Bhí Tom ag féachaint ar chlár faisnéise ar an teilifís oíche amháin faoin sléacht a bhí déanta i dTíomór Thoir, oileán beag ó thuaidh don Astráil. Bhí sléacht déanta ar aon trian den phobal ansin agus bhí cearta na ndaoine á sárú. Mar fhreagra ar an sléacht a bhí ar siúil sa tír úd, bhunaigh Tom feachtas dlúthpháirtíochta. Bhí an feachtas dlúthpháirtíochta seo ar cheann de na heagraíochtaí cearta daonna is cáiliúla ar domhan. Mar thoradh díreach ar an bhfeachtas, thug an Indinéis suas an ceannas a bhí aici ar Thíomór Thoir.

Mary Manning

In 1984 dhiúltaigh Mary Manning, agus í ina hoibrí de Dunnes Stores, aon dhéileáil a bheith aice leis na horáistí as an Afraic Theas de bharr an corás cinedheighilte a bhí i réim ansin. Thacaigh deichniúir eile d'oibrithe Dunnes Stores le Mary nach raibh ach 21 bliain d'aois ag an am. Chaill Mary agus na daoine a bhí ag tabhairt tacaíocht di a bpost. Chuaigh siad ar stailc ar feadh dhá bhliain go leith . Tharraing an stailc aird idirnáisiúnta agus mar thoradh air sin chuir rialtas na hÉireann cosc ar tháirgí ón Afraic Theas.

Gluais

Gníomhaithe ar son chearta an duine - Human Rights Activists
laochra - heros
oibrí deonach - volunteer
ranganna oideachas ar shíocháin - Educational classes on peace
Searnóbail - Chernobyl
stiúrthóir - director
tubaiste - disaster
clár faisnéise - documentary
sléacht - massacare
Tíomór Thoir - East Timor
An Indinéis - Indonesia
Stailc - strike
Cosc - ban

OSPS- Cuairt ar an dochtúir

Má tá ár gcorp sláintiúil ba cheart go mbeadh muid in ann tinneas a throid go héasca agus a bheith ar ais ar ár seanléim gan mhoill. Má fhaigheann tú tinn go minic d'féadfadh gurb shin de bharr go bhfuil tú lagtha (run-down) de bharr easpa cothaithe ceart agus easpa scíthe.

Cuairt ar an dochtúir :

- Níl gá dul chuig an dochtúir gach uair atá slaghdán nó tinneas boilg ort. Má tá sé níos measa ná sin, áfach, is ceart an turas a dhéanamh.
- Ná bíodh aon náire ort ag dul chuig an dochtúir faoi fadhb ar bith atá agat.
- Ná bíodh aon náire ort ceist a chur ar an dochtúir faoi aon ní nach dtuigeann tú.
- Uaireanta, i gcás fadhbanna níos lú, m.sh. craiceann tirim, is féidir leis an bpoitigéir leigheas a mholadh duit in áit dul chuig an dochtúir.

Leigheas

- Tá dhá príomhchineál leighis ann, drugaí ar oideas agus cógais thar an gcuntar. Tá druga ar oideas níos láidre, mar sin gcaithfidh dochtúir iad a ordú. Níl drugaí thar an gcuntar chomh láidir céanna agus tá siad feiliúnach do réimse níos leithne daoine.
- Ná tóg druga ar oideas atá ordaithe do dhuine eile, fiú má tá na comharthaí céanna agaibh. Ní hé an rud céanna a oireann do gach duine.
- Tá sé an-tábhachtach nach mbainfeá an iomarca úsáíde as cógais leighis mar gheobhaidh tú chorp cleachtach orthu agus ní oibreoidh siad tar éis tamaill nuair a theastóidh siad níos géire uait.

Gluais

Easpa - lack
Coitheacha - nutrients
Scíth - rest
Slaghdán - cold
Tinneas boilg - tummy bug
Náire - embarrassment
Poitigéir - pharmacist
Comharthaí - symptoms
Druga ar oideas - prescription medicine
Cógas thar an gcuntar - non prescription medicine

Suíomh nua dheartha Gaelscéal ar Scoil www.oideachas.gaelsceal.ie

Tá an t-ábhar bhreise seo leanas le fáil ar suíomh nua dheartha Gaelscéal ar Scoil :

- Ábhar tacaíochta do béaltrialacha na hArdteiste agus Teastas Shóisearaigh
- Ábhar cluastuisceana
- Ábhar léamhthuisceana
- Ábhar teagaisc bunaithe ar na míreanna idirlín "Na Rúin"
- Ábhar tacaíocht d'fhoghlaim na gramadaí
- Ábhar físe agus scríofa bunaithe ar théamaí churaclaim an OSSP agus OSPS.

Le tacaíocht ó:

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Gaelscéal AR SCOIL

Comhar na Múinteoirí Gaeilge

Gramadach: Ceacht beag chun cleachtadh a dhéanamh ar cheistiúcháin

Líon isteach an fhoirm cheart den bhriathar chun A agus B a chur in iúl

A = Freagra dearfach

B = Freagra diúltach

1: An raibh tú ar saoire an samhradh seo caite?

Frg. A _____

Frg. B _____

2: Cár fhan tú ar an tsaoire sin?

Frg. A _____

Frg. B _____

3: Ar thaitin sé leat?

Frg. A _____

Frg. B _____

4: An mbeidh tú ag dul in aon áit an samhradh seo chugainn?

Frg. A _____

Frg. B _____

5: Dá mbeadh an deis agus an t-airgead agat dul chuig do rogha áit, cá rachfá?

Frg. A _____

Frg. B _____

6: An ndeachaigh tú ar mharlartú scoile riamh?

Frg. A _____

Frg. B _____

7: An ndearna tú aon rud difriúil/suimiúil le linn an ama sin?

Frg. A _____

Frg. B _____

8: Ar chaith tú seal i gcoláiste samhraidh Gaeilge nó Fraincise cheana?

Frg. A _____

Frg. B _____

9: Ar mhaith leat dul ar ais chuig an áit sin?

Frg. A _____

Frg. B _____

10: Ar bhuail tú le mórán daoine/cairde ar an tsaoire sin?

Frg. A _____

Frg. B _____

Rang Cainte

Tuigimid go léir an tábhacht a bhaineann le héagsúlacht sa rang agus muid ag iarraidh ár ndaltaí a spreagadh is a mhealladh chun cainte. Chuige sin moltar dúinn i gcónaí leas a bhaint as réimse leathan straitéisí agus modhanna agus muid ag múineadh. Maidir le ranganna cainte is áis iontach iad pictiúir/íomhánna chun suim na ndaltaí a mhuscailt in ábhar nua nó mar chineál 'bealach isteach' ar ábhar agus ar ndóigh mar bhealach chun ár ndaltaí a spreagadh chun cainte go réidh.

Bain triail as rang cainte a dhéanamh leo faoi thopaicí móra cainte na bliana 2011 ag baint úsáide as pictiúir/íomhánna chun aird, suim na ndaltaí a mhúscailt i gcúrsaí reatha/scéalta móra na bliana seo caite. Geallaim duit go mbeidh na daltaí in ann i bhfad níos mó de scéalta móra na bliana a thabhairt chun cuimhne ná mar atá déanta againne anseo! Dá mbeadh an t-am agaibh, ba dheas an rud é iad a thabhairt go seomra na ríomhairí chun teacht ar na híomhánna iad féin. (B'fhéidir go mbeadh an tasc seo do sheomra na ríomhairí níos oiriúnaí do rang idirbhliana, cheal ama leis an rang Ardteiste. Tabhair do rang Idirbhliana chuig seomra na ríomhairí agus iarr orthu 'Scéalta móra na bliana 2011' a chlúdach i bpictiúir. Bainigí úsáid as 'Google Image' agus cuir iallach orthu liosta d'fhoclóir a chruthú do gach pictiúr freisin. Bheadh focal.ie anchabhrach chuige seo. D'fhéadfáí ansin na leathnaigh foclóra agus na pictiúir a scaipeadh ar lucht na hArdteiste freisin chun rang cainte a thosú ar chúrsaí reatha/ imeachtaí na bliana 2011.)

Conas tabhairt faoi seo go praiticíuil sa rang;

- Roghnaigh liosta topaicí; *spórt i 2011, na réaltaí i 2011, cúrsaí polaitíochta i 2011, tragóidí agus tubaistí na bliana.* Bíodh cúpla pictiúr roghnaithe agat do gach topaic.
- Roinn na daltaí i ngrúpaí beaga agus tabhair amach sraith de na pictiúir chorraitheacha do gach grúpa.
- Ag brath ar leibhéal do ranga, cuir isteach foclóir, briathra, nathanna a chabhródh leo.
- Má tá do rang sách ábalta tabhair sraith/topaic éigin difriúil do chuile grúpa. Má tá rang maith go lag agat tabhair na pictiúir chéanna do gach grúpa; déanfaidh sé an gnó níos fiúntaí agus níos soiléire dóibh.
- Tabhair méid áirithe ama do na grupaí chun plé agus caint a dhéanamh faoi ábhar na bpictiúr.
- Ansin bíodh seisiún aiseolais agaibh. Foclóir, smaointe, freagraí na ngrúpaí a bhreacadh.
- **Obair bhaile:** Roghnaigh trí scéal a chuaigh i bhfeidhm go mór ort i rith 2011 agus scríobh alt gearr faoi gach ceann.

Nod: Chun teacht ar íomhánna go héasca téigh chuig Google, roghnaigh Google Images, agus cuardaigh do rogha topaic. Tá íomhánna maithe le fáil ar na suímh thíos freisin:http://www.theatlantic.com/infocus/2011/12/2011-the-year-in-photos-part-1-of-3/100203/ http://images.google.com/hosted/life

www.oideachas.gaelsceal.ie

Le tacaíocht ó

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Comhar na Múinteoirí Gaeilge

Comhar na Múinteoirí Gaeilge

Sraith Pictiúr 11

1 Cá raibh na déagóirí i bpictiúr a haon?
2 Cad a bhí ar siúl acu?
3 Cén saghas aimsire a bhí ann an lá sin?
4 Meas tú an raibh eagla/imní ar na déagóirí seo? /Conas a mhothaigh siad?
5 Cén ceann scríbe a bhí acu?
6 Cad a tharla ar an mbus?
7 Céard a bhí le rá ag an bhfear/múinteoir ar an mbus?
8 An raibh an turas bus compordach/suimiúil, meas tú?
9 Meas tú ar thóg an turas mórán ama?
10 Cad a rinne na déagóirí nuair a shroich siad an coláiste?
11 Céard a bhí ar bun sa choláiste i rith an lae?
12 Cén saghas imeachtaí a bhí ar siúl acu sa choláiste?
13 Cá ndeachaigh na scoláirí ar turas lae?
14 Cad a rinne siad ar an trá?
15 An gceapann tú go raibh an aimsir go maith?
16 Conas a bhraith na déagóirí i bpictiúr a sé?
17 Meas tú ar bhain siad taitneamh as an gcoláiste?
18 An gceapann tú go dtiocfaidh siad ar ais chuig an nGaeltacht?

Freagraí Samplacha

1 Bhí na déagóirí taobh amuigh de Choláiste Sheosaimh. Bhí siad ag bailiú le chéile, ag fanacht ar bhus.

2 Ba léir go raibh na déagóirí seo ar tí bus a fháil chuig an nGaeltacht. Déarfainn go raibh siad ag fanacht ar thiománaí an bhus. Fad is a bhí siad ag fanacht bhí siad ag caint agus ag comhrá leis na múinteoirí agus na cinnirí a bhí ann.

3 Lá deas tirim a bhí ann. Ní raibh sé fliuch ná fuar de réir cosúlachta.

4. Ceapaim go raibh na déagóirí seo ag tnúth leis an gcúrsa sa Ghaeltacht. Tá cuma shásta orthu agus ní bhreathnaíonn aon duine míchompordach nó imníoch, dar liom.

5. Nuair a tháinig gach duine, thug an bus aghaidh ar Ghaillimh. Is é an Spidéal i gContae na Gaillimhe an ceann scríbe a bhí acu.

6 Bhí an bus lán go béal. Déarfainn go raibh atmaisféar iontach ar an mbus sin. De réir dealraimh bhí sceitimíní áthais orthu go léir.

7 Ar an mbus, cuireadh comhairle agus fainic ar na déagóirí maidir le rialacha an choláiste. Labhair duine de na múinteoirí leo ar feadh tamaill. Thug sé treoracha agus comhairle dóibh. Cheapfainn freisin gur mheabhraigh sé dóibh cén teach lóistín a bheadh acu don tréimhse agus táim cinnte gur chuir sé an-bhéim ar rialacha an choláiste!

8 & 9 Bhí an bus sách compordach agus níorbh fhada go raibh a gceann scríbe An Spidéal sroichte acu.

10 Faoi dheireadh, shroich siad an coláiste. Ansin chuaigh siad go léir chuig an teach lóistín. Bhí orthu bualadh le Bean an Tí agus na málaí a fhágáil ina seomraí.

11 Bhí na déagóirí an-ghnóthach i rith an lae. Bhí ranganna Gaeilge acu ar maidin. Bhí bialann/siopa ann chun greim le hithe a fháil ag am lóin.

12 Cuireadh go leor imeachtaí ar fáil do na déagóirí. Eagraíodh imeachtaí spóirt, cluichí peile agus istoíche bhíodh céilithe le ceol beo traidisiúnta ar siúl. Dearfainn go raibh an-chraic acu ag na céilithe sin!

13 Eagraíodh cúpla turas dóibh freisin. Thug siad cuairt ar na háiteanna cáiliúla sa cheantar. Chuaigh siad chuig Ceannáras TG4 agus tugadh deis dóibh dul chuig Teach an Phiarsaigh i Ros Muc chomh maith.

14 Chaith siad cúpla lá ar an trá áitiúil. Bhí cead acu dul ag snámh, nó a bheith ag imirt peile ar an ngaineamh. De réir cosúlachta b'fhearr leis na cailíní a bheith ag sú na gréine agus ag cabaireacht!

15 Ba léir go raibh an t-ádh leo ó thaobh na haimsire di. Dearfainn gur chaith siad roinnt mhaith ama ar an trá ag sú na gréine agus ag baint taitnimh as an dea-aimsir.

16 Sa phictiúr deireanach, ceapaim go raibh na déagóirí brónach. Tá an chosúlacht ar an scéal gur bhuail siad le go leor cairde nua agus déarfainn gur airigh siad uaigneach agus brónach ag dul abhaile ar an mbus.

17 Táim cinnte go dtiocfaidh siad ar ais an bhliain seo chuagainn. Bhí siad ag labhairt faoi theacht ar ais arís sular fhág siad fiú! Ba léir gur bhain na déagóirí seo taitneamh is tairbhe as a seal sa Ghaeltacht.

Gaelscéal ar Scoil

www.oideachas.gaelsceal.ie

Le tacaíocht ó

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Comhar na Múinteoirí Gaeilge

Comhairle Gairmthreorach

Cúrsaí Ríomhaireachta – Crua-éarraí agus Bogearraí

Patricia Uí Fhlaithearta
Comhairleoir Gairmthreorach

TÁ teicneolaíocht agus scileanna ríomhaireachta riachtanach d'oibrithe i ngach tionscal. Fiú mura ndíríonn an ghairm a roghnaíonn tú go sonrach ar ríomhairí, is dócha go mbeidh gá agat ríomhairí agus teicneolaíocht a úsáid d'fhonn tascanna a chur i gcrích agus eolas a phróiseáil.

Is féidir an earnáil ríomhaireachta féin a roinnt mar seo a leanas – crua-earraí agus bogearraí. Is é atá i gceist le crua-earraí ná an t-innealra agus an trealamh, na nithe lena dtógtar an ríomhaire féin agus na hoiriúintí amhail printéirí, scanóirí agus callairí. Is iad na pacáistí a úsaidtear ionas go mbeidh an ríomhaire in ann feidhmiú atá i gceist le bogearraí.

Crua-earraí
Tá Éire ina lárionad ceannródaíoch san Eoraip ó thaobh déantús agus cóimeáil codanna ríomhaire. Bíonn déantóirí cosúil le IBM, Hewlett Packard agus Dell go léir i mbun comhpháirteanna, ag dearadh agus ag táirgeadh do ríomhairí a úsáidtear ar fud an domhain. Tosaíonn crua-earraí ríomhaire sa rannóg taighde agus forbartha. Oibríonn foirne d'innealtóirí meicniúla, leictreonaice, leictreacha, déantúsaíochta, CAD, bogearraí, agus araile, chun comhpháirteanna a dhearadh, a thástáil agus a tháirgeadh. Nuair atáthar den tuairim go sásaíonn an táirge riachtanas sa mhargadh, déantar próisis déantúsaíochta a fhorbairt chun an táirge deiridh a chur ar fáil. I gcás táirgí casta, cosúil le Ríomhaire Pearsanta, caitear páirteanna éagsúla a chóimeáil, ag cloí le sonraíochtaí beachta. Toisc an raon deiseanna atá ann, bíonn daoine de gach aois agus le taithí éagsúil oideachais ag obair san earnáil seo.

Bogearraí
Le deich mbliana anuas, tá aitheantas faighte ag Éire mar phríomháit san Eoraip d'fhorbairt bogearraí Tá gach mórchuideachta cosúil le Microsoft, Google, Ebay, Symantec agus Amazon lonnaithe in Éirinn anois.

Chomh maith leis na cuideachtaí móra atá lonnaithe in Éirinn, tá tionscal bogearraí forbartha in Éirinn a chuir céimithe ríomhaireachta ar bun. Ina measc tá breis agus 600 cuideachta, agus tá díolacháin suntasacha ag tuairim is 250 díobh thar lear.

I measc na ngairmeacha sa réimse seo tá:

Forbairt Bogearraí:
Is é atá i gceist leis seo ná an próiseas faoina ndéantar bogearraí a fhorbairt chun freastal ar riachtanais na custaiméirí.

Innealtóireacht Bogearraí:
Cuimsíonn na róil seo taithí sa ríomheolaíocht, san innealtóireacht agus sa mhatamaitic, agus bíonn gá comhordú a dhéanamh ar ghnéithe casta a bhaineann le táirgeadh bogearraí.

Scríbhneoireacht Theicniúil:
Scríbhneoirí gairmiúla is ea na scríbhneoirí teicniúla a dhearann, a chruthaíonn, agus a nuashonraíonn na cineálacha éagsúla doiciméadúchán teicniúil, cabhair ar líne, treoracha d'úsáideoirí, sonraíochtaí deartha, agus doiciméid eile. Bíonn gá lámhleabhair ríomhaire a scríobh do chustaiméirí nua bogearraí.

Tacaíocht Theicniúil:
Seo an tacaíocht a thugann an déantóir nó an forbróir trealaimh don chustaiméir crua-earraí nó bogearraí. Áiríonn sé seo cúnamh leis na táirgí a shuiteáil.

Bainistiú Bunachair Shonraí:
Na daoine a dhearann agus a chothaíonn bunachair shonraí.

Dearadh gréasáin:
Suíomh ghréasáin a dhearadh do ghnóthaí agus d'eagraíochtaí.

Bainistiú Tionscadáil:
I gcás gach dearadh bogearra, nach mór, bíonn tionscadáil casta i gceist a gcaitear bainistiú a dhéanamh orthu. Is iad na Bainisteoirí Tionscadail na daoine a bhíonn freagrach as na tionscadáil seo a chur i gcrích in am agus taobh istigh den bhuiséad.

Margaíocht agus Díolacháin:
Seo an taighde, an mhargaíocht, an fhógraíocht agus an díol a dhéantar ar tháirge ríomhaireachta. Ní mór do dhaoine ar mhian leo dul le gairm mar seo a bheith fiosrach, an cumas a bheith acu smaoineamh go loighciúil, agus scileanna maithe fadbhreithnithe a bheith acu. Chomh maith leis sin, bheadh tuiscint mhaith ar mhatamaitic agus scileanna maithe cumarsáide ag teastáil sa mhéid gur bunchuid d'fhormhór na bpostanna iad an fabhtcheartú, an obair foirne, agus cuidiú le daoine eile.

Chomh maith leis sin, bíonn cruthaitheacht agus scileanna ealaíne ag teastáil ó dharthóirí agus ó fhorbróirí gréasáin le. Bíodh siad ag déileáil le custaiméirí, le bainisteoirí, nó le speisialtóirí ríomhaireachta eile, bíonn orthu a bheith in ann aghaidh a thabhairt ar dhúshláin theicniúla agus iad a réiteach, agus a bheith in ann cumarsáid a dhéanamh go héifeachta ar pháipéar, go pearsanta agus trí na meáin leictreonacha.

I láthair na huaire tá roinnt mhaith deiseanna s na hearnálacha seo do dhaoine a bhfuil ardscileanna acu chun poist spéisiúla le tuarastal maith a bhaint amach. Tá ganntanas fós in Éirinn d'oibrithe cáilithe a bhfuil scileanna solúbtha inaistrithe acu agus ar féidir leo iad féin a chur in oiriúint go héasca.

Cuireann Coláistí agus Ollscoileanna Tríú Leibhéal cúrsaí ar fáil ag na leibhéil seo a leanas: Ardteastas (Leibhéal 6), Gnáthchéim (Leibhéal 7) agus Céim Onórach (Leibhéal 8). Go minic is féidir tabhairt faoin ríomhaireacht mar chuid de chúrsa gnó nó teangacha. Cuireann na cúrsaí seo raon leathan speisialtachta ar fáil sa tionscal. Mholfainn do dhaoine taighde cúramach a dhéanamh ar ábhar na gcúrsaí agus ar na roghanna cúrsaí idir seo agus an 1 Fúil 2012.

Tuilleadh eolas www.qualifax.ie

Tairiscintí ar shíntiúis Gaelscéal ar Scoil

Tá síntiúis do Gaelscéal ar Scoil le fáil ar phraghas speisialta íseal do mhúinteoirí agus do dhaltaí. Chomh maith le praghas speisialta faigheann múinteoirí a ghlacann síntiúis :

Dearbhán do Chló Iar-Chonnacht saor in aisce don mhúinteoir!
Tá Gaelscéal ar Scoil i gcomhar le Cló Iar-Chonnacht ag tabhairt deise do mhúinteoirí dearbhán luach €20 saor in aisce a bhuachan má chuireann siad isteach ordú de thrí shíntiús ar a laghad do Ghaelscéal!

agus: Cóip de Ghaelscéal saor in aisce don mhúinteoir!

Tá Gaelscéal ar Scoil ag tabhairt deise do mhúinteoirí a chuireann ordú mór isteach dá ranganna cóip den nuachtán a fháil dóibh féin, saor in aisce, don chuid eile den scoilbhliain!

Is féidir foirm síntiúis a íoslódáil ag www.gaelsceal.ie nó www.oideachas.gaelsceal.ie .

Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an gcomhordaitheoir oideachais ag scoil@gaelsceal.ie nó 091-897766.

BEATHA

An Bhliain Bhisigh!

'BLIAIN bhisigh' (*leap year*) atá againn i mbliana, rud a chiallaíonn go bhfuil 29 lá i mí Feabhra in ionad 28 mar a bhíonn de ghnáith.

Tarlaíonn sé sin gach 4 bliana toisc go bhfuil bliain 365 lá, 6 uair an chloig níos giorra ná bliain na gréine.

Ionas go bhfanfaidh an bhliain fhéilire ar chomhthráth leis an mbliain shéasúrach agus an bhliain réalteolaíoch, san fhéilire Gréagóra (*Georgian*) caithimid 366 lá a chur sa bhliain gach 4 bliana agus glaoitear bliain bhisigh ar an mbliain sin agus lá bisigh ar an lá sa bhreis, 29 Feabhra. Tháinig na hÉigiptigh aníos leis an smaoineamh seo agus i 46BC chuir Impire na Róimhe, Julius Caesar an smaoineamh i bhfeidhm san fhéilire Julius.

D'athraigh an Pápa Gregory XIII é go dtí an féilire Gréagóra i 1582 ach an bunsmaoineamh céanna a bhí i gceist.

Sa lá atá inniu ann, úsáideann an chuid is mó den domhan an féilire Gréagóra. Ach, i bhféilire na nEabhrach (Hebrew), cuirtear mí sa bhreis sa bhliain gach 19 bliain agus déantar an rud céanna le féilire na Síne freisin chun nithe a choinneáil ar chomhthráth.

Breithlá

Glaoitear '*leapling*' nó '*leaper*' ar dhaoine a rugadh ar an 29 Feabhra i mBéarla, de ghnáth déanann '*leapling*' ceiliúradh ar a bhreithlá ar an gcéad lá de Mhárta nó ar an 28 Feabhra.

Go teicniúil, is féidir a rá go bhfuil níos lú breithlaethanta ag '*leaplings*' ná ag daoine a rugadh aon lá eile den bhliain. Rugadh mo chara ar an 29 Feabhra 1988 agus is é inniu a 6ú breithlá!

Seans amháin atá ann i ngach 1,500 go mbéarfar páiste ar lá bisigh.

Más '*leapling*' tú, cuireann '*The Honor Society of Leap Year Day Babies*' fáilte romhat. Grúpa é seo a bunaíodh in Oregon sna Stáit Aontaithe ach tá baill acu ó thimpeall na cruinne ar fad. Tá siad ag iarraidh aird a tharraingt ar 'leaplings' an domhain agus a chinntiú go mbeidh a fhios ag gach duine nuair a bheidh lá bisigh ag teacht. Táthar ag iarraidh go mbeadh lá bisigh ar fhéilirí ar nós go bhfuil Lá Nollaig agus an Cháisc.

Tá tuilleadh eolais ar fáil fúthu ar www.leapyearday.com.

In Alban, mí-ádh a bheadh ann dá mbéarfaí ar lá bisigh tú ach ní chreideann mórán daoine é sin a thuilleadh.



Kermit

Naomh Bríd

Naomh Pádraig

Scéalta traidisiúnta

An traidisiún is mó a bhaineann leis an mbliain bhisigh ná gur féidir le bean fear a iarraidh le pósadh ar an 29 Feabhra. Deirtear gur tháinig an traidisiún sin ón am a raibh Naomh Bríde agus Naomh Pádraig in Éirinnn sa chúigiú haois. Ach, tá neart daoine amhrasach faoi sin mar níor chualamar trácht ar an nós arís go dtí an 19 aois.

Dúirt Bríd le Pádraig gur seafóid a bhí ann go gcaithfeadh na mná fanacht tamall fada nó go n-iarrfadh na fir iad a phósadh.

Dá bharr sin, thug Naomh Pádraig cead do na mná an cheist mhór a chur lá amháin gach 4 bliana, ar an29 Feabhra.

Bhí dlíthe i bhfeidhm i rith réimis Bhanríon Margaret na hAlbain, , thart ar an mbliain 1288, go raibh ar fhearcúiteamh éigin a thabhairt don bhean dá n-eiteodh sé atairiscint phósta, cúiteamh i bhfoirm póige nó gúna síoda a bhíodh i gceist.

Shíl mé féin go raibh cead againn ceist a chur aon lá sa bhliain, ní amháin ar an 29ú lá. Ach, deirtear go bhfuil an srian sin i bhfeidhm in áiteanna áirithe go fóill. Sa Danmhairg, caithfidh mná an cheist a chur ar an 24 Feabhra agus má eitíonn an fear, caithfidh siad 12 phéire lámhainní a thabhairt don bhean. Ciallaíonn sé sin gur féidir leis an mbean an t-easpa fáinne gealltanais a chóiméad i bhfolach. San Fhionlainn, caithfidh an fear ábhair sciorta a cheannach don bhean.

Bhí na dlíthe sin i bhfeidhm sna Meánaoiseanna.

Mí-ádh is ea do bhainis a bheith agat i mbliain bhisigh sa Ghréig. Déanann neart lánún gach iarracht gan a mbainis a eagrú don bhliain sin.

TEILIFÍS agus RAIDIÓ

Le Katie McGreal

Comórtas Gearr Scripteanna

TÁ Ionad Scannánaíochta na Gaillimhe ag lorg scripteanna gearra ó scríbhneoirí don chomórtas gearrscripte 2012 atá ar siúl acu i gcomhar le RTÉ.

Tá dhá dhuais €9,500 ar fáil don chomórtas agus deir Declan Gibbons ó Ionad Scannánaíochta na Gaillimhe, "Caithfear a bheith praiticiúil agus smaoineamh faoin méid isféidir a dhéanamh leis an airgead sin." Mar sin, táthar ag siúl le scripteanna a bheidhde idir 6 agus 12 leathanach agus is féidir leo a bheith faoi ábhar ar bith. Craolfar na gearrscannáin dheiridh ar RTÉ.

Cuirfidh an tIonad Scannánaíochta trealamh agus áiseanna ar fáil do na buaiteoirí, chomh maith leis an airgead, agus beidh deis ag an scríbhneoir oibriúle heagarthóir scripte proifisiúnta sula dtosófar ar an taifead. Rachaidh €500 den duais go dtí an t-eagarthóir scripte agus beidh an €9000 eile ar fáil don léiriúchán.

Deir treoirlínte an chomórtais go gcaithfidh stiúrthóir agus léiritheoir a bheith ag an scríbhneoir ach, "an chéad rud atá le déanamh ná script iontach maith a sheoladh isteach chugainn," a deir Gibbons. Cuirfear na scripteanna is fearr ar ghearrliosta agus cúpla mí i ndiaidh an spriocdháta, beidh ar na daoine sin agallamh a dhéanamh leis an Ionad Scannánaíochta agus beidh lucht an Ionaid ag siúl leis an bhfoireann ar fad a fheiceáil, an scríbhneoir, an stiúrthóir agus an léiritheoir. Ní dóigh le Gibbons gur cheart go mbeadh éinne buartha faoi sin ag an bpointe seo.

Caithfidh na hiarratais ar fad a bheith istigh roimh 12 meánlae ar an Aoine, 30 Márta. Tá foirm iarratais ar fáil ó info@galwayfilmcentre.ie agus tá na rialacha agus na coinníollacha ar fad ar fáil ar shuíomh an Ionaid Scannánaíochta ag www.galwayfilmcentre.ie. Ní mór go mbeadh an script a sheolfar isteach, cóngarach go leor den dréacht deireanach.

Thosaigh an comórtas seo i 1998 le deis a thabhairt le thalann nua gearrscannánaíochta a chur le chéile agus scripteanna a scríobh. Stiúraigh Thomas Hefferon, buaiteoir 2010, *'Switch'*, a bhí le feiceáil san fhéile scannán 'Tribeca' sna Stáit Aontaithe i 2011 agus beidh sé le feiceáil mar chuid den Fhéile Scannán Idirnáisiúnta Jameson i mBaile Átha Cliath i mbliana freisin.

Sé dhráma roghnaithe do 'RTÉ Storyland'

D'FHÓGAIR RTÉ Storyland le déanaí cé na sé dhráma a rachaidh ar aghaidh go dtí an chéad bhabhta eile den chomórtas .

Faoi víreas a bhíonn ar mhná atá ag iompar clainne agus atá ag marú na mílte duine timpeall an domhain is ea an dráma *'Hysteria'* . Is é Stephen Crilly a scríobh agus stiúir an dráma sin.

Is é Giles Brody a scríobh *'Student Teacher'*, dráma faoi Conor Shaw a chuaigh go dtí an ollscoil nuair a bhí sé 16 bliana d'aois agus lena scileanna múinteoireachta anois, níl an dara rogha aige ach dul ag múineadh a shean-rang ina shean-scoil, áit nár éirigh rómhaith leis nuair a bhí sé féin ar scoil leo mar dhalta agus anois tá rudaí níos measa fós. Dráma grinn is ea *'Talk it out'* faoin teiripeoir, Martin, atá faoi bhrú nuair a thógann an hiopnóisí nua a ghnó. Téann rudaí thar fóir nuair a éisteann sé le comhairle a othair, Ray.

Dráma grinn is ea *'Trouble Times Three'* le Declan Reynolds. Tá Scott trína chéile nuair a fhaigheann sé amach go bhfuil an Meiriceánach, Katie, agus a oifigeach dóil, Olivia ag siúl lena leanbh.

Faoi bheirt fhear, Nobby agus Snout atá an dráma *'The Begrudgers'*, an

bheirt acu ina suí sa teach tábhairne ag tabhairt amach agus ag gearán faoi gach rud, gan mórán cúise. Ach athraíonn rudaí nuair a thagann an Meiriceánach, Gemma, agus an Sasanach, George, atá beomhar agus ar bís an t-am ar fad.

Faoin déagóir, Niamh Keegan, atá an dráma deireanach, *'Cuckoo'* . Ní mhothaíonn Niamh mar chuid de theaghlach Keegan, go háirithe nuair a fheiceann sí pictiúr de chailín a chuaigh ar iarraidh blianta ó shin. Breathnaíonn sí cosúil leis an gcailín seo agus tar éis aois a chur ar an bpictiúr go digiteach, tosaíonn Niamh ag smaoineamh.

Comórtas é *'RTÉ Storyland'* le forbairt a dhéanamh ar dhrámaí ar líne agus níos mó rogha a thabhairt do dhaoine ó thaobh na drámaíochta ar líne. D'éirigh leis na drámaí seo trí vótáil ar líne agus beidh deis ag daoine breathnú orthu in athuaair nuair a osclóidh an vótáil arís ar an 19 Márta. Tá na drámaí agus tuilleadh eolais fúthu ar fáil ar shuíomh *'RTÉ Storyland'* ag www.rte.ie/storyland.

Éist le

RTÉ Raidió na Gaeltachta: Glór Anoir
Beifear ag craoladh ó Áras Chrónáin i gCluain Dolcáin, Baile Átha Cliath inniu, mar chuid de shraith clár ina gcloisfimid ó phobail Ghaeilge na hardchathrach. Beidh Cormac Ó hEadhra ina láithreoir agus bainisteoir Áras Chrónáin, Brian Ó Gáibhín, ag cuidiú leis. Anocht @ 5in.

RTÉ Raidió a haon: Countrytime Labhróidh Sandy Harsch leis na ceoltóirí tírecáiliúlaó Nashville sna Stáit Aontaithe, Clint Black, Bob DiPiero agus Bill Anderson agus cloisimid neart ceoil uathu sin freisin. Dé Sathairn @ 11in.

RTÉ 2fm: Early Breakfast with Damian Farrelly
Labhróidh Damian faoin nuacht is déanaí agus scéalta tráchta na maidine mar aon le neart ceoil a chasadh. Dé Luain - Dé hAoine @ 6rn.

Féach ar

TG4: Íobairtí
Tá an t-iascaire, Seán Ó Briain as Inis Bó Finne, Tír Chonaill i gcoinne an choisc atá ar iascaireacht bradán agus tá sé ag lorg a gceart d'Oileánaigh atá ag iarraidh leanúint ar aghaidh lena slí bheatha mar iascairí bradán. Dé Máirt @ 8in.

RTÉ a haon: The Zoo Sa chéad chlár den tsraith nua seo, feicimid an fhoraois bháistí nua atá oscailte do na goraillí agus beidh fadhbanna ag Garth leis an Tarantúla liathbhándearg ón tSile. Amárach @ 7in.

Channel 4: One Born Every Minute
Clár faisnéise faoi bharda gnóthac máithreachais. Roghnaíonn bean as an Liotuáin a máthair in ionad a fhir chéile le bheith ina cuideachta le haghaidh an bhreithe. Anocht @ 9in.

NUACHT Litríochta

Le Meadhbh Ní Eadhra

An Dara Comhdháil ar Litríocht agus Chultúr na nÓg

Is é amárach an chéad lá de Mhárta, agus i saol litríochta na Gaeilge, beidh ócáid mór le rá ag tarlú i gceann trí seachtainí nó mar sin. Tá an dara comhdháil ar Fhorbairt Litríocht agus Chultúr na nÓg le reáchtáil ar an 23 agus 24 Márta, i gColáiste Phádraig i nDroim Conrach i mBaile Átha Cliath.

Bhí an ócáid seo thar barr ar fad anuraidh, agus den chéad uair riamh, tugadh aitheantas agus ardán ceart dóibh siúd atá ag iarraidh plé a dhéanamh ar cheisteanna a bhaineann le litríocht na n-óg in Éirinn agus go hidirnáisiúnta.

Mar gur éirigh chomh maith sin leis an gcomhdháil anuraidh, bheartaigh an Dr Ríona Nic Congáil, eagraí na comhdhála, agus foireann Roinn na Gaeilge i gColáiste Phádraig, gur cheart an ócáid a chur ar siúl arís i mbliana.

"Le tamall anuas, tá go leor díospóireachta sna meáin chumarsáide maidir le stair, stádas agus cearta na n-óg in Éirinn. Ach céard faoi chultúr na n-óg sa tír seo agus céard faoi thionchar agus ról na Gaeilge mar chuid den chultúr sin?" a deir Ríona.

"Tá sé mar aidhm ag an gComhdháil seo ar Litríocht agus Chultúr na nÓg ardán a thabhairt d'oideachasóirí, do scoláirí, d'fhoilsitheoirí agus d'ealaíontóirí den uile chineál chun a dtuairimí maidir le litríocht agus cultúr Gaelach na n-óg a phlé. Díreofar ar stair chultúr Gaelach na n-óg, ar an suíomh reatha, agus ar dhúshláin na todhchaí."

Iarradh ar dhaoine a raibh spéis acu caint a thabhairt ar aon ghné de litríocht nó de chultúr na n-óg, teideal na cainte agus achoimre ar an ábhar a sheoladh isteach chuig Ríona agus a comhghleacaithe tamall ó shin.

Anois, tá sé sin go léir déanta agus tá clár na comhdhála ar fáil ar an suíomh Gréasáin www.litriochtnanog.blogspot.com.

Cuirfear tús leis an gcomhdháil ar an Aoine ag 11.30rn, uair a mbeidh fáiltiú agus clárú ar siúl. Is iad Harold Hislop, Príomhchigire ón Roinn Oideachais agus Scileanna, agus Mary Shine Thompson, ceannródaí agus saineolaí litríocht na n-óg, a osclóidh an chomhdháil go hoifigiúil ag 11.45, agus tosóidh an chéad seisiún cainte ag meán lae.

I measc na gcainteoirí a bheidh ag tabhairt léachta agus ag plé ceisteanna éagsúla thar an dá lá, beidh Máire Mhic Mhathúna, Mairéad Mac Con Iomaire, Pádraig Ó Héalaí, Deirdre Nic Mhathúna, Iarla Mac Aodha Bhuí, Tadhg Mac Dhonnagáin, Áine Ní Ghlinn, Eilís Ní Dhuibhne, Andrew Whitson agus Ríona Nic Congáil í féin.

Pléifear réimse leathan ábhair ag an gcomhdháil, agus tá éagsúlacht iontach idir na cainteoirí agus na rannpháirtithe ar fad. Ar an Aoine ag 6.30in, seolfaidh Máire Nic Mhaoláin an leabhar *'Codladh Céad Bliain: Cnuasach Aistí ar Litríocht na nÓg'*, bunaithe ar na cainteanna a tugadh ag an gCéad Chomhdháil Idirnáisiúnta ar Litríocht na nÓg (2011). Is mór an éacht é go bhfuil leabhar dá chineál foilsithe cheana féin, laistigh de bhliain, agus tá an-suim agam féin an leabhar a fheiceáil agus a léamh. Beidh an seoladh leabhair ar siúl sa seomra foirne agus tá fáilte roimh chách.

Maidin Dé Sathairn, beidh 'bricfeasta liteartha COMHAR' ar siúl. Is iad Laoise Ní Chléirigh, Seán Ó Dubhchon agus Órla Ní Chuilleanáin a bheidh ar an bpainéal don imeacht seo, agus beidh Ríona Nic Congáil mar Chathaoirleach.

Beidh le feiceáil céard a tharlóidh ag an imeacht seo, ach tá cuma spéisiúil air agus táim ag tnúth go mór le fáil amach an mbeidh bricfeasta ar fáil don lucht éisteachta, ach seans go bhfuilim rud beag ródhóchasach faoi sin!

An teideal atá ar aoichaint Éilís Ní Dhuibhne ná 'Na Deartháireacha Grimm agus sinne: tionchar scéalta Jacob agus Wilhelm Grimm ar litríocht na bpáistí agus béaloideas na hÉireann'. Táim ag súil go mór leis an gcaint sin ach go háirithe, mar go bhfuil an-dúil agam i scéalta na ndeartháireachta Grimm.

Beidh seoladh leabhair eile ar siúl i rith na comhdhála seo freisin. Seolfaidh Siobhán Parkinson, Laureate na nÓg an pictiúrleabhar nua *'Ó Chrann go Crann'* le Caitríona Hastings agus Andrew Whitson, ag 4.45in ar an Satharn. Díreach ina dhiaidh sin, ag a cúig a chlog, tabharfaidh an t-ealaíontóir Andrew Whitson é féin aoichaint, agus níl aon amhras ach go mbeidh neart daoine ag iarraidh éisteacht leis an méid a bheidh le rá aige.

Beidh mé féin ag tabhairt aoichaint ag an gcomhdháil freisin, agus táim ag tnúth go mór leis, caithfidh mé a rá. Beidh sé iontach a bheith i measc an oiread sin daoine suimiúla, éirimiúla, agus is cúis dóchais atá ann do litríocht na n-óg sa tir seo, go bhfuil ócáid mar seo ar siúl.

Tiocfaidh críoch le himeachtaí na comhdhála tráthnóna Dé Sathairn, ach beidh Dinnéar na Comhdhála ar siúl ag a sé an oíche sin agus is cinnte go mbeidh neart spraoi agus díospóireachta ag tarlú ansin chomh maith.

Thug Foras na Gaeilge agus Coiste Taighde Choláiste Phádraig tacaíocht don chomhdháil seo, agus ná déan dearmad gur féidir clár iomlán na comhdhála a fheiceáil ar www.litriochtnanog.blogspot.com.

Dara Ó Cinnéide le Sraith Nua Leabhar, SEACHAIN!, a Sheoladh



Dara Ó Cinnéide

SEOLFAIDH Dara Ó Cinnéide, an peileadóir Ciarraíoch, láithreoir agus tráchtaire spóirt ar TG4 agus RTÉ, sraith nua leabhar greannmhar dar teideal 'Seachain!' ar an Aoine an 2 Márta ag 4.30in. Beidh an ócáid ar siúl i Siopa Leabhar Eason, Sráid na Siopaí, Gaillimh.

Ar léitheoirí 7-12 bliain atá an tsraith dírithe. Tugann gach leabhar cuireadh don léitheoir a theacht ar thuras samhailteach siar san am agus páirt a ghlacadh in imeachtaí éagsúla de chuid na staire. Is iad Futa Fata atá ag foilsiú na sraithe seo, ina bhfuil cúig theideal ar fad. Beidh trácht an lá sin ar Chiarraíoch cáiliúil eile seachas Dara Ó Cinnéide - sin é laoch Abhainn an Scáil, Tom Crean, fear a sheol cúpla uair chuig an Antartach. Sa leabhar Ná seol chuig an Antartach le Shackleton déantar cur síos ar na heachtraí contúirteacha a bhain leis an turas sin ó dheas.

I láthair ar an lá beidh an fhoireann chumasach aistritheoirí a rinne athchruthú ar na leaganacha Gaeilge de na leabhair seo. Déanfaidh siad cur síos ar na blúirí eolais is greannmhaire agus is aistí a d'fhoghlaim siad agus iad ag obair ar na leabhair. Beidh fáilte ar leith roimh léitheoirí 7-12 bliain agus ar a muintir leis an tsraith álainn seo a chur i láthair agus a cheiliúradh linn.





Babhta le Binjí ag ceiliúradh Sheachtain na Gaeilge

LE Seachtain na Gaeilge a cheiliúradh i mbliana tabharfaidh údar agus maisitheoir an leabhair 'Binjí - Madra ar Strae,' Patricia Forde agus Brian Fitzgerald, cuairt ar shiopa leabhar, Hodges Figgis, Sráid Dhásain, Baile Átha Cliath. Beidh siad ag léamh agus ag tarraingt, ag cumadh agus ag cruthú, agus tá fáilte mhór roimh pháistí óga, a dtuismitheoirí nó múinteoirí a bheith leo. Is é Binjí - Madra ar Strae an dara leabhar ón mbeirt ealaíonta seo atá foilsithe ag Futa Fata. Tháinig 'Cití Cearc' ó Phatricia agus is é Brian a mhaisigh 'Cócó an Colgán Cairdiúil'.

Buail isteach chucu ar an Máirt 6 Márta, ag 11.30rn tráth a mbeidh siad ag cur Binjí in aithne dhaoibh agus ag míniú cén chaoi gur tháinig Patricia aníos leis an scéal agus cén inspioráid a bhí ag Brian agus é ag cruthú íomhá carachtair an mhadra ghrámhair, Binjí! Cead isteach saor in aisce agus fáilte roimh chách.

Crosfhocal 29.02.2012



NODANNA

TRASNA

1 Ar an -----, láithreach, gan mhoill (5)
5 Mar a bheifeá ar lá geimhridh (4)
7 Buail le do chos (3)
8 Cuir chun báis, mar a rinneadh le Caoimhín de Barra (8)
9 Áit ina gcónaíonn ainmhí fiáin (6)
12 Go rialta, arís agus arís (5)
14 Mair, a chapaill agus gheobhaidh tú ___ (4)
15 Scian, claíomh mar shampla (4)
19 Caol, gan a bheith ramhar (7)
24 I ndiaidh teacht ar ais arís (6)
26 Ag tabhairt fabhair nó buntáiste do thaobh amháin i ndíospóireacht

SÍOS

2 Go dona, gan mhaitheas (3)
3 Camchuairt (5)
4 Leabhar ina bhfaighfeá brí focal (7)
5 Faigheann tú é seo i do bhéal.. pianmhar nuair a bhíonn sé lofa (7)
6 Reachtaíocht agus dlí ón Rialtas (4)
7 Beirt pháistí, a rugadh ag an am céanna (5)
10 Caora óg (3)
11 Eamon Gilmore? (8)
12 Tagann sé i ndiaidh na hoíche (6)
13 Comhrá, labhairt (5)
16 Seal, tréimhse (6)
17 Gan cumas radharc na súl (4)
18 Deartháireacha do mháthar nó d'athar (6)
23 Ceann singil, an chéad uimhir (3)
25 An duine, an pearsa (2)

Crosfhocal
22.02.2012

Buaiteoir na Seachtaine seo:

Síobhán Ní Shíthigh
Co an Chláir

Duais na seachtaine

Bronnfar dearbhán €20 urraithe ag Cló Iar-Chonnacht ar bhuaiteoir na seachtaine.

Ní mór iarratais a bheith ar ais roimh 05.03.2012 chuig: *Crosfhocal, Gaelscéal, 15 Sráid an Mhargaidh, Gaillimh.*

Ainm .....

Seoladh .....

.....

Fón..... Rphost.....

Indreabhán, Conamara, Co. na Gaillimhe. Tel. +353-91-593307
www.cic.ie

An focal deireannach

Le Síle Ní Bhraonáin

Coinnigh an Óige!

TÁ gasúir an lae inniu i bhfad níos sinne agus i bhfad chun cinn sa saol ná mar a bhí mé fhéin agus mé ag fás aníos. Ní raibh a fhios agamsa nuair a bhí mé dhá bhliain d'aois céard ba cianrialú ann, ní hé amháin é a úsáid.

Anois, tá gasúir bheaga nach bhfuil fiú ag siúl in ann a dhul isteach go "Sky Plus" agus a gcuid cartúin a fheiceáil gan cúnamh ar bith óna muintir.

Agus tá siad níos fearr ag úsáid fóin phóca ná tá daoine fásta. Ní hé go n-aontaím gur cheart fóin phóca a bheith ag gasúir ach is iontach go bhfuil siad chomh cliste is atá ar bhealaí áirithe.

Ach tá roinnt cásanna ann nuair a cheart ligean do ghasúir a bheith ina ngasúir. Na laethanta seo tá cailíní beaga, go háirithe, i bhfad róthógtha suas leis an gcaoi a mbreathnaíonn siad, nó an chaoi a gceapann siad gur chóir dhóibh breathnú. Ach ní féidir an locht i ndáiríre a chur orthu féin.

Tá domhan craiceáilte seo na háilleachta le feiceáil i ngach áit. Bhí mé ag breathnú ar chlár ar an teilifís ina raibh ceathrar cailíní óga, thart ar cheithre bliana déag d'aois, á n-iompar féin ar nós go raibh siad sna fichidí.

Chuaigh an cheathrar amach i gcomhair lóin le chéile agus chosain an 'lón' seo beagnach dhá chéad punt. Bhí siad ag ól sú oráiste amach as gloiní criostail fionna! Níl sé sin ceart.

Rud eile a chuireann as dhom fhéin go pearsanta ná comórtais áilleachta do pháistí chomh hóg le dhá bhliain d'aois.

An bhfuil páistí na linne seo ag fás rosciobtha?

Bíonn na creatúir bhochta gléasta i ngúnaí móra ildathacha agus iad ag caoineadh mar gheall go bhfuil siad chomh míchompordach agus tuirseach.

Lena chois sin, bíonn siad clúdaithe le donnú bréige, cuirtear fiacla bréige ina mbéal agus bíonn orthu seasamh os comhair cailíní beaga eile nach bhfuil uathu ach an choróin a bhuachaint.

Níor cheart go mbeadh a fhios ag gasúir chomh hóg sin cén difríocht atá idir meangadh gháire ceart agus meangadh mícheart, mar níl aon difríocht ann!

Níl a fhios agam cé air atá an locht, ach ní dóigh liom gur ar na gasúir bheaga atá sé.

Cé gur breá liomsa smideadh agus éadaí deasa anois, bhí níos mó suim agam agus mé i mo pháiste a bheith taobh amuigh ag tógáil 'hide-out's' le mo dhearthair agus mo chuid col ceathracha agus sean-éadaí á gcaitheamh againn. Rósciobtha a fhásann muid suas, mar sin bíodh an óige ag an aos óg.

Faisnéis do Shaoránaigh

LÓ-GHLAO
1890 777 121
Luan go hAoine 9rn go dtí 9rn

Bíodh Eolas agat ar do Chearta: Cáin ar íocaíochtaí leasa shóisialaigh

Ceist:

Is ar éigean a thuigim conas a ghearrtar cáin ar íocaíochtaí leasa shóisialaigh. An féidir é a mhíniú dom?

Freagra:

MÁ tá íocaíocht leasa shóisialaigh agus foinse eile ioncaim agat, b'fhéidir go mbeidh ort cáin a íoc ar d'ioncam iomlán. Níl roinnt íocaíochtaí leasa shóisialaigh incháinithe, ach tá an chuid is mó d'íocaíochtaí fadtéarma, ar nós pinsin seanaoise nó pinsin bhaintrí. Ina theannta sin, tá Sochar Breoiteachta agus Pinsean Easláine incháinithe.

Déantar d'íocaíocht incháinithe leasa shóisialaigh agus d'ioncam eile a shuimiú le chéile. Gearrtar cáin ort ar an tsuim iomlán. Níl aon mheicníocht ann chun cáin a ghearradh ar do phinsean leasa shóisialaigh ag an bhfoinse (sula n-íoctar leat é). Deimhníonn d'ioncam eile an méid cánach atá le híoc.

Mar shampla, tá Pinsean Stáit (Ranníocach) á fháil agat mar aon le pinsean gairme. Déantar cáin a ghearradh ar do phinsean gairme tríd an gcóras ÍMAT ar an mbealach céanna a ghearrtar cáin ar phá nó ar thuarastal. Ciallaíonn seo go bhfaigheann tú do chuid creidmheasanna cánach ar an ngnáthbhealach.

D'fhonn cáin a ghearradh ar do phinsean leasa shóisialaigh, laghdaíonn an dliteanas cánach ar do phinsean leasa shóisialaigh do chreidmheasanna bliantúla cánach. Go héifeachtach, íocann tú, dá bharr sin, cáin ar an dá phinsean, ach bailítear é ón bpinsean gairme.

I dtaca le hioncaim níos airde, laghdófar scoithphointe an ráta chaighdeánaigh freisin. Is é an téarma teicniúil don nós seo codú creidmheasanna. Cuirtear an nós imeachta céanna i bhfeidhm má tá ioncam agat ó phost mar aon le pinsean leasa shóisialaigh.

Mura ndéanfaí códú ar do phinsean leasa shóisialaigh, bheadh cáin le híoc air ina chnapshuim faoin 31 Deireadh Fómhair gach bliain mar dhuine féinfhostaithe.

Mura n-íocann tú cáin ar an bhfoinse eile ioncaim atá agat tríd an gcóras ÍMAT, cuir i gcás go bhfuil pinsean gairme agat ó thír thar lear nó ioncam infheistíochta eile, cuirtear thú san aicme féinfhostaithe agus tá do cháin iníoctha go bliantúil trí fhéinmheasúnú, a bhíonn le híoc faoin 31 Deireadh Fómhair gach bliain.

Tá tuilleadh eolais le fáil ón Ionad Faisnéise do Shaoránaigh thíos.

Chuir Ionad Faisnéise do Shaoránaigh 'Bíodh Eolas agat ar do Chearta' le chéile. Cuireann an tIonad seo seirbhís in aisce agus faoi rún ar fáil don phobal. Tá faisnéis le fáil freisin ar líne ag citizensinformation.ie agus ón tSeirbhís Teileafóin um Fhaisnéis do Shaoránaigh, Íosghlao 1890 777 121.

CÚRSAÍ SACAIR: SRAITH AIRTRICITY 2012'

Sraith 2012 buailte linn an Aoine seo!

Daithí Mac Tighearnáin

SEO a leanas mar a chríochnaigh Príomhshraith 2011: Ruagairí na Seamróige 77 pointe; Ruagairí Shligigh 73 ; Cathair Dhoire 68; Luthchleas Phádraig Naofa 63; Na Bóithéamaigh 60; Fánaithe Bhré 51; Dún Dealgain 44; Colaiste na hOllscoile BÁC 34; Droichead Átha 26; Gaillimh Aontaithe 6. Cuirfear na clubanna a fuair ardu céime anuraidh: Cathair Chorcaigh, Síol Broin agus Muineachán Aontaithe leis an ngrúpa seo, a bheidh gan Gaillimh Aontaithe - 12 chlub san iomlán. Tabharfaidh na clubanna aghaidh ar a chéile faoi thrí, 33 chluiche an fhoireann in iomlán.

Seo m'ainilís club ar chlub:

Ruagairí na Seamróige: Tá bainisteoir nua acu, Stephen Kenny, a bhfuil gach onóir inmheánach bainte aige cheana féin ina ré bainistíochta. Cé gur chaill said a mórréaltaí Pat Sullivan, a gcaptaen Dan Murray , Karl Sheppard agus a gcúlbáirí i rith an gheimhridh, shínigh said Graham Gartland, Conor Powell, Kerrea Gilbert, Colin Hawkins (cosantóirí), Daryl Kavanagh agus Killian Brennan atá uilig den chéad scoth, mar aon le cúlbáirí nua. Is club proifisiúnta iad i mbliana . Réamhaisnéis: Seaimpíní arís, cinnte

Ruagairí Shligigh: Is beag ama atá ag a mbainisteoir nua, Ian Baraclough, a ceapadh an tseachtain seo, dul i dtaithí ar chúrsaí. Is cailliúntí móra iad Richie Ryan agus Aaron Greene (chuaigh Greene go dtí na Ruagairí eile, níos measa fós!). An líonfidh na himreoirí nua Roald Boco (Benin), Pascal Millien (Haiti), imreoirí idirnaisiúnta araon; Ross Gaynor (a thainig ó Dhún Dealgan); Lee Lynch (ó Dhroichead Átha) David Cawley (ó Ipswich) an bhearna sin i gceart? Tá tosaithe níos fearr acu i mbliana - Andy North agus Mark Quigley. Réamhaisnéis: Tánaistí, áiteanna i Setanta, Sraith na hEorpa 2013.

Cathair Dhoire: Arís, bainisteoir nua. Tá Declan Devine ag Cathair Dhoire le fada ach níl aon taithí bainistíochta aige. Chaill siad na himreoirí ab fhearr a bhí acu: Eamon Zayed, Stuart Graecen, Daniel Rafferty agus Gareth McGlynn ó 2011. Thosaigh a dtosaí nua ,Rory Patterson go maith i gCorn Setanta. Réamhaisnéis: an ceathrú háit, Corn Setanta, 2013.

Lúthchleas Phádraig Naofa

Tá bainisteoir nua rathúil cruthaithe (proven), le hardtaithí, bainisteoir an chluiche álainn, Liam Buckley acu i mbliana. Tá scuad na Naomh athraithe aige ó bhun aníos. Tá cuid de na himreoirí ab fhearr a bhí ag na Bóithéamaigh 2011 aige - Murphy (cúlbáire), O'Brien, Rossiter, Fagan. Le cois, d'earcaigh sé Russell ó Ruagairí Shligigh agus Dean Kelly ó na Seamróga. Ach d'imigh réaltaí atá níos fearr ná iad siúd - Kavanagh, Bradley agus North. Réamhaisnéis: an tríú háit, Corn Setanta, Sraith na hEorpa 2013.

Na Bóithéamaigh

Arís, tá bainisteoir nua i gceist, ar bheagan taithí. Sa mhullach ar ar imigh go dtí na Naoimh, tá Brennan, Flood, Burns agus Cronin glanta leo freisin. Thainig O'Connor, Haines, Stewart,Pender agus McMillan ó na Naoimh; Joyce ó Reading agus Dave Rogers ó Dhroichead Átha. Ina n-iomlán, tá said níos laige ná anuraidh i mo thuairim féin. Ach bhí buanna iontacha acu v Port an Dúnáin(sa dara háit ó Thuaidh) agus as baile sa Setanta le déanaí. Réamhaisnéis: an cúigiú háit .

Scagfaidh mé na clubanna eile an tseachtain seo chugainn.

Na chéad chluichí - an Phríomhshraith: Doire v na Bóithéamaigh; Droichead Átha v RnaS (beo ar theilifís RTÉ2); na Naomh v Bré; COÁC(UCD) v Corcaigh; Muineacháin v Dún Dealgan; Síol Broin v Ruagairí Shligigh.

Roinn 1: Loch Garman v Port Láirge; Luimneach v Cláirsigh na Finne; Átha Luain v SD Gaillimh; Radharc na Mara (Mervue) v An Longfort.

Tairbhe McLean de bhuíochas ghliceas Trap

Cillian Ó Conchúir

MAR a deir an seanfhocal, an rud is annamh is iontach. I gcás fhoireann idirnáisiúnta na hÉireann agus Giovanni Trapattoni de, d'fhéadfadh mórán gnéithe a bheith i gceist; stíl ionsaitheach nach bhfuil ann, claonadh ar son imreoirí ar leith, imreoirí a fheiceáil ar DVD seachas ag na cluichí agus diongbháilteacht go mbíonn an ceart aige féin i gcónaí.

Ar dtús roghnaíodh James McLean an tseachtain seo caite mar chuid den foireann don cluiche cairdiúil in aghaidh Phoblacht na Seice.

Ansin, bhí Trapattoni le feiceáil ag na Hawthorns chun féachaint ar McLean ag imirt do Sunderland i gcoinne West Brom.

Roinnt seachtainí ó shin bhí Trapattoni a rá go raibh sé ag smaoineamh faoi McLean mar imreoir don todhchaí, ach anois, de réir cosúlachtaí, tá McLean á bhrú féin chun áit a bhaint amach ar an eitleáin chun na Polainne agus na hÚcráine.

An é go bhfuil Trapattoni tar éis smaoineamh ar na trí fhoireann atá amach romhainn le n-imirt (an Chróit, an Iodáil agus an Spáinn) agus gur tháinig pian ina ucht?

Ní hé seo an bainisteoir céanna a d'fhág Jon Dahl Tomasson agus Jesper Grønkjær ar lár nuair a bhí sé mar bhainisteoir ar Stuttgart toisc gur dúirt siad go raibh eagla air dul ar an ionsaí.

Ach, má chasaimid siar 30 bliain, roimh thús an tséasúir 1980/81 nuair a bhí Il Trap i gceannas ar Juventus, seans go bhfuil leid ann faoin smaoineamh taobh thiar de James McLean a thabhairt isteach. An t-am sin, bhí trí bliana caite ó bhuaigh Juventus an Scudetto, bhí Coppa Italia buaite acu dhá bhliain roimhe ach bhí lucht tacaíochta Juventus ag éirí corraitheach. Thuig Trapattoni gur séasúr cinniúnach a bhí ann dó agus go raibh air rud éigin a dhéanamh chun iad a shásamh.

James McClean ag traenáil le foireann Phoblacht na hÉireann roimh an chluiche le Poblacht na Seice anocht. [PIC : DAVID MAHER / SPORTSFILE]

Cheannaigh sé ceann de na himreoirí ba mhó tallainne a bhí ag dul chun cinn ag an am, Liam Brady. Tháinig feabhas láithreach ar an bhfoireann; bhuaigh siad an tsraith dhá bhliain as a chéile agus bhí 'An tSeanbhean' (mar a thugtar ar Juventus) ar ais ar bharr a maitheasa san Iodáil.

Ar an eolas sin, b'fhéidir go bhfuil a fhios ag Trapattoni go mbeidh ar Éirinn, gné eile dá cluiche a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar an Spáinn, an Iodáil agus an Chróit. B'fhéidir go dtuigeann sé nach mbeidh deis ag Éire déanamh go maith i gComórtas na hEorpa nuair atá leithéidí Keith Andrews agus Glenn Whelan ag casadh a droim nuair a thugann siad an liathróid uathu.

Níl aon amhras ach go bhfuil McLean ag dul i bhfeabhas agus taispeántas i ndiaidh taispeántais á chur isteach aige do Sunderland.

Faoin am a mbeidh na craobhchomórtais ann, beidh leathshéasúr iomlán déanta aige ar an gcéad fhoireann faoi Martin O'Neill.

Níl Damian Duff ná Aidan McGeady ar bharr a gcluiche faoi láthair agus faoi deireadh an tséasúir, d'fhéadfadh McLean é féin a bhrú chun áit a bhaint amach ar an gcéad fhoireann.

Caithfidh go dtuigeann Trapattoni, le imreoir ar caighdeáin McLean, go gcaithfidh sé ról ionsaitheach a thabhairt dó, agus le teacht McLean, ardaíonn sin líon na n-imreoirí ar an bhfoireann idirnáisiúnta a d'imir i bpríomhroinn na hÉireann go seachtar; David Forde, Stephen Ward, Seamus Coleman, Keith Fahey, Kevin Doyle, Shane Long agus anois James McClean. Tá gliceas sa mhéid atá déanta ag Trapattoni.

Nuair a bhí McLean ag imirt go maith, níor thaispeáin Trapattoni aon suim ann. Dúirt sé nach raibh sé ag féachaint lasmuigh den fhoireann a bhí aige, an foireann a bhain cáilíocht don comórtas amach.

Ag an am céanna luaigh sé go raibh sé chun súil a coimeád ar imreoirí cosúil le McLean ar eagla go dtarlóidh gortú d'imreoir éigin. Ach más éacht atá sa mhéid atá déanta ag McLean tá rabhadh ann dó chomh maith. Níl aon maoithneachas i gceist le Trapattoni.

Ní gá ach féachaint ar Andy Reid, Kevin Kilbane agus Liam Brady fiú, ain ainneoin ar thug sé siúd do Juventus. Cuimhnigh gurbh é é Brady a scóráil an chic éirice ar an lá deireanach den séasúr a bhuaigh an tsraith Iodálach do Juventus ina dhara bliain ag imirt dóibh, ach fós féin ba é sin an éacht deireadh a rinne sé sular díoladh é le Sampdoria mar gur chreid Trapattoni nach raibh áit ag Brady ar an bhfoireann le teacht Michel Platini agus Zbigniew Boniek. Seans gur rabhadh é sin don foireann ina iomláine.

Nuair atá Trapattoni tar éis an-chuid a fháil as imreoir agus má cheapann sé go bhfuil a rás rite, níl ann ach glacadh leis an gcinneadh a thiocfaidh ina dhiaidh sin. Ach tá sé tar éis Éirinn a thabhairt ar ais go chuig craobhchomórtas tar éis 10 mbliana san fhásach.

B'fhéidir gur chóir sochar an amhrais a thabhairt dó.

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 29 Feabhra, 2012

Ar an gclaí

Le John Allen

"Sa bhliain 2012, is cath idir Chorcaigh agus Luimneach arís é!"

Niall Burke, Gaillimh, ag dul in iomaíocht le Shane Durkin, Baile Átha Cliath, Sraith Iomána Allianz, Roinn 1 A. Bhain Gaillimh 0-20 go 0-13 [PIC : STEPHEN MCCARTHY / SPORTSFILE]

BUÍOCHAS le Dia go bhfuil an séasúr iomána idirchontae tosaithe. Tá níos mó tábhachta ag baint le gach cluiche sraithe i mbliana mar nach bhfuil ach cúig cluiche geallta i gcomparáid le seacht cinn anuraidh.

I roinn 1A, chuir Corcaigh agus na Déise tús le cúrsaí faoi shoilse ar an Satharn i bPáirc Uí Rinn. Caithfidh go raibh na leantóirí baile thar a bheith sásta leis an dtaispéantas agus a bhfoireann ag teacht slán le dhá phointe luachmhara ina gcéad cluiche sraithe. Scóráil Corcaigh trí chúl sa chéad leath agus cé gur imir na Déise níos fearr sa dara tréimhse ní rabhadar ábalta an bearna a dhéanamh suas. Mar sin, tús maith d'fhoireann óg Chorcaí faoi stiúir an laoch JBM. Ach cheana féin tá anbhrú ar Phort Láirge agus Cill Chainnigh ag teacht ar cuairt chucu don chéad cluiche eile agus ansin iad ag taisteal go Tiobraid Árann.

Ar an Domhnach, chuir Cill Chainnigh comhartha buan os ár gcomhair gurb iad an fhoireann is fearr sa tír iad i láthair na huaire. Bhíodar anláidir agus cliste ar an liathróid, (cé gur chuireadar a lán amú), agus iad i bhfad rómhaith do Thiobraid Árann.

Sa cluiche eile ar an Domhnach, d'imir an Ghaillimh ó thosach deireadh agus thaispéanadar nach mbeidh siad i bhfad ón marc nuair a bheidh na duaiseanna á mbronnadh níos déanaí sa bhliain. Chuireadar Baile Átha Cliath faoi bhrú ó thosach an cluiche agus is cinnte go bhfuil an bainisteoir nua, Anthony Cunningham, thar a bheith sásta lena imreoirí óga.

I roinn 1B, tháinig an Clár ar cuairt chuig Páirc na nGael i Luimneach agus mhúin siad ceacht don fhoireann baile.

Thosaigh Luimneach ar luas lasrach agus sa chéad cheathrú bhí an chuma ar an scéal go mbeadh an oíche leo agus iad seacht gcúilín chun cinn ach ina dhiaidh sin ní raibh ach fhoireann amháin chun tosaigh agus b'shin an Clár. Bhuadar gach cath pearsanta, chuireadar an sliotar timpeall go tapa agus scóráileadar carn mór cúilíní den scoth chomh maith le dhá chúl.

Ar an dtaispéantas sin bígí ag faire amach d'fhoireann Davy Fitz. Tá a fhios agamsa go bhfuil an t-uafás le déanamh ag Luimneach chun go mbeidís réidh dos na craobhchluichí agus fad is atá beocht ann tá dóchas ann.

Tá briseadh ann an deireadh seachtaine seo agus ansin beidh ceithre cluiche i ndiaidh a chéile ag gach contae, ag críochnú ar Lá na nAmadán.

Beidh níos mó eolais againn ansin ar chúrsaí agus sinn ag ullumhú dos na cluichí craoibhe.

Beidh an-deireadh seachtaine iomána i gCorcaigh ag tosú an Aoine beag seo nuair a rachaidh na foirne is fearr tríú léibhéil chun páirce chun na craobhchomórtais go léir a críochnú. .

Ar ndóigh an ceann is mó a bheidh á imirt ná Corn Mhic Giobúin. Tá an Corn seo ainmnithe i ndiaidh an Dochtúir Mhic Ghiobúin a bhí ina Caipisíneach agus ina léachtóir le Fealsúnacht i gColáiste na hOllscoile Corcaigh ó 1911 go dtí 1936. Deirtear gur chaith sé an chuid is mó dá thuarastal bhliantúil i 1912 chun an Corn luachmhar seo a cheannach.

Sa bhliain 2012, is cath idir Chorcaigh agus Luimneach arís é. Bhí na ceithre fhoireann céanna sna cluichí leathchraoibhe anuraidh . Tá U.L agus LIT ag imirt ar son Cathair an Chonartha agus UCC agus CIT ar son na nDaonlathach Cois Laoi agus an dá IT ag imirt a chéile i leathchraobh amháin.

Chonaic mé chuid mhaith des na cluichí sa chomórtas go dtí seo agus bhí ardchaighdeán iomána le feiscint i gcoitinne go dtí seo. Tá cuid mhaith imreoirí sinsir agus faoi fiche haon idirchontae ar gach foireann.

Fuair imreoir iontach na Gaillimhe, Joe Canning, drochghortú gualainne sa cluiche ceathrú craoibhe a bhí ag LIT i gcoinne GMIT an tseachtain seo caite agus mura mbeidh sé ar fáil ar an Aoine beidh an-bhrú ar a fhoireann fáil isteach sa chraobh ar an Satharn.

Bhí ardchluiche ag UCC agus UCD seachtain ó shin. Ag an deireadh bhí na leaids cois Laoi róláidir ach scóráil imreoir Bhleá Cliath, Liam Rushe, cúl agus cúilín dochreidte do UCD, an cúl faighte aige agus lámh amháin aige ar an gcamán agus an cúilín faighte ón taobhlíne. Déarfadh an tráchtaire CLCG, Brian Tyres, "Dia linn is Muire" fúthu, bhíodar chomh maith san.

Ar ndóigh, beidh na foirne go léir ag déanamh a seacht ndícheall an Corn luachmhar a thabhairt leo ach b'fhéidir go mbeidh UCC ag cur píosa leis sin mar gurb iad atá ag láithriú na gcomórtas go léir an deireadh seachtaine seo.

Bheadh sé go hiontach dóibh an Corn a choimeád sa bhaile, go háirithe agus an comóradh céad bliain ar siúl i mbliana.

Mar sin, má tá fonn ort féachaint ar scoth na hiomána an deireadh seachtaine seo déan do bhealach chuig an chathair cois Laoi agus táim cinnte nach mbeidh díomá ort. Tá súil agam go bhfanfaidh an aimsir tirim dóibh agus an Márta tagtha

Todhchaí breá i ndán do réaltaí óga

Cillian Ó Conchúir

Bhí líon mór de bhunús réaltaí iománaíochta sna míonna seo romhainn le feiceáil ag tús Shraith Náisiúnta Iomána Allianz. Thug taispeántais ó dhéagóirí Chorcaigh agus na Gallimhe le fios go mbeidh iomaíocht níos géire le fáil ag Cill Cheannaigh sna blianta atá ag teacht.

Ach fós féin b'iad na Cait a leag síos an dúshlán lena bua in aghaidh Tiobraid Árann, 2-17 in aghaidh 0-15. In ainneoin go raibh Henry Shefflin agus Richie Hogan in easnamh ar Chill Cheannaigh ba é Richie Power sárimreoir an cluiche agus 1-11 faighte aige, agus is beag a bhí foireann Declan Ryan in ann a dhéanamh faoi. Díol spéise gur tugadh a gcéad chluiche do Donagh Maher agus Adrian Ryan i ngeansaí Tiobraid Árann don choimhlint seo. Tabharfaidh Tiobraid Árann aghaidh ar Ghallimh sa chéad babhta eile, cluiche a d'fhéadfadh deireadh scioptha a cur le sraith iomána na bliana seo do Declan Ryan agus gan imithe ach dhá cluiche.

Cé gur 'cath bainisteoirí nua' a bhí i gceist le ceithre cluiche ina raibh an bheirt bhainisteoirí ag glacadh ceannasaíocht foirne den chéad uair sa tsraith, b'iad na himreoirí óga a bhí chun tosaigh sna ceannlínte.

Corcaigh

I bPáirc Uí Rinn d'fhill Jimmy Barry Murphy ar an bhainistíocht ina chéad chluiche iomaíoch ó chaill sé cluiche leathcheannais na Mumhan i gcoinne Uíbh Fhailí i 2000. Dá chéile comhraic, Michael Ryan, ní fhéadadh sé samhlú gur a mhalairt de thoradh a bheadh ann. Le Noel Connors, Aidan Kearney agus Shane O'Sullivan in easnamh ón líne cosantaagus Maurice Shanahan ó na tosaithe, bhí dúshlán roimh na Déisigh sular thosaigh an cluiche in aon chor.

Ach cé gurb é seo an chéad phost bainistíochta idirchontae ag Ryan, bhí cuma mhaith ar a fhoireann. Bhíodar trí phointe chun tosaigh sular aimsigh Corcaigh cúilín. B'shin buaicphointe an lae, áfach, nuair a nochtaigh Corcaigh fadhbanna cosanta na nDéisigh. Beidh Barry Murphy sásta le cé chomh spleodrach is a bhí tosaithe Corcaigh agus an déagóir, Conor Lehane, ach go háirithe. D'aimsigh an mac léinn céad bhliana i UCC seacht gcúilín, cúilín iontach agus é ar a ghlúine ina measc. Bhí sé lárnach i bhfoireann UCC atá tar éis leathchraobh na hÉireann do mhic léinn céad bliana a bhaint amach, agus ba é a fuair an cúilín a chothromaigh an cluiche chun é a thabhairt go ham breise. Le tús curtha lena ré mar imreoir idirchontae, is cinnte go bhfuil todhchaí iontach amach roimhe.

Gaillimh

Bhí foireann iomána Bhaile Áth Cliath in ainm sa bheith ag dul in iomaíocht le Cill Cheannaigh i mbliana. Má tá súil acu ar Chorn Liam MacCarthaí, beidh orthu feabhsú ar thaispeántas na seachtaine seo. Bhí easpa fuinnimh le braith i bhfoireann Anthony Daly agus leis na gortuithe a bhí ar Liam Rushe agus Peter Kelly, léiríodh go bhfuil doimhneacht in easnamh ar fhoireann Bhaile Áth Cliath. I gcéad cluiche sraithe Anthony Cunningham mhúch a chuid imreoirí solas na beatha in Áth Cliath agus cé nach raibh siadsan ach pointe amháin chun deireadh ag an mbriseadh, chuir imreoirí óga Chunningham deireadh tapa leis an cluiche mar chomórtas sa dara leath. Ógánach eile, Niall Burke, a bhí ag stiúradh na Gaillimhe agus 10 pointe faighte aige ar deireadh an chluiche.

D'imir ochtar den fhoireann faoi 21 a ghnóthaigh Craobh na hÉireann an bhliain seo caite agus chuir Cunningham beirt eile acu chun páirce mar fir ionad. Bhí mórán amhrais ar dhaoine nuair nár tugadh captaen na bliana seo caite, Damien Joyce, agus an t-iar-All-Star, Ger Farragher, chun páirce roimh thús an tséasúir. Níl aon duine ag ceapadh go mbeidh Corn Mhic Carthaí ag filleadh ar Chontae na Gaillimhe i mbliana ach is tús maith é seo do Chunningham. Mar aon le Niall Burke, léirigh Conor Cooney (0-4) agus James Reagan (0-3) ceannasaíocht chun tosaigh fad agus bhí Niall Donoghue díograiseach sna tacaithe. Le Joe Canning le filleadh, beidh Cunningham ag ceapadh gur féidir lena fhoireann dul in iomaíocht le haon fhoireann sa tsraith agus sa chraobhchomórtas sa samhradh.

Cath na mbainisteoirí nua

D'fhill Davy Fitzgerald ar an Chlár chun bainistíocht na foirne a thógáil air féin. Fuair sé an lámh in uachtar ar bhainisteoir nua Luimnigh, John Allen. Bhí bua eile ag muintir an Chlár nuair a fuair Ollie Baker an ceann is fearr agus é i gceannas ar Uíbh Fhailí i gcoinne Laois a bhí faoi stiúir Teddy McCarthy.

Sa chath deireanach idir na bainisteoirí nua, bhuaigh Aontroim faoi Jerry Wallis ar fhoireann Phort Láirge faoi cheannas Liam Dunne.

Eoin Larkin, Cill Chainnigh, ag dul i ngleic le Shane Maher as Tiobráid Árann Dé Domhnaigh. Bhí an bua ag na Cait 2-17 in aghaidh 0-15 [PIC : MATT BROWNE / SPORTSFILE]



An laoch Gaelach ar ais arís : Seán Óg Ó hAilpín ag imirt le Corcaigh in aghaidh Phort Láirge Dé Sathairn seo chuaigh thart. Bhain Corcaigh 3-17 go 0-18 [PIC : MATT BROWNE / SPORTSFILE]

Cian Dillion, an Clár, i mbun iomána le Niall Ó Móráin, Luimneach. Bhain an Clár 2-24 in aghaidh 1-13 [PIC : SPORTSFILE]

Filleadh na nIarlaí!

Labhraíonn **Keith Earls**, Mumhain agus Éire, le **Cillian Ó Conchúir**

Níl sé éasca a theacht isteach in áit imreora lárnaigh agus an áit sin a bhaint amach duit féin, ach sin go díreach a dhein Keith Earls. Agus gortú ag cur deireadh le séasúr Bhrian O'Driscoll sular thosaigh sé, roghnaíodh Keith Earls chun áit Bhrian a thógáil do Corn na Sé Náisiún.

Ach sula raibh deis aige an geansaí a chaitheamh, rugadh Ella May, iníon Earls agus tharraing sé amach ón fhoireann nuair a bhí sí tinn.

"Cúpla seachtain chorraitheacha iad seo dom," a deir Earls.

"B'é an mothúcháin ab fhearr ar domhain é nuair a rugadh í ach bhain tinneas di agus ba dhá seachtain dheacra a bhí ann dom féin agus do mo pháirtí. Buíochas le Dia, tá gach rud ceart anois agus táimid á gcoimeád suas istoíche aici."

Nuair a bhí Ella May slán, agus é ag tnúth le aghaidh a thabhairt ar an Fhrainc, tharla éigeandáil Phárais agus bhí air Earls fanacht coicís eile chun aghaidh a thabhairt ar an Iodáil.

"Bhí sé deacair féachaint air (an cluiche in aghaidh an Bhreatain Bheag) ar an teilifís, agus nuair a tháinig mé ar ais, cuireadh an cluiche i gcoinne na Fraince ar ceal. Dom féin go pearsanta, bhí sé go maith dom a bheith ar ais.

Cúig seachtainí a bhí ann ón uair dheireanach a d'imir mé agus ba cluiche crua é agus bhain mé taitneamh as, an dara leath ach go háirithe." Ach seans go bhfuil Éire in áit níos fearr anois ná mar a bhíodar tar éis an chluiche i gcoinne na Bhreataine Bige.

Le bua 42-10 in aghaidh na hIodáile, tugadh le fios go bhfuil beocht fós fágtha i bhfoireann Declan Kidney. "Tar éis an chluiche i gcoinne na Breataine Bige, bhí na himreoirí ag iarraidh dul amach ansin agus taispeántas níos fear a thabhairt.

Ba toradh mór é sin dúinn agus nóta maith atá ann sula dtugaimid aghaidh ar an Stade de France. Ghlac Earls áit Bhrian O'Driscoll i lár na líne cúil in éineacht le Gordan D'Arcy agus beidh siad in éindí lenaa chéile arís in aghaidh na Fraince.

"Ní dóigh liom go mbíonn drochchluiche riamh aige. Bíonn ionchas ard aige as féin. Is imreoir den scoth é, imreoir maith chun an liathróid a fháil uaidh agus imreoir a bhfuil muinín agam as. D'imir muid go maith le chéile ag dul chun tosaigh.

Bhris muid líne cosanta na hIodáile cúpla uair agus ní raibh aon fhadhb again ag cosaint. Níor imir muid le chéile roimhe seo agus bíonn Drico taobh leis de ghnáth. Tógfaidh sé am ach tá muinín againn as a chéile." Nach suimiúil an difríocht atá ann ó dheireadh Chorn an Domhain. Bhí Earls thíos ann féin tar éis don Bhreatain Bheag Éire a dhíbirt ón chomórtas.

Ní raibh lá ró-iontach ag Earls agus bhí a fhios sin aige. In ainneoin gur dhírigh sé air sin, d'fhill sé ar Chúige Mumhan agus bhí ceist aige do Tony McGahan. "Labhair mé le Tony McGahan nuair a d'fhill mé ó Chorn an Domhain. D'iarr mé air an bhféadfainn imirt ag uimhir 13, mar gur mhothaigh mé compordach ann agus gur theastaigh uaim a bheith níos fearr ó thaobh na cosanta de agus muinín a fháil ann. Ghlac sé leis sin, ach bhí orm a chruthú dó go mbeinn fiúntach ann. Thug sé deis dom, d'oibrigh mé go crua le linn traenáil agus tá cúrsaí go maith ó shin."

Ní gá ach féachaint ar stíl imeartha Earls chun a fháil amach go bhfuil sé ag díriú ar an taobh cosantach dá chluiche, ach mar a léirigh sé ar an Sathairn, tá an cumas fós ann úd a fháil nuair is gá. "Theastaigh uaim dul amach agus mé féin a chruthú, go bhfuilim lán ábalta áit Bhrian a thógáil dom féin agus gur uimhir 13 an áit dom.

Mhothaigh mé go maith ag cosaint i gcoinne na hIodáile agus sin gné a d'oibrigh mé air ó tháinig mé ar ais ó Chorn an Domhain. "Táim ag baint úsáid as Donnacha Ryan le linn traenála mar reithe cogaidh (battering ram). Caithfidh mé na rudaí bunúsacha a dhéanamh ar dtús seachas bheith ag iarraidh pasanna cinniúnacha a dhéanamh."

Ach cé gur chloígh Éire an Iodáil gan mórán deacrachta, is cinnte gur fathach éagsúil an Fhrainc agus níl mórán ama fágtha ag Earls le geansaí ODriscoll a thabhairt leis. "Táimid ag tabhairt aghaidh ar cheann de na imreoirí láir is fhearr ar domhan agus ceann de na comhpháirtíochtaí is fhearr.

Is imreoirí den scoth iad (Aurelien) Rougerie agus (Wesley) Fofana. Scrúdú eile ar fad a bheidh ann, ach tá muinín againn asainn féin." Tar éis don Fhrainc drochthaispeántas a thabhairt in aghaidh na hAlban ar an Domhnach, b'fhéidir gur rud maith é gur cuireadh an chéad cluiche ar ceal.

Más féidir le Declan Kidney bua a stiúradh in aghaidh na Fraince, beidh dearmad déanta faoin toradh san Aviva i gcoinne na Breataine Bige. Deis eile é an Domhnach chomh maith d'Earls, chun a léiriú do mhuintir na tíre gur leis geansaí a 13 do na blianta atá amach romhainn.



Keith Earls i mbun imeartha le Cúige Mumhan [PIC : STEPHEN MCCARTHY / SPORTSFILE]